OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Oifig na nOibreachta Poiblí
Tuarascáil Bhliantúil 2006

Contents

Focal ón Aire Stáit 02

Focal ón Chathaoirligh 03

Athbhreithniú Straitéiseach 2006 07
- Athbhreithniú Straitéiseach 08
- Cairt an Chustaiméara 15
- Tuarascáil an Choiste Comhpháirtíochta ar ghníomhaíocht sa bhliain 2006. 20

Athbhreithniú Oibríochtaí 2006 22
- Dílárú ar OOP 24
- Seirbhísí Bainistíochta Maoine 25
- Forléargas ar an Margadh 2006 25
- Aonad Bainistíochta Saoráidí agus Imrachtaí 32
- Seirbhísí Cothabháil Maoine 36
- Seirbhísí Bainistíú Tionscadail 38
  - Aonad Tionscadail Speisialta 44
- Seirbhísí Ailtireachta 47
- Seirbhísí Innealtóireachta 51
- Seirbhísí Oidhreachta 60
- Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais 65
- Seirbhísí Corparáideacha 66
  - Seirbhísí Pearsanra 66
  - An tAonad Oiliúna 66
  - An tAonad Eagrúcháin 67
    - Seirbhísí Dlí 68
  - Brainse na gCuntas 68
  - Rannóg an Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta 69
  - Seirbhisí Cuntasaíochta Bainistíochta 69
  - Iniúchadh Inmheánach 69
  - Bainistíochta Ealaíne 71
  - An Roinn Caidrimh Phoiblí 72

Athbhreithniú Airgeadais 2006 75
- Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh 78

Dámhachtainí Bronta ar Oifig na nOibreacha Poiblí, 2006 80

Taispeántais agus Ocáidí le linn 2006 82

Oifigí OOP ar fud na hÉireann 84

Íomhá ar an gclú tosach: Dun Aonghasa, Gaillimhe
Íomhá ar an gclú istigh: Músaem Saoránaíocht na Gaillimhe

Focal ón Aire Stáit

Is breá liom Tuarascáil Bhliantúil Oifig na nOibreacha Poiblí 2006 a chur i láthair agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don dúthracht, don ghairmiúlacht agus don saothar a chaith an fhoireann go léir leis na dúshláin a bhí leagtha síos in imeacht bliana eile, bliain ghnóthach rathúil d'Oifig na nOibreacha Poiblí.

Is í seo an cúigiú ceann de thuarascálacha bliantúla Oifig na nOibreacha Poiblí a chuir mé i láthair agus is comóradh í an ceann seo ar dháta tábhachtach i saol na hOifige mar go bhfuil an Oifig 175 bliain ar an saol. Bhí Oifig na nOibreacha Poiblí amuigh ansin chun tosaigh i gcaitheamh an ama sin nuair a bhí infreastruchtúr na tíre á leagan síos agus is aici atá an seasamh ó thaobh caighdeán Ailtireachta, Innealtóireachta agus Bainistíochta phunann maoine an Stáit. Ní mór a chreidiúint seo a thabhairt do na foirne díograiseacha go léir, iad siúd atá linn agus iad siúd atá imithe uainn, as iad a bheith gairmiúil agus thar barr.

Cinnte dearfa ba ar an gclár díláraithe a chuir an Oifig an bhéim ba mhó i gcaitheamh na bliana. Rinneadh dul chun cinn sásúil ar shuímh a fháil agus ar chóiríocht shealadach a sholáthar do na foirne ba thúisce a bhí ag bogadh agus bhí 14 láthair ann sa bhliain 2006 a raibh láithreacht ag Ranna agus ag Gníomhaireachtaí orthu. D'áitigh An Roinn Airgeadais an chéad oifig díláraithe tógtha d'aon toisc ar an Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí i mí Lúnasa agus bhí sé de phléisiúr agam an foirgneamh a oscailt i gcomhar le mo chomhghleacaí, An tAire Airgeadais, An tUas. Brian Cowen, T.D. Leanadh de na próisis tairisceana poiblí ar feadh na bliana agus ba chóir go mbeadh oibreacha móra foirgníochta le tabhairt faoi deara i roinnt mhaith bailte ar fud na tíre san 18 mí seo romhainn.

Réimse amháin ar gá aird faoi leith a tharraingt uirthi is ea réimse fuascailte agus díolacháin na cóiríochta oifige iomarcaí i mBaile Átha Cliath. Tá suimeanna substaintiúla faighte ag Oifig na nOibreacha Poiblí ó d'fhógair an Rialtas an dílárú agus tá a fhios agam go leanfaidh an Oifig ar aghaidh le cuíchóiriú na maoine de réir mar a bhíonn fáil ar níos mó agus níos mó cóiríochta. Áirítear díol an "Fhoirgnimh Dháimhe" i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, i measc na bpríomhdhíolachán agus na bpríomhcheannachán. Díoladh an foirgneamh sin ar an bpraghas ab airde riamh a fuarthas ar mhaoin tráchtála a dhíol an Stát. Tá .378 acra i suíomh an Fhoirgnimh Dháimhe agus is iontach go deo mar sin é luach an díolacháin seo ar €95 milliún an t-acra.

Tugadh roinnt mhaith tionscadal caipitil chun críche go rathúil sa bhliain 2006. Cuideoidh an dul chun cinn mór a rinneadh ar an Lárionad Náisiúnta Comhdhála atá molta, ceannach an Cheolárais Náisiúnta agus ceannach foirgneamh eile, chun uasghrádú a dhéanamh ar shaoráidí agus chun cur le hacmhainn. Lena chois sin bhain Oifig na nOibreacha Poiblí amach Dámhachtain Chultúrtha agus Oidhreachta an Aontais Eorpaigh 2006 - dámhachtain Europa Nostra - i gcomhair an tionscadail athchóirithe ar 'Theach na Pailme' i nGarraithe Náisiúnta na Lus.

D'fhreastail mé ar sheoladh an tsuímh ghréasáin um Mapáil Guais Tuilte agus ar athsheoladh an tsuímh ghréasáin don Fheasacht Phoiblí i rith na bliana. Chuir na bearta seo go mór le feabhas a chur ar rochtain an phobail ar eolas agus cuideoidh siad le pleanálaithe maidir le forbairtí sa todhchaí. Fuasclaíodh an deacracht a bhain le Cora Leacain i gCill Chainnigh freisin mar go ndearnadh rampa speisialta cloiche thar an sruthán óna bhfuil amharc breá ar an gcathair agus thairis sin a réitíonn an cheist faoi éisc a bheith ag filleadh le dul suas an sruthán.

Tom Parlon, TD
An tAire Stáit sa Roinn Airgeadais
le freagracht as Oifig na nOibreacha Poiblí
Bealtaine 2007

Focal ón gCathaoirleach

Is mór an sásamh dom Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2006 a chur i láthair. Cloch mhíle shuntasach i stair Oifig na nOibreacha Poiblí ab ea comóradh 175 bliain Oifig na nOibreacha Poiblí agus leagtar béim sa tuarascáil ar ghnéithe tábhachtacha d'obair Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain dhúshlánach sin. Eagraíodh clár fairsing d'ócáidí éagsúla chun comóradh a dhéanamh ar an 175 bliain seo agus chun ceiliúradh a dhéanamh orthu. Ba é an taispeántas grianghraf, ina ndearnadh ceiliúradh ar stair Oifig na nOibreacha Poiblí agus chomh maith leis sin ar na daoine a d'oibrigh di in imeacht na mblianta, an ghné ab fhearr liomsa.

Maidir le 2006 ba é an Dílárú, ar ndóigh, an obair ba shuntasaí a bhí idir lámha againn ó thaobh suímh a fháil ar fud na tíre. Faoi dheireadh na bliana 2006 bhí an obair a bhain le suímh a fháil ag 36 láthair críochnaithe againn nó bhí dul chun cinn suntasach déanta againn maidir léi. Ina theannta sin bhí socruithe déanta againn chun cóiríocht shealadach a chur ar fáil i gceithre láthair déag don chuid sin de na foirne ba luaithe a bhí ag bogadh. Ba bhliain í chomh maith ina ndearnadh an oscailt oifigiúil ar an gcéad oifig, a tógadh d'aon toisc i gcomhair an dílárathe, ar an Tulach Mhór i gcomhair fhoireann na Roinne Airgeadais.

Maidir leis an dílárú a bhí ar bun ag Oifig na nOibreacha Poiblí féin fuarthas suíomh i mBaile Átha Troim, Co. na Mí sa bhliain 2006, ceapadh grúpa tairisceana tosaíochta agus cuireadh isteach ar chead pleanála i gcomhair na ceanncheathrún nua. Fuarthas suíomh i gClár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo agus chomh maith leis sin tá socruithe déanta chun cóiríocht shealadach a bheith curtha ar fáil sa bhliain 2007 do na baill foirne sin ba luaithe a bheidh ag bogadh mar gheall ar an dílárú.

Áiríodh iad seo a leanas ar na tionscadail ollmhóra a críochnaíodh sa bhliain 2006 - an Cheanncheathrú nua san Órán Mór d'Fhoras na Mara, Príomh-Áras an Gharda Síochána i gCeantar Ros Mhic Thriúin, Teach Cúirte an Aonaigh, agus ar ndóigh, ceapadh an 'grúpa tairisceana tosaíochta' i gcomhair an Lárionaid Náisiúnta Chomhdhála i mí Lúnasa 2006.

Tháinig méadú de bhreis is 5% ar líon na ndaoine a thug cuairt ar ár Séadchomharthaí Náisiúnta agus ar na Maoine Stairiúla sa bhliain 2006 mar thoradh ar líon áirithe de thionscnaimh nua, cosúil leis an tsraith 'Naisc Teaghlaigh' agus 'Margaí na bhFeirmeoirí'. Thug níos mó ná 2 mhilliún duine cuairt ar na láithreacha atá ar taispeáint agus cuireadh eagrán Polainnise agus Seapáinise de na bróisiúir ar fáil den chéad uair riamh. Sa bhliain 2006 chomh maith críochnaíodh go leor tionscadal caomhantais faoin bPlean Forbartha Náisiúnta tionscadail cosúil le Cluain Mhic Nóis, Dún Masc agus an Muileann Dubh i Ros Cré, Co. Thiobraid Árann.

Rinneadh breis is €220 milliún sa bhliain 2006 mar thoradh ar dhíolachán agus ar dhiúscairt leanúnacha maoine barrachais agus iomarcacha nuair a cuireadh conarthaí éagsúla díolacháin i gcrích. Tháinig fáltais de bhreis is €362 milliún as díolacháin den sórt sin ón mbliain 2004 i leith.

Cuireadh bailchríoch ar leor oibre le linn na bliana mar gur reáchtáladh líon áirithe Taispeántas Poiblí maidir le scéimeanna fóirithinte atá molta i gcomhair mórthuilte. Rinneadh an obair seo de bharr chinneadh an Rialtais an ról ceannasach i mBainistíocht Riosca Tuilte a chur faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí. Seoladh suíomh gréasáin don Tionscadal Náisiúnta um Mapáil Guais Tuilte sa bhliain 2006 chomh maith. Tá ardmholadh faighte aige agus tá sé curtha ar an ngearrliosta i gcomhair Dámhachtainí Bliantúla Ríomhsheirbhísí an Rialtais sa chatagóir "Dámhachtain na Lár-Ríomhsheirbhísí Rialtais is Fearr in Éirinn".

Ní mór comhghairdeas a dhéanamh freisin leis na Seirbhísí Ailtireachta as 'Dámhachtain Chultúrtha agus Oidhreachta an Aontais Eorpaigh 2006' a bhaint amach i gcomhair Athchóiriú Choimpléasc Theach na Pailme i nGarraithe Náisiúnta na Lus.

Leagamar spriocanna mionsonraithe fíordhúshlánacha amach dúinn féin i ngach ceann dár nAonaid Ghnó don bhliain 2006. Is mór an sásamh dom a thabhairt le fios gur cuireadh clár oibre na bliana 2006 i bhfeidhm tríd an obair chrua, an tiomantas agus an díocas a chaith foireann Oifig na nOibreacha Poiblí leis an gclár.

Sean Benton
Cathaoirleach
Oifig na nOibreacha Poiblí
Bealtaine 2007

Coiste Comhairleach Bainistíochta

Séan Benton
Cathaoirleach

David Byers
Coimisinéir

Réimsí freagrachtaí:
- Bainistíocht Maoine
- Cothabháil Maoine
- Seirbhísí Oidhreachta

Clare McGrath
Coimisinéir

Réimsí freagrachtaí:
- Seirbhísí Bainistiú Tionscadail
- Aonad Tionscadail Speisialta
- Aonad Tacaíochta Tionscadal

Tony Smyth
Stiúrthóir na Seirbhísí
Innealtóireachta

Vincent Campbell
Stiúrthóir na Seirbhísí
Corparáideacha

Patrick Cooney
Stiúrthóir na Seirbhísí
Ailtireachta

Casino Marino,
Baile Átha Cliath

Athbhreithniú Straitéiseach 2006

Athbhreithniú Straitéiseach

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn i 2006	Nóta
1. **An Clár Bliantúil Oibre a chur i gcrích agus na príomhriachtanais Rialtais agus Custaiméirí a chomhlíonadh i gcomhair tionscadail dílárathe, ach go háirithe.**	• Iarmheasúnú ar spriocanna an Chláir Oibre.	• Léirigh an measúnú a rinneadh ar bhainistíocht ghinearálta ag deireadh na bliana go rabhthas sásta leis an dul chun cinn a rinneadh san obair le linn 2006 ar na spriocanna réamhshocraithe. • Bhí an bhainistíocht ar an gClár don Dílárú de réir na spriocanna a leag an Grúpa Forfheidhmithe don Dílárú amach; • Bhí thart ar 91% den leithdháileadh ón Vóta caite ag deireadh na bliana. • Eisíocadh 110% ar an meán den mhaoiniú Leithreasaí i gCabhair ar son Ranna eile. Ba thart ar 90% an táirgeacht a bhain le seasamh glan an Vóta iomláin. • €75.355 milliún an caiteachas ar chuntais SWA le linn na bliana.	Bhí bainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí sásta i gcoitinne gur léirigh an fheidhmíocht eagraíochta le linn 2006 stór seasmhach gnóthachtálacha in aghaidh na spriocanna a leagadh amach sa Chlár Bliantúil Oibre ag tús na bliana, a bhí bunaithe go suntasach ar an gClár seachas ar Thionscadail. Lena chois sin bhí an bhainistíocht sásta chomh maith go raibh an Oifig seasta ag baint amach na spriocanna oibre d'ainneoin gur tugadh isteach cláir agus tionscadail bhreise le linn na bliana agus gurbh éigean iad sin a thabhairt san áireamh leis na tiomantais a bhí tugtha cheana féin.
2. **Dílárú Oifig na nOibreacha Poiblí a thabhairt i gcrích go rathúil.**	• Comhairle a chur ar an Aire agus ar an Rialtas maidir le saincheisteanna gaolmhara eagraíochta a eascraíonn as an Dílárú. • Straitéis forfheidhmithe tionscadal a fhorbairt a aithníonn an tábhacht a bhaineann le bainistíocht réamhghníomhach maidir le gné na Bainistíochta Acmhainní Daonna den dílárú. • Tús a chur le soláthar seirbhíse ó ionaid nua ina mbeadh foireann a bheadh bogtha go deonach go dtí na hionaid.	• Leanadh de bheith ag cur tuairiscí rialta faoi bhráid an Choiste Chomhairligh Bainistíochta agus faoi bhráid an Aire le linn na bliana i ndáil le dul chun cinn Oifig na nOibreacha Poiblí maidir leis an tionscadal dílárathe. • Faoi dheireadh na bliana, bhí thart ar 58% (202) de chohórt na foirne do Bhaile Átha Troim a raibh tiomantais i leith an ionaid sínithe acu. De na daoine sin, bhí thart ar 45% (157) díobh tosaithe ag obair d'Oifig na nOibreacha Poiblí. • Bhí iarratas pleanála curtha isteach faoi dheireadh na bliana i gcomhair na nOifigí nua i mBaile Átha Troim. (Faomhadh an phleanáil ina dhiaidh sin go luath sa bhliain 2007).	Ag an bpointe seo tá forfheidhmiú an tionscadail ag díriú isteach ar láthair Bhaile Átha Troim mar a bhfuil cinneadh tógtha ag an Rialtas gur ann is luaithe a mbogfar baill foirne. Tá sé mar sprioc go mbogfar isteach san fhoirgneamh nua i mBaile Átha Troim go deireanach sa bhliain 2008. Táthar ag súil go mbunófar oifig nua shealadach i gClár Chlainne Mhuiris i lár 2007.

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn i 2006	Nóta
		• Faoi dheireadh na bliana 2006 bhí dul chun cinn déanta maidir leis an bpleanáil i gcomhair oifig Oifig na nOibreacha Poiblí, an chéad chéim di, i gClár Chlainne Mhuiris ina mbeadh thart ar 35 ball foirne agus comhaontaíodh ar shuíomh a cheannach don oifig bhuan.	
3. Tionscnaimh dírithe go sonrach ar an tseirbhís do chustaiméirí a chur i gcrích maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a sholáthar go hiomlán agus measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí in aghaidh critéir shainmhínithe.	• An ISO reatha a chothabháil; • Creidiúnú a bhaint amach sna réimsí atá fágtha; • Comhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse a chruthú	• Coinníodh gach creidiúnú reatha ISO i gcomhair seirbhísí Oifig na nOibreacha Poiblí mar a ndearna An tÚdarás Náisiúnta um Chaighdeáin na hÉireann iniúchtaí seachtracha rialta.	Táthar ag súil anois na hiarratais i gcomhair creidiúnú do Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais agus do na Seirbhísí Cothabhála Maoine a chur isteach le linn 2007.
	• Meicníochtaí aiseolais, suirbhéanna agus araile a fhorbairt	• Lean na réimsí sin atá fágtha a bhfuil creidiúnú le baint amach acu fós (Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais & Seirbhísí Cothabhála Maoine) orthu le linn na bliana chun doiciméid a bhaineann lena gcórais agus lena bpróisis a fhorbairt.	Is é an Líonra intí Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, faoi stiúir an Aonaid Idirchaidrimh Phoiblí a chomhordaíonn na gníomhaíochtaí maidir leis na Suirbhéanna ar Chustaiméirí.
	• Feidhmíocht seirbhíse a thomhas in aghaidh tagarmharcálacha agus comparadóirí seachtracha.	• Bhí dréacht-Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhísí do na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal fós á mheas ag Dánlann Náisiúnta na hÉireann. • Cuireadh tús sa bhliain 2006 le tionscadal a bhaineann le Seirbhísí comhtháite Bainistíochta Tionscadal agus Bainistíochta Maoine a sholáthar don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.	Chomh maith leis na suirbhéanna foirmiúla a ndeachthas ina mbun, ghlac Oifig na nOibreacha Poiblí páirt chomh maith sa bhliain 2006 i líon áirithe fóram náisiúnta agus idirnáisiúnta i ndáil le saincheisteanna cleachtais a bhaineann le hAiltireacht agus Bainistíocht Tionscadal araon. Ba i gCeanada a tionóladh a bhformhór díobh sin. Ceann dos na cinn is suntasaí ná foram a thionólodh i gCeanada - WorldWide Workplace Web (W4). Fóram idirnáisiúnta é seo a bhaineann le proifisiúnaigh réadmhaoin ón earnáil phoiblí. Cabhraíonn sé

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn i 2006	Nóta
			le dea-chleachtais a roinnt agus tugann sé deis ceisteanna coitianta a phlé.
		• Bhíothas i mbun ullmhúcháin ar shuirbhé samplach de bhonn Custaiméirí Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhair na Seirbhísí Bainistíochta Maoine faoi dheireadh na bliana agus cuirfear críoch leis go luath sa bhliain 2007.	Rinneadh obair ar éifeachtacht suirbhé ár gcustaiméirí ó 2005 a mheas. Cabhróidh an obair seo le suirbhéanna sa todhchaí a fheabhsú agus a fhorbairt. Beidh suirbhé custaiméara forbartha bunaithe ar na ceachtanna sin mar chuid lárnach don Athbreithniú Luach ar Airgead ar Bhainistíochta Maoine a bheidh curtha i bhfeidhm i rith 2007.
		• Chuaigh na Seirbhísí Corparáideacha i mbun suirbhé inmheánach ar fhoireann Oifig na nOibreacha Poiblí le linn na bliana mar chuid den phróiseas comhairliúcháin a bhain le dearadh na nOifigí nua don Dílárú i mBaile Átha Troim, Co. na Mí.	
		• Rinne Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais líon suirbhéanna iarsheirbhíse ar Chustaiméirí le linn na bliana chun soláthar seirbhíse na gconraitheoirí a sheiceáil.	
4. A bheith mar sholáthróir tosaíochta do chustaiméirí sna réimsí a bhaineann le soláthar ginearálta, bainistíocht maoine agus gach seirbhís a bhaineann le foirgníocht.	• Comhairle a chur ar an Rialtas i ndáil le modhanna ceannródaíocha soláthair. • A bheith aitheanta mar shaineolaí stiúrach sa réimse a bhaineann le bainistíocht maoine agus phunann éagsúil an Stáit • An seasamh atá aici mar phríomhchomhlacht ceannródaíoch Stáit a chuireann seirbhísí gairmiúla barr feabhais ar fáil san fhoirgníocht a choinneáil	• Lean Oifig na nOibreacha Poiblí ag cur comhairle ar an Rialtas agus ar Ranna agus ar Ghníomhaireachtaí ar custaiméirí iad le linn 2006 i ndáil le gnéithe maoine agus Luach ar Airgead araon a bhaineann le líon áirithe tionscadal sonrach ardleibhéil: • An Clár don Dílárú; • Conradh Creata i gcomhair Sainchomhairleoirí;	

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn i 2006	Nóta
		• Conarthaí Seirbhísí Cothabhála. • Bhain Oifig na nOibreacha Poiblí líon áirithe dámhachtainí amach i réimsí éagsúla i mbliana, aitheantas ar bharr feabhais ab ea iad. Tugtar sonraí faoin liosta iomlán níos deireanaí sa tuarascáil	
5. Cláir agus bearta a fhorbairt chun beartas bainistíochta riosca tuilte a fhorfheidhmiú	• Comhairle a chur ar an Rialtas i ndáil le bainistíocht riosca tuilte agus le beartas bainistíochta riosca tuilte. • Cláir mhionsonraithe a fhorbairt chun moltaí thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar an mBeartas Tuilte a fhorfheidhmiú. • Creat comhairliúcháin a bhunú i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha. • Critéir a fhorbairt chun ord tosaíochta a bheith sa chaiteachas. • Critéir a fhorbairt chun na huiscebhealaí lena mbaineann baol ard tuilte a ainmniú. • Cláir oibre agus tionscadail ar bhainistíocht riosca tuilte a chur i gcrích (bearta fóirithinte tuilte struchtúracha agus neamhstruchtúracha). • Eolas faoi Mhapáil Guais Tuilte a fhorbairt agus a scaipeadh.	• Bunaíodh clár deiridh achoimre forfheidhmithe de réir na leithdháiltí acmhainní. • Bunaíodh Grúpa Idir-Rannach Comhordaithe agus trí Ghrúpa Stiúrtha agus tionóladh líon áirithe de chruinnithe déthaobhacha i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara. • Rinneadh measúnú ar mhodhanna ord tosaíochta, agus cuirfear bailchríoch ar fhorbairt an chórais sa bhliain 2007. • Bhíothas i mbun measúnuithe bunaidh faoi dheireadh 2006. • Táthar tar éis tús a chur le dhá cheann déag de na cúig cinn déag de chláir nua oibre ar bhainistíocht riosca tuilte agus cuirfear tús leis na trí cinn atá fágtha de réir mar a bheidh acmhainní ar fáil. Rinneadh coimisiúnú ar Staidéir mhóra phíolótacha ar Bhainistíocht agus ar Mheasúnú Riosca Tuilte (An Laoi agus An Dothra). • Seoladh an suíomh gréasáin náisiúnta don mhapáil guais tuilte i mí Deireadh Fómhair agus cuireadh tús leis an gclár réamhaithriseach mapála.	

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn i 2006	Nóta
6. **A bheith níos éifeachtaí san úsáid a bhaintear as sócmhainní maoine an Stáit.**	• Athbhreithniú leanúnach ar an bpunann maoine chun an luach is fearr ar airgead a chinntiú. • Dul i gcomhar le páirtithe ábhartha (.i. Údaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit) chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is mó as an bpoitéinseal maoine. • Tograí comhfhiontair a fhorbairt i gcomhar le tríú páirtithe. • Diúscairtí nuair is cuí.	• Lean Seirbhísí Bainistíochta Maoine Oifig na nOibreacha Poiblí leis an mbainistíocht ar an bpunann iomlán agus é mar aidhm acu an úsáid is mó a bhaint aisti: Diúscairtí: • Foirgneamh Dáimhe, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4; • Óstán Parnell Thiar, Baile Átha Cliath 1; • An Oifig Leasa Shóisialaigh mar a bhí, ar Shráid Ghairdinéir, BÁC 1; Éadálacha (suímh don Dílárú): • Baile Átha Troim; • Dún Garbhán; • Cill Airne; • An Cabhán; • Corcaigh; • Tulach Mhór; Éadálacha (Ginearálta): • Suíomh in aici le Príosún Mhuinseo; • An Ceoláras Náisiúnta; • An Cuarbhóthar Thuaidh. • Teach Bhaile an Chaisleáin, Co. Chill Dara; Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí athrú socruithe i bhfeidhm le linn na bliana maidir le bainistíocht Theach Bhaile An Chaisleáin. Déantar bainistíocht air anois faoi fo-mhírcheann na Bainistíochta Saoráidí agus b'fhéidir leis sin go bhféadfaí úsáid éagsúil a bhaint as an maoin.	Leagadh an bhéim le linn na bliana, maidir le héadáil, ar shuímh a dhaingniú don Chlár don Dílárú agus chuige sin, bhí Aonad Gnó na Seirbhísí Bainistíochta Maoine fíorghnóthach mar go bhfuarthas líon suntasach suíomh nó go raibh siad ionann is faighte faoi dheireadh 2006. Maidir le hobair nár bhain leis an Dílárú, cuireann an suíomh don Cheoláras Náisiúnta a fuarthas ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ar ár gcumas forbairt straitéiseach a dhéanamh sa todhchaí ar an suíomh iomlán de réir bheartas Ealaíon an Rialtais. Ceadóidh an suíomh tábhachtach a fuarthas in aice le coimpléasc Phríosún Mhuinseo i mBaile Átha Cliath an fhéidearthacht is mó a bhaint as an bhforbairt straitéiseach a dhéanfar ar an suíomh agus cuirfear ansin le luach na maoine. Chuathas i mbun líon áirithe de dhiúscairtí suntasacha sa bhliain 2006 orthu sin tá an t-iarFhoirgneamh Dáimhe ar Bhóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4. (Cuirtear liosta iomlán de na Diúscairtí, Éadálacha, Léasanna Nua & Léasanna a tugadh suas ar fáil in áiteanna eile sa tuarascáil seo)
7. **Na deiseanna, chun teacht níos fearr a bheith ag an bpobal ar láithreacha oidhreachta agus ar iad a chur i láthair do chuairteoirí, a uasmhéadú.**	• Branda nua a chur ar na láithreacha chun iad a chur i láthair don phobal faoi bhranda Oifig na nOibreacha Poiblí. • Meicníochtaí intí a fhorbairt chun scileanna ábhartha a roinnt idir na Seirbhísí Oidhreachta agus Aonaid Ghnó eile Oifig na nOibreacha Poiblí.	• Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2006 ar ath-chomhtháthú gníomhach na Seirbhísí Oidhreachta. • Athbhrandáil leanúnach ar na láithreacha oidhreachta; • Comhtháthú chórais Theicneolaíocht na Faisnéise	Saineolas á roinnt / comhairle ghairmiúil á soláthar / tacaíocht á cur ar fáil ag na haonaid seo a leanas: - Bainistíocht Saoráidí; - Páirceanna (Páirc an Fhionnuisce / Faiche Stiabhna.) - Seirbhísí Ailtireachta (Caomhnú).

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn i 2006	Nóta
	• Réimsí ar ábhar leasa comónta iad idir na Seirbhísí Oidhreachta agus Aonaid Ghnó eile Oifig na nOibreacha Poiblí a aithint agus comhaontú a fháil ar straitéisí chun cur chuige aontaithe ar shaincheisteanna iomchuí a chinntiú	• Athstruchtúrú ar an Aonad Acmhainní Daonna.	
8. **Cur chuige dearfach a choinneáil faoin múnla Comhpháirtíochta chun cumarsáid a fheabhsú agus chun a chinntiú go mbeidh ionchur ag an bhfoireann i mbeartais a fhorbairt.**	• Struchtúir reatha Chomhpháirtíochta, lena n-áirítear Grúpaí Oibre a chothabháil. • Clár oibre Bliantúil a fhoilsiú. • Straitéis chumarsáide Oifig na nOibreacha Poiblí a chur i dtoll a chéile. • Aon fhorbairtí nua maidir leis an gComhpháirtíocht a thiocfadh ón Lár le linn thréimhse na Straitéise a thógáil ar bord. • Socruithe comhairliúcháin a fhorbairt i gcomhar leis an bhfoireann áitiúil sna hAonaid Ghnó.	• Na struchtúir Chomhpháirtíochta go léir, lena n-áirítear na Grúpaí Oibre ag feidhmiú mar ba chóir taobh istigh de na paraiméadair agus na sainchúraim chomhaontaithe; • Chuir an Fhoireann Ghlas beartais ghníomhacha ar athchúrsáil / úsáid éifeachtach fuinnimh chun cinn san oifig; • Chuir an Grúpa Oibre Straitéise ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna dréacht-Straitéis eatramhach ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna ar fáil faoi dheireadh 2006; • D'eagraigh Grúpa na nDámhachtainí Fiúntais ócáidí mar aitheantas ar dhea-fheidhmíocht na foirne. • Lean an struchtúr nua Comhpháirtíochta Réigiúnaí a bunaíodh san Iarthar / san Iardheisceart air ag feidhmiú; • Ullmhaíodh agus foilsíodh Clár Bliantúil Oibre na Comhpháirtíochta.	Táthar ag leanúint de bheith ag forbairt struchtúir Chomhpháirtíochta de réir na treorach nua a tugadh i Ráiteas Straitéise 2005 - 2008. Cuireadh Tascforsa Inbhuanaitheachta in áit an Fhoireann Ghlas. Beidh an tascforsa sin ag obair i rith 2007 le priosabal na h-inbhuanaitheachta a thumadh ins na seirbhísí ar fad a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil. Táthar ag tabhairt aghaidh ar bhonn leanúnach ar athnuachan a dhéanamh ar Chomhaltas an Choiste Comhpháirtíochta agus na nGrúpaí Oibre. Tá tús curtha leis an bplé chomh maith ar fhorbairt na Comhpháirtíochta in Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhthéacs an díláraithe ach go háirithe.

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul Chun Cinn i 2006	Nóta
9. **Leanúint de bheith ag nuachóiriú fheidhm na nAcmhainní Daonna chun freastal níos fearr ar riachtanais fhoireann Oifig na nOibreacha Poiblí agus na riachtanais scileanna agus acmhainní daonna a theastaíonn sa ghnó.**	• Straitéis nua Acmhainní Daonna a fhorfheidhmiú • Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a neadú • Peoplesoft a fhorbairt	• Lean Grúpa Oibre ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna de chuid na Comhpháirtíochta ag casadh ar a chéile le linn na bliana chun dréachtstraitéis chomhaontaithe ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna a fhorbairt. Bhí an dréachtstraitéis sin réidh chun cur faoi bhráid an Choiste Comhpháirtíochta ina iomlán faoi dheireadh 2006. • Beidh feidhm ag an gcóras nua grádaithe sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta ón 1 Eanáir 2007. • Chuaigh an córas Peoplesoft beo in Oifig na nOibreacha Poiblí i mBealtaine 2006.	Beidh an Straitéis ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna seolta go foirmiúil go luath i lar 2007. Leanfar sa bhliain 2007 den phróiseas chun an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a bhunú mar fheidhm phríomhshrutha bainistíochta. Táthar ag déanamh dul chun cinn ar bhonn leanúnach chun gnéithe éagsúla den chóras a chur i ngníomh tar éis fhorfheidhmiú an Chórais Peoplesoft in Oifig na nOibreacha Poiblí i lár na bliana 2006.
10. **Socruithe éifeachtacha tuairiscithe corparáidigh a fhorbairt chun gníomhaíocht chriticiúil oibre agus faisnéis airgeadais a scaipeadh agus chun tacú le cinnteoireacht thráthúil agus eolasach.**	• An Creat um Fhaisnéis Bainistíochta a fhorfheidhmiú	• Chuaigh Córas Bainistíochta Airgeadais nua Oifig na nOibreacha Poiblí beo san Aibreán 2006 agus bhí sé i bhfeidhm go hiomlán maidir le córas íocaíochtaí Oifig na nOibreacha Poiblí faoi dheireadh 2006.	Tiocfaidh céimeanna níos déanaí d'fhorbairt an Chórais Bhainistíochta Airgeadais sna sála ar an gCóras nua Bainistíochta Airgeadais a chuirfidh le ról an chórais i mbainistíocht na hOifige.

Cuireadh béim ar líon áirithe gníomhartha tar éis an tSuirbhé ar Chustaiméirí a ndearnadh cur síos go mion air i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2005. Le linn na bliana 2006 leanadh den obair chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a chuir ár gcustaiméirí ar ár súile dúinn.

1. Glórphost

Tá saoráid an ghlórphoist curtha isteach ar na teileafóin i gCeanncheathrú Oifig na nOibreacha Poiblí agus in oifigí in aice láimhe anois (6/7 Plás Ely, 4/5 Bóthar Fhearchair, 17/19 Sráid Haiste Íochtarach). Tá córais áitiúla neamhspleácha i bhfeidhm cheana féin in go leor Oifigí Réigiúnacha agus Áitiúla agus tabharfar aghaidh ina gceann agus ina gceann ar an gceist a bhaineann leis na suiteálacha seo a bhunathrú nuair a bheidh na córais teileafóin á dtabhairt cothrom le dáta nó nuair a bheidh córais eile á dtabhairt isteach ina n-áit.

2. Freagraí scríofa

Deimhnítear leis na córais éagsúla ISO 9000 atá i bhfeidhm faoi láthair in Oifig na nOibreacha Poiblí go dtabharfar freagra de réir mar is cuí ar chomhfhreagras a mbeadh freagra ag gabháil dó. Tomhaisfear chomh tapa is a thabharfar na freagraí seo agus cuirfear in iúl é sna Suirbhéanna ar Chustaiméirí a bheidh á ndéanamh amach anseo.

3. Clár don Rochtain Uilíoch

Tá páirt ghníomhach ag an Aonad sonrach sna Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal atá freagrach as forfheidhmiú an Chláir don Rochtain Uilíoch, maidir leis an scéim a chur chun cinn, le suirbhéireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh atá sa phunann cheana féin agus lena bheith ag déileáil go díreach le hOifigigh Cóiríochta sa Státseirbhís i ndáil leis na saincheisteanna a bhaineann leis an réimse seo dár gcuid oibre.

4. Deasc Chabhrach don Chothabháil

Tá eolas faoin tseirbhís deasc chabhrach don chothabháil á scaipeadh ón uair ar cuireadh tús léi i réimsí roghnaithe d'obair Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá bainisteoirí na réimsí ábhartha a bhaineann leis na Seirbhísí Cothabhála Maoine agus na Seirbhísí Meicniúla & Leictreacha ag leanúint de bheith ag cur na seirbhíse chun cinn go gníomhach agus de bheith i dteagmháil go díreach le hOifigigh Cóiríochta i Ranna agus in Oifigí éagsúla i ndáil léi.

5. Suíomh Gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí

Táthar i mbun forbartha ar Shuíomh nua Gréasáin d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus seolfar é faoi dheireadh 2007. Léireoidh an suíomh nua riachtanais na gcustaiméirí atá againn i ndáil le dearadh comhaimseartha, lena bheith éasca teacht ar fhaisnéis agus lena bheith ábalta freastal ar riachtanais lucht labhartha na Gaeilge.

6. Oiliúint a chur ar bhaill nua foirne

Tá gníomh san áireamh sa Straitéis nua ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna atá i mbéal forbartha faoi láthair maidir le hOiliúint Ionduchtúcháin a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo.

7. Suirbhéanna ar Chustaiméirí

Is é an tAonad Idirchaidrimh Phoiblí go príomha atá freagrach as gníomhaíocht i ndáil le Suirbhéanna ar Chustaiméirí a chomhordú agus tugann an Líonra Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí tacaíocht dó. D'fhéadfadh, sa todhchaí, go dtabharfadh aonaid faoi thionscadail

chun suirbhéanna a dhéanamh go háitiúil chomh maith leis na tionscnaimh a bheadh bunaithe ar an eagraíocht ina hiomláine.

8. Foinsí lasmuigh in úsáid i gcomhair na Suirbhéanna ar Chustaiméirí
Rinne gníomhairí seachtracha - M/s Alexi Marmot Associates as Londain - suirbhé amháin (suirbhé ar Anailís Spáis a rinneadh ar ár gCustaiméirí Inmheánacha chun faisnéis agus tosaíochtaí a aimsiú chun cuidiú leis an bpróiseas deartha do Cheanncheathrú nua Bhaile Átha Troim) ar an Oifig go léir sa bhliain 2006.

9. Maoiniú i gcomhair na Suirbhéanna ar Chustaiméirí
Tháinig an t-airgead i gcomhair suirbhé na bliana 2006 ó mhaoiniú Thionscadal Díláraithe Oifig na nOibreacha Poiblí. Leanfar ag cur maoiniú cuí, lárnach, ar fáil i gcomhair suirbhéanna sa todhchaí.

10. Suirbhéanna ar Chustaiméirí Inmheánacha
Bhain suirbhé na bliana 2006 dá dtagraítear thuas leis na Custaiméirí Inmheánacha i ndáil le dílárú Oifig na nOibreacha Poiblí féin chuig Baile Átha Troim. Tabharfaidh suirbhéanna a dhéanfar sa todhchaí léargas ar leibhéal agus ar chaighdeán na seirbhísí a cuireadh ar fáil laistigh de réimse na Seirbhísí Corparáideacha.

11. Aiseolas ó Chustaiméirí
Tá meicníocht aiseolais sna córais éagsúla ISO 9000, a bhíonn in úsáid ar fud na hOifige, a dearadh go sonrach chun a fháil amach cé mar a airíonn na Custaiméirí faoin tseirbhís a chuirimid ar fáil. Cuirfidh na Suirbhéanna a dhéanfar ar Chustaiméirí sa todhchaí in iúl do na Custaiméirí arís agus arís eile go bhfuil an áis seo ar fáil dóibh.

Tuarascáil an Choiste Comhpháirtíochta ar ghníomhaíocht sa bhliain 2006.

Lean Coiste Comhpháirtíochta Oifig na nOibreacha Poiblí ag gníomhú le linn na bliana 2006 agus leag sé ar raon leathan saincheisteanna a bhaineann le agus a bheadh ábhartha d'fhoireann na hOifige.

Oibríonn struchtúr Comhpháirtíochta Oifig na nOibreacha Poiblí trí bhíthin sraith Grúpaí Oibre atá tiomanta i leith réimsí nó gníomhaíochtaí sonracha. Is iad sin:

Grúpaí Oibre Comhpháirtíocht 2006



An Grúpa Inbhuanaitheachta (An Fhoireann Ghlas)
Déileálann An Fhoireann Ghlas le saincheisteanna a bhaineann le caighdeán chomhshaol oibre Oifig na nOibreacha Poiblí agus tugann sí ugach agus cabhraíonn sí chun an gníomh a chur i gcrích go díreach san oifig i ndáil le saincheisteanna cosúil le hathchúrsáil, acmhainní a chaomhnú agus inbhuanaitheacht ghinearálta, agus déanann sí a cion chun eolas ginearálta a scaipeadh i measc baill foirne i ndáil leis na saincheisteanna seo trí sheimineáir a thionól agus trí pháirt a ghlacadh i Lá Saor ó Charranna na hEorpa agus araile.

Thosaigh an Fhoireann Ghlas amach ar threo eile faoi dheireadh na bliana nuair a thosaigh sí ag pleanáil go gníomhach ar mhaithe leis an smaointeoireacht phríomhshrutha faoin inbhuanaitheacht a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí gnó uile Oifig na nOibreacha Poiblí agus á chinntiú go dtabharfaí faoi sin ag leibhéal corparáideach san eagraíocht sa todhchaí.

Dámhachtainí Fiúntais
Tá na Dámhachtainí Fiúntais freagrach as moltaí a chur faoi bhráid an Choiste Comhpháirtíochta i ndáil le cé mar a eisíocfar ciste na nDámhachtainí Fiúntais agus i ndáil le haghaidh a thabhairt ar na socruithe lóistíochúla a eascraíonn as an scéim. Is iad a d'eagraigh cóisir na nDámhachtainí Fiúntais le blianta beaga anuas chun ceiliúradh a dhéanamh ar ghnóthachtálacha na hOifige le linn na bliana.

Reáchtáladh príomhchóisir na bliana 2006 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus reáchtáladh líon ócáidí eile go háitiúil i gceantair éagsúla ar fud na tíre. Bhí isteach is amach le 2,500 ball foirne san iomlán i dteideal freastal ar na hócáidí sin.

An Grúpa Spóirt & Sóisialta
Déileálann an Grúpa seo leis an urraíocht spóirt agus le gníomhaíochtaí sóisialta agus turais chultúrtha na hOifige a eagrú.

D'eagraigh an Grúpa líon áirithe turas agus ócáidí eile ar fud na tíre le linn na bliana. D'fhreastal líon mór daoine ar na hócáidí seo agus bíonn an-tóir ag an bhfoireann orthu. Bhí siad seo a leanas ar na n-ócáidí a reáchtáladh sa bhliain 2006:

Leithdhálann an Coiste Comhpháirtíochta airgead san oifig ar mhaithe le cúrsaí spóirt agus tugann sé urraíocht do chomhlachtaí spóirt nó do dhaoine aonair in Oifig na nOibreacha Poiblí a bhíonn ina mbaill de chomhlachtaí spóirt.

Grúpa Oibre na Straitéise
Is í an Coimisinéir Clare Mc Grath cathaoirleach Ghrúpa Straitéise Chomhpháirtíocht Oifig na nOibreacha Poiblí agus tá an Grúpa freagrach as Straitéis nua a fhorbairt d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus as monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na Straitéise atá i bhfeidhm faoi láthair.

Beidh feidhm ag Ráiteas Straitéise reatha Oifig na nOibreacha Poiblí (arna ullmhú faoi choimirce an Ghrúpa le linn 2005) ó 2005 go 2008. Le linn na bliana 2006 rinne an Grúpa monatóireacht ar fhorfheidhmiú na Straitéise agus thuairiscigh sé go tréimhsiúil chuig Coiste Comhairleach Bainistíochta Oifig na nOibreacha Poiblí i ndáil leis. Bhí an Grúpa freagrach chomh maith as Athbhreithniú Bliantúil ar an Straitéis a ullmhú; tá sin le fáil níos faide anonn sa leabhrán seo.

Déanfar athbhreithniú ar Ráiteas Straitéise Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2007 tar éis an toghcháin atá beartaithe. Thosaigh an Grúpa Straitéise ag obair ag deireadh na bliana, agus an toghchán ar intinn aige, ar Ráiteas nua a fhorbairt agus ar shocruithe a dhéanamh chun dul i gcomhar leis na páirtithe leasmhara éagsúla san Oifig maidir leis.

Grúpa Oibre na Straitéise ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna
Tá tiomantas tugtha ag Oifig na nOibreacha Poiblí féin Straitéis nua ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna a fhorbairt a thabharfaidh aghaidh ar raon saincheisteanna bainistíochta foirne agus a bheidh ag teacht leis na prionsabail chomhaimseartha a bhaineann le Bainistíocht Acmhainní Daonna. Is é Grúpa Oibre na Straitéise ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna de chuid an Choiste Comhpháirtíochta atá ag dul i mbun na hoibre seo. Tá ionadaithe ó na Grúpaí suntasacha go léir san Oifig, ar páirtithe leasmhara iad, ar an nGrúpa agus is é Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Vincent Campbell, atá mar chathaoirleach air.

Lean an Grúpa dá chuid oibre le linn 2006 chun Straitéis eatramhach ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna a chur le chéile.

Grúpa Oibre na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí
Tá Grúpa Oibre na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí freagrach as tionscnaimh éagsúla a bhaineann le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí a fhorfheidhmiú agus as tuairisc a chur faoi bhráid an Choiste Chomhairligh Bainistíochta i ndáil leis an réimse seo.

Bhí fócas an Ghrúpa, le linn na bliana 2006, dírithe go príomha ar roinnt de na tionscnaimh a bhí dírithe ar chustaiméirí agus a léiríodh i Suirbhé a rinneadh sa bhliain 2005 ar an tSeirbhís do Chustaiméirí (a gcuirtear síos orthu i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2005) a chur i bhfeidhm. Tá tuairisc ar leith faoi na tionscnaimh seo sa tuarascáil seo.

Ina theannta sin d'oibrigh Grúpa na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí chomh maith ar Phlean Gaeilge Oifig na nOibreacha Poiblí, a bhfuil sé de cheanglas uirthi faoi fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003), é a ullmhú. Bhí próiseas comhairliúcháin leis an bhfoireann i gceist leis seo agus rinneadh suirbhé ar an bhfoireann chun an leibhéal scileanna atá aici faoi láthair a fháil amach. Faoi dheireadh na bliana bhí dréachtphlean Oifig na nOibreacha Poiblí aontaithe ag an bPríomhchoiste Comhpháirtíochta, bhí faomhadh faighte ón gCoiste Comhairleach Bainistíochta agus cuireadh faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta é.

An Grúpa Oibre um Chomhaontú Náisiúnta
Fóram is ea an Grúpa Oibre seo a dhéileálann leis na saincheisteanna a ardaítear san Oifig maidir leis na Comhaontuithe éagsúla Náisiúnta agus cabhraíonn sé le hOifig na nOibreacha Poiblí na hoibleagáidí a ghabhann leis na Comhaontuithe seo a chomhlíonadh mar chúiteamh ar na dámhachtainí éagsúla pá.

Le linn na bliana 2006 chuir an Grúpa Oibre ar *Dhul Chun Cinn a Inbhuanú* tuarascáil dul chun cinn le chéile ar na spriocanna nuachóirithe i gcomhair na céime deiridh den Chomhaontú Náisiúnta ar *Dhul Chun Cinn a Inbhuanú*. Ba é an toradh díreach a bhí air seo gur bronnadh an dámhachtain phá dheiridh den tSeirbhís Phoiblí faoin gComhaontú seo i mí an Mheithimh.

Athbhunaíodh an Grúpa sa dara leath den bhliain chun déileáil le ceanglais an Chomhaontaithe nua Náisiúnta, *I dTreo 2016*. D'éirigh leis an nGrúpa faoi dheireadh na bliana, Plean comhaontaithe Gníomhaíochta i gcomhair Oifig na nOibreacha Poiblí a chur le chéile a mhairfeadh ar feadh thréimhse an Chomhaontaithe nua Náisiúnta, sé sin go dtí Meán Fómhair 2008. Chuir an Grúpa tuarascáil dul chun cinn i láthair chomh maith a bhain le baint amach na spriocanna nuachóirithe sa dara leath den bhliain agus ba é an toradh a bhí air sin gur bronnadh an chéad dámhachtain phá den tSeirbhís Phoiblí faoin gComhaontú nua air i mí na Nollag.

An Grúpa Oibre ar Chumarsáid
Tá an Grúpa Oibre ar Chumarsáid, a bhfuil Stiúrthóir na Seirbhísí Ailtireachta, Pat Cooney, mar chathaoirleach air, freagrach as straitéis nua cumarsáide a fhorbairt i gcomhair Oifig na nOibreacha Poiblí. Beidh tagairt shonrach sa straitéis do na slite a dtéann na heagraíochtaí i gcumarsáid lena chéile. Beidh tábhacht ar leith leis an ngné seo den straitéis mar gheall ar an struchtúr réigiúnach atá ar an Oifig faoi láthair, mar gheall ar na hathruithe leanúnacha, inmheánacha agus seachtracha i dtaca le róil agus le freagrachtaí agus mar gheall ar an dílárú a tharlóidh sa todhchaí.

Lean an Grúpa leis an obair a bhí ar bun aige ar na téamaí seo le linn 2006 agus é ar intinn aige tuarascáil chuimsitheach a chur faoi bhráid an Phríomhchoiste Comhpháirtíochta agus faoi bhráid an Choiste Chomhairligh Bainistíochta go luath.

An Córas Bainistíochta & Forbartha Feidhmíochta / An Grúpa Oiliúna & Forbartha
Is fóram é an Córas Bainistíochta & Forbartha Feidhmíochta / an Grúpa Oibre Oiliúna & Forbartha trína mbíonn deis ionchuir ag comhpháirtithe éagsúla i mbeartas na hOifige ar chúrsaí Oiliúna agus nithe gaolmhara. Díríonn an grúpa go rialta ar chlár Oifig na nOibreacha Poiblí ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus cuireann sé eolas ar fáil go díreach maidir le cinntí soláthair oiliúna an Aonaid Oiliúna & Forbartha atá i Seirbhísí Corparáideacha Oifig na nOibreacha Poiblí.

Cuireann an Grúpa comhairle chomh maith ar Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha agus ar an gCoiste Comhairleach Bainistíochta i ndáil leis an gCóras Bainistíochta & Forbartha Feidhmíochta agus cuireann sé moltaí os comhair na bainistíochta faoi fheabhsúcháin nó faoi athruithe ar an gcóras agus faoi mar a chomhlíontar an córas san Oifig.

Athbhreithniú Oibríochtaí 2006

Dílárú Oifig na nOibreacha Poiblí

Rinneadh dul chun cinn le linn 2006 ar ghnéithe éagsúla den obair a bhaineann le cinneadh an Rialtais chun Oifig na nOibreacha Poiblí a dhílárú chuig Baile Átha Troim (Ceanncheathrú Oifig na nOibreacha Poiblí), Clár Chlainne Mhuiris agus Ceann Toirc a chur i bhfeidhm.

Ba ar an gCeanncheathrú nua i mBaile Átha Troim a leagadh an bhéim ba mhó ó thaobh gníomhaíochtaí de mar gur leanadh den obair i rith na bliana ar na gnéithe a bhaineann le foirgneamh Acmhainní Daonna agus leis na foirgnimh a bhaineann leis araon.

- Tá isteach agus amach le 65% (110) den chaidre a theastaíonn ó thaobh baill foirne riaracháin de i bhfeidhm anois i gcomhair na ceanncheathrún nua i mBaile Átha Troim. Tá sé beartaithe go rachadh na baill foirne riaracháin atá fágtha isteach in Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2007 agus 2008. Léiríonn na figiúirí táscacha maidir leis an bhfoireann ghairmiúil agus theicniúil a theastaíonn i gcomhair Bhaile Átha Troim go bhfuil isteach agus amach le 40% den fhoireann faighte.

- Roghnaíodh grúpa tairisceana tosaíochta i gcomhair na Ceanncheathrún nua agus cuireadh tús leis an bPróiseas chun Iarratas Pleanála a chur isteach.

- Chuathas i muinín Sainchomhairleoirí Seachtracha, AMA Alexi Marmot Associates as Londain, chun cabhrú le hOifig na nOibreacha Poiblí cruth a chur ar fheistiú na Ceanncheathrún nua chun caighdeán cóiríochta den scoth a bhaint amach trí úsáid a bhaint as na coincheapa is comhaimseartha a bhaineann le dearadh oifige agus trí dhul i gcomhar go rialta leis an bhfoireann le linn an phróisis.

- Rinneadh dul chun cinn le linn na bliana chomh maith maidir leis an tionscadal chun gnéithe d'oibríochtaí Oifig na nOibreacha Poiblí a aistriú chuig Clár Chlainne Mhuiris agus Ceann Toirc:

- Fuarthas suíomh don oifig bhuan i gClár Chlainne Mhuiris agus táthar i mbun réamhphleanála ar an tionscadal faoi láthair chun foirgneamh a thógáil ar an suíomh a mbeifí ábalta 150 duine a lonnú ann.

- Rinneadh an-dul chun cinn sa phleanáil i gcomhair oifig shealadach a fháil d'Oifig na nOibreacha Poiblí i gClár Chlainne Mhuiris chun 35 ball foirne a lonnú inti mar go bhfuarthas áitreabh agus mar go bhfuil pleanáil faighte chun é a úsáid mar oifig shealadach.

- Roghnaíodh suíomh tosaíochta i gCeann Toirc agus tá Oifig na nOibreacha Poiblí agus Comhairle Contae Chorcaí gníomhach ina n-iarrachtaí chun an suíomh a fháil. Bainfidh Comhairle Contae Chorcaí úsáid as cuid den talamh chun saoráidí áitiúla a chur ar fáil air.

Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana 2005, tá Oifig na nOibreacha Poiblí fós ag tabhairt 'tús áite' dá dílárú agus do na dúshláin shuntasacha a ghabhann leis.

Socmhainni an Stait a n-Athru Chun Feabhais

- Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2006 leis an scrúdú atá ar siúl ón mbliain 2004 ar phunann maoine an Stáit agus é mar aidhm acu maoin fholamh, maoin nach bhfuiltear ag baint dóthain úsáide aisti, maoin nach bhfuil forbartha mar ba chóir, nó maoin iomarcach a aithint.

- Suas go Nollaig 2006 bhí líon áirithe maoine a measadh a bheith oiriúnach le cur de láimh aimsithe sa phróiseas agus tá €362,500,000 san iomlán bailithe de bharr maoin Stáit a díoladh ó thosaigh an clár i mí Eanáir 2004.

- Bhí níos lú ná acra talún i suíomh an Fhoirgnimh Dháimhe i nDroichead na Dothra agus leagadh praghas, a sháraigh aon phraghas roimhe sin, de 95 milliún in aghaidh an acra, ar an meán, ar an maoin. Ba é sin an luach ab airde riamh in aghaidh an acra ar aon mhaoin a díoladh i stair an Stáit.

- Leanfar sa bhliain 2007 leis an bpróiseas a bhaineann le maoine atá iomarcach do riachtanais an Stáit a aithint agus a dhiúscairt

Maoine curtha de láimh sa bhliain 2006	Praghas	Dáta Deiridh
Stáisiún Gardaí Bhaile Átha Buí, Co. na Mí - Cúl na maoine díolta.	€3,266.54	8ú Márta '06
IarBheairic Mhíleata Thiobraid Árann	€2,540.00	20ú Márta '06
IarBheairic Mhíleata Thiobraid Árann	€4,444.00	20ú Márta '06
Foirgneamh Dáimhe, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4	€35,891,000.00	30ú Meith. '06
Suíomh Post Custaim Bhaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin (Sráid Mhucnú)	€500.09	13ú Iúil '06
Óstán Parnell Thiar, Ionad Cóiríochta, Sráid Parnell Thiar, BÁC 1	€7,236,000.00	17 Lúnasa '06
An Bheairic (a bhí) i dTor an Bhacaigh, BÁC4 - Cúngú ar an Oifig Faoisimh R.O.W. de Bhóthar Shíol Bhroin	€56,000.00	21ú Iúil '06
Teachíní Bhéal na Bóinne, Teachíní Stáisiún an Gharda Cósta mar a bhí, Lú Teachín Uimh. 1	€10,685.44	7ú M. Fómh.'06
Stáisiún na nGardaí a bhí sa Mhagh, Co. Dhún na nGall	€415,000.00	26ú D. Fómh.'06
An Oifig Leasa Shóisialaigh a bhí ar Shráid Ghairdinéir, BÁC 1	€2,500,000.00	26ú D. Fómh.'06
Scoil Náisiúnta an Aireagail, Co. Mhuineacháin	€114.30	1ú Samhain 06
Post Custaim Chorr an Charnáin, Co. Lú - OCÉ talún	€138,800.00	19ú M. Fómh.'06
Post Custaim & Stáisiún Bóthair, Ceann an Droichid, Co. Dhún na nGall	€630,000.00	Samhain 06
An Stáisiún Gardaí a bhí sa Longfort, Co. an Longfoirt	€2,000,000.00	Nollaig '06

Forléargas ar an Margadh 2006

Margadh na n-oifigí ar cíos i mBaile Átha Cliath:
Léiríonn sonraí a sholáthair an tionscal go meastar go raibh 2.8 milliún méadar cearnach de spás i mórcheantar Bhaile Átha Cliath ag deireadh na bliana 2006 - ardú 6% ab ea é sin ar an mbliain a chuaigh roimpi. Tá formhór an spáis sin le fáil i Lárcheantar Gnó Bhaile Átha Cliath 1, 2 agus 4. Bhí obair thógála á déanamh ar gheall le 300,000 méadar cearnach freisin.
Tógadh níos mó spásanna nua ar láimh ná mar a tógadh le roinnt blianta anuas. De réir na meastachán a glacadh, meastar gur breis is 250,000 méadar cearnach, ardú 36% ar an mbliain 2005, an figiúr sin. Bhí an t-éileamh ar spás nua deighilte go cothrom idir Lár na Cathrach agus láithreacha sna bruachbhailte. Thit na rátaí folúntais go 12% ar an meán, ardú 3% ar leibhéil na bliana 2005 ab ea é sin. Ba 10% agus 16% faoi seach na figiúirí don Lárcheantar Gnó agus do na bruachbhailte. Tá geall le 300,000 méadar cearnach san iomlán de stoc oifige ar fáil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tá ardú suntasach tagtha ar leibhéil an chíosa le bliain anuas go háirithe maidir le spás atá comhaimseartha agus tógtha de réir ardsonrúcháin. Tá fianaise ann go bhfuil idirdhealú á

dhéanamh sa mhargadh mar a bhfuil cíosanna an-arda de 650, beagnach, an méadar cearnach á ngearradh ar spásanna comhaimseartha. Tá an t-éileamh ar spás níos sine den Dara Glúin níos ísle áfach.

Tionchar an díláraithe:
Ní raibh an Oifig an-ghníomhach ó thaobh maoin a fháil i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2006 agus is léiriú é sin ar an tionchar atá ag an gclár don dílárú. Ba chun freastal ar riachtanais speisialta áitiúla agus i bhformhór na gcásanna chun cóiríocht a fháil in ionad na cóiríochta seanchaite a rabhthas ag bogadh aisti, an chúis gur ceannaíodh aon spás a ceannaíodh. Ar an lámh eile bhí an Oifig an-ghníomhach maidir le haimsiú suíomh agus foirgneamh a chur i gcrích chun go mbeidís feiliúnach mar oifigí nua réigiúnacha do na Ranna a bheidh ag dílárú agus ina theannta sin le cóiríocht shealadach a sholáthar go dtí go mbeidh na hoifigí buana críochnaithe.

Tá idirbheartaíochtaí críochnaithe nó tá dul chun cinn suntasach déanta orthu ag 37 láthair, go dáta. I gcás 5 láthair, Baile Átha Luain, An Currach, An Uaimh, Na Forbacha agus Sligeach, tá suímh faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí aitheanta agus úsáidfear iad chun oifigí i gcomhair an díláraithe a bhunú iontu.

I gcás 6 láthair eile, Ceatharlach, An Longford, An Caisleán Nua Thiar, Cill Airne, Baile Átha Troim agus Durlas , tá suímh faighte ó na hÚdaráis Áitiúla ábhartha. Ceannaíodh suímh faoi úinéireacht phríobháideach i mBun Cranncha, Cloich na Coillte, Dún Garbhán, Cnoc Mhuire, An Cabhán, Clár Chlainne Mhuiris, Tiobraid Árann, Baile Locha Riach (foirgneamh ar léas), Éadan Doire, Ros Comáin agus Cora Droma Rúisc (foirgneamh ar léas). I gcás Thulach Mhór, tá ceannach Bloc Oifigí críochnaithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus tugadh ar láimh é sa chéad seachtain d'Iúil na bliana 2006. Tá conarthaí sínithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le 2 láthair i Luimneach (foirgneamh ar léas) agus i mBaile Mhic Andáin (suíomh).
Tá conarthaí i gcomhair díolacháin faighte i gcomhair 9 láthair eile sa bhreis lena n-áirítear Dún na nGall, Port Laoise, Lios Tuathail (foirgneamh ar léas), Carraig Mhachaire Rois (foirgneamh ceannaithe), Cill Rois (foirgneamh ar léas), Port Láirge, Loch Garman, An Muileann gCearr agus Inis Córthaidh.

Táthar tagtha ar chomhaontú maidir le téarmaí agus táthar ag fanacht ar chonarthaí i gcomhair 3 láthair bhreise eile lena n-áirítear An Clochán, Eochaill agus An Droichead Nua.

Chomh maith le bheith ag réiteach don chóiríocht bhuan bhí baint ag Oifig na nOibreacha Poiblí chomh maith le cóiríocht shealadach a fháil do na foirne sin ba luaithe a bhí le bogadh. Beifear ábalta baill foirne a lonnú ina láithreacha inmhianaithe mar gheall ar an réiteach sealadach seo agus cabhróidh sé leo chomh maith socruithe a dhéanamh ó thaobh cúram teaghlaigh de.

Meastar go mbeidh cóiríocht ar fáil do 2000 Státseirbhíseach agus Ball den tSeirbhís Phoiblí faoi dheireadh na bliana 2007 má chuirtear an chóiríocht bhuan agus shealadach araon san áireamh.

Díreofar fócas maoine na hOifige sna blianta atá le teacht níos mó agus níos mó i dtreo riachtanais chóiríochta na Rann a bheidh ag dílárú a bhainistiú. Cuirfear níos mó béime i mBaile Átha Cliath ar an spás a chur de láimh, a ghéilleadh nó a chuíchóiriú, spás a bheidh fágtha folamh tar éis do na Ranna bogadh go dtí na cúigí.

Díolacháin Mhaoine
Rinneadh iarracht chomhbheartaithe le roinnt blianta anuas, faoi Chlár na hOifige maidir le Sócmhainní an Stáit a Bhunathrú, chun maoine an Stáit, nach rabhthas ag baint dóthain úsáide astu nó a bhí iomarcach ó thaobh riachtanais an Stáit de, a aithint chun go bhféadfaí iad a chur de láimh. D'éirigh le hOifig na nOibreacha Poiblí, mar chuid den chlár sin, roinnt mhór

gabháltais mhaoine a chur de láimh i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre sa bhliain 2006 agus measadh gur éirigh léi praghsanna sásúla a fháil orthu. Leanfar den chlár eagraithe diúscartha seo de réir mar a aithneofar suímh nach bhfuiltear ag baint dóthain úsáide astu agus de réir mar a dhéanfar cuíchóiriú ar an bpunann tar éis an díláraithe.

Cinnteoidh an Stát, ar an mbealach seo, go mbainfear an úsáid is mó is féidir as a shócmhainní maoine agus go bhfaighidh sé an luach is fearr ar an bpunann.

Athbhreithnithe ar Chíosanna

Lean Oifig na nOibreacha Poiblí de bheith ag bainistiú, go gníomhach, an chláir athbhreithnithe ar chíosanna maidir leis na maoine atá ar léas aici. Nuair ab fhéidir é thángthas ar réiteach trí chomhaontú a fháil ach cuireadh líon áirithe cásanna ar aghaidh chuig tríú páirtí chun cinneadh a dhéanamh orthu i gcás gur braitheadh nach mbeifí ábalta teacht ar chomhaontú réasúnta.

Éadálacha Maoine 2006

Dáta na héadála	Contae	Láthair	Ainm	Costas A an Cheannacháin
12-Ean-06	An Mhi	Baile Atha Troim	An Suíomh do Dhílárú Oifig na nOibreacha Poiblí i mBaile Átha Troim	€3.50M
07-Feabhra-06	Ciarraí	Cill Airne	An Suíomh do Dhílárú EST i gCill Airne	€4.5M
07-Márta-06	Port Láirge	Dún Garbhan	An Suíomh do Dhílárú OSO i nDún Garbhán	€2.10M
09-Beal-06	An Cabhán	An Cabhán	An Suíomh do Dhílárú CMAN, An Cabhán	€2.9M
12-Beal-06	Corcaigh	Corcaigh	An Linn Dubh, Suíomh CC na gCoimisinéirí Ioncaim i gCorcaigh	€8M
13-Meith-06	Tiobraid Árann	Durlas	An Suíomh don Dílárú i nDurlas	€967,500.00
18-Iúil-06	Uíbh Fhailí	Tulach Mhór	An Oifig don Dílárú, Tulach Mhór	€7.40M
10-D. Fómh-06	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 02	An Ceoláras Náisiúnta & Foirgnimh na hOllscoile	€41.8M
22-Samh-06	Corcaigh	An Sciobairín	Suíomh Stáisiún an Gharda Cósta, Ceann Tuaithe	€125,000.00
21-Nollaig-06	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 07	An Cuarbhóthar Thuaidh	€23.5M

Léasanna Nua Eanáir go 31 Nollaig 2006

Ag Tosú	Ag Dul in Éag	An t-Ainm ar an Léas	Láthair	Contae	Méadar Cearnach Le Ligean ar Cíos	Cíos in aghaidh na Bliana	Sealbhoir 1	Sealbhoir 2
01-Ean-06	31-Nollaig-14	Irish Life Chrocal URL.5	Corcaigh	Corcaigh	360.98	69914.52	Oifig na bPasanna	
01-Ean-06	25-Nollaig-07	OLS Bhaile Locha Riach	Bhaile Locha Riach	Gaillimh	74.32	18000	Gnóthaí Sóisialacha Pobail & Teaghlaigh	
01-Ean-06	31-Nollaig-31	Gabhann Fet Fhionnghlaise	Baile Átha Cliath 11	Baile Átha Cliath	6425.7	120000	Iompar	
20-Ean-06	19-Ean-11	Lárionad Gnó Grattan Port Laoise	Port Laoise	Laois	1479.08	264640	Talmhaíocht Bia & Forbairt Tuaithe	
29-Ean-06	25-Nollaig-07	Óstán Fairways Dún Dealgandún	Dún Dealgan	Lú	50	0	Iompar	
01-Feabhra-06	25-Nollaig-07	Saoráid FET Leitir Ceannainn	Leitir Ceannainn	Dún na nGall	0	7800	Iompar	
07-Feabhra-06	06-Ean-16	Oifig Oideachais Cheatharlach	Cheatharlach	Cheatharlach	131.13	27500	Oideachas & Eolaíocht	
08-Feabhra-06	07-Samh-15	Teach na Mílaoise, Baile Locha Riach	Baile Locha Riach	Gaillimh	103.03	19407.5	Comhshaol & Rialtas Áitiúil	
13-Feabhra-06	13-Samh-10	IRI an Chabháin	An Cabhán	An Cabhán	40.14	20500	Iompar	
17-Feabhra-06	14-Lún-10	Sráid an Drochid Sligheach	Sligeach	Sligeach	146	27926.62	Gnóthaí Sóisialacha Pobail & Teaghlaigh	
21-Feabhra-06	20-Feabhra-26	Na Coimisinéiri Ioncaim Gaillimh Páirc an Aonaigh	Gaillimh	Gaillimh	4416.5	941276.16	Na Coimisinéirí Ioncaim	
14-Márta-06	13-Márta-07	Carrchlós Lárionad Setanta	Baile Átha Cliath 02	Baile Átha Cliath	0	66600	An tArd-Aighne	Ard-Mhúsaem na hÉireann

Léasanna Nua Eanáir go 31 Nollaig 2006

Ag Tosú	Ag Dul in Éag	An T-ainm ar an Léas	Contae	Láthair	Méadar Cearnach Le Ligean ar Cíos	Cíos in aghaidh na Bliana	Sealbhoir 1	Sealbhoir 2
01-Aib-06	29-Feabhra-16	Stóras na gCoimisinéirí Ioncaim Dún Dealgan	Dún Dealgan	Lú	1584	130000	Na Coimisinéirí Ioncaim	
01-Aib-06	31-Márta-07	Carrchlós 3 Teampall Chríost	Baile Átha Cliath 08	Baile Átha Cliath	0	31000	Airgeadas	
01-Aib-06	29-Feabhra-16	Oifig Réigiúnach Oifig na Oibreacha Poiblí Sligeach	Sligeach	Sligeach	350	57642	Oifig na nOibreacha Poiblí	
05-Aib-06	04-Aib-08	Na Coim. Ioncaim Teach Estuary Luimneach	Luimneach	Luimneach	492	68771	Na Coimisinéirí Ioncaim	
10-Aib-06	09-Aib-08	Teach Le Pole CTSP	Baile Átha Cliath 08	Baile Átha Cliath	657.48	306759	Airgeadas	
25-Aib-06	24-Ean-11	An Oifig Oideachais Baile na Lorgan	Baile na Lorgan	Muineachán	70.3	14250	Oideachas & Eolaíocht	
01-Meith-06	30-Meith-10	An Oifig Shealadach Don Dílárú An Cabhán	An Cabhán	An Cabhán	0	46970	Cumarsáid, Muir & Acmhainní Nádúrtha	
01-Meith-06	31-Beal-08	Oifig GPTG Tobar Choire	Tobar an Choire	Sligeach	753.71	86755	Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta	
01-Iúil-06	01-Iúil-08	Oifig Shealadach CMAN Cloich na Coillte	Cloich na Coillte	Corcaigh	0	157480	Cumarsáid, Muir & Acmhainní Nádúrtha	
01-Iúil-06	30-Meith-06	An Oifig Don Dílárú Tulach Mhór	Tulach Mhór	Uíbh Fhailí	11513.75	10	Airgeadas	
01-Iúil-06	30-Meith-08	Oifig Shealadach do Dhílárú EST an Fhosaidh	Cill Airne	Ciarrai	0	140000	Ealaíona, Spórt & Turasóireacht	
10-Iúil-06	30-Meith-07	Carrchlós Promhadh & Leasa Droichead Átha	Droichead Átha	Lú	0	10588	An tSeirbhís Phromhaidh & Leasa	
12-Iúil-06	11-Aib-11	Oifig Chomhshaoil Port Laoise	Port Laoise	Laois	108.7	9945	Comhshaol & Rialtas Áitiúil	
14-Iúil-06	13-Iúil-16	Oifig RTImh & Bia Bealach Conglais	Bealach Conglais	Cill Mhantáin	70.23	26000	Talmhaíocht Bia & Forbairt Tuaithe	
01-Lún-06	30-Meith-16	Oifig Oideachais Port Laoise	Port Laoise	Laois	0	46860	Oideachas & Eolaíocht	An Chomh. Náis. um Speisialta
01-Lún-06	31-Iúil-10	Oifig Shealadach Don Dílárú U2 An Cábhán	An Cábhán	An Cábhán	0	25928	Cumarsáid, Muir & Acmhainní Nádúrtha	
01-M. Fómh-06	31-Beal-10	Ar Chúl 65 An Phríomh-shráid An Cabhán	An Cábhán	An Cábhán	158.31	21000	Talmhaíocht Bia & Forbairt Tuaithe	
05-M. Fómh-06	05-Meith-11	Aonad 2 Clós Gnó Béal an Átha	Béal an Átha	Maigh Eo	971.55	151641	Iompar	
02-D Fómh-06	01-D Fómh-08	SG Sealadhach Clár Chalainne Mhuirisclár	Clár Chlainne Mhuiris	Maigh Eo	239.59	60000	An Garda Síochána	
01-Samh-06	31-D Fómh-07	Carrchlós Na R/GST An Uaimh	An Uaimh	An Mhí	0	7000	Gnóthaí Sóisialacha Pobail & Teaghlaigh	
13-Samh-06	12-Samh-26	An Gabhann Feithiclí Tamhlacht	Baile Átha Cliath 24	Baile Átha Cliath	0	1000000	An Garda Síochána	
13-Samh-06	12-Samh-08	CC2 Na Coim. Ioncaim Páirc an Aonaigh Gaillimh	Gaillimh	Gaillimh	0	60800	Na Coimisinéirí Ioncaim	
13-Samh-06	20-Feabhra-26	CC1 Na Coim. Ioncaim Páirc an Aonaigh Gaillimh	Gaillimh	Gaillimh	0	34200	Na Coimisinéirí Ioncaim	
01-Nollaig-06	30-Samh-07	Oifig Oideachais an Uaimh	An Uaimh	An Mhí	285.02	60000	Oideachas & Eolaíocht	
01-Nollaig-06	30-Samh-26	An Oifig Don Dílárú Cúil an tSúdaire	Cúil an tSúdaire	Laois	457.38	73500	An Coimisinéir Cosanta Sonra	
15-Nollaig-06	14-Nollaig-26	Foirgneamh na Seansaireachta	Baile Átha Cliath 08	Baile Átha Cliath	1630	547056	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	

Léasanna Tugtha suas 2006

Dáta ar Tughadg Suas na Léasanna	Ainm	Contae	Láthair	Cíos Bliantúil	An Cineál Léasa
Go luath i mí Eanáir 2006	Oifig Theagaisc Caisleán Bhaile Sheáin	Loch Garman	Loch Garman	2400	Léas gearrthéarmach
17-Ean-06	An OLS/C&E Driochead Átha	Lú	Driochead Átha	7745.4	Léas ó Thiarna Talún
18-Ean-06	An OLS Caisleán an Chomair	Cill Chainnigh	Caisleán and Chomair	4469.48	Léas ó Thiarna Talún
30-Ean-06	Oifig Dhaonáireamh 2006 Sligeach	Sligeach	Sligeach	6800	Léas gearrthéarmach
31-Ean-06	Ionad Gnó 1Citywest (P) I.A.A.S.A.	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 24	52200	Ceadúnas (A)
31-Ean-06	Ionad Gnó 1Citywest (P) I.A.A.S.A.	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 24	24 21106.8	Ceadúnas (B)
31-Ean-06	Carrchlós Óstán Marina Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge	4951.98	Páirceáil Carranna
31-Ean-06	An tSeirbhís Phromh/Leas Caisleán an Bharraigh	Maigh Eo	Caisleán an Bharraigh	22399.45	Léas ó Thiarna Talún
08-Feabhra-06	Carrchlós Sráid na Binne Boirbe	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 07	27934.24	Páirceáil Carranna
08-Feabhra-06	An Oifig LS/P-OS Dún Mánmhaí	Corcaigh	Dún Mánmhaí	8400	Léas gearrthéarmach
18-Feabhra-06	Carrchlós Sráid Sandwith	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 02	75000	Páirceáil Carranna
26-Beal-06	Oifig Sláinte/Stóras Ros Comáin	Ros Comáin	Ros Comáin	75708.13	Léas ó Thiarna Talún
26-Beal-06	Oifig Sláinte/Stóras Ros Comáin	Ros Comáin	Ros Comáin	11427.64	Léas ó Thiarna Talún
31-Beal-06	Oifig Sheal. Chosaint Shibhialta Ros Cré	Tiobraid Árann	Ros Cré	15000	Léas ó Thiarna Talún
07-Meith-06	Garáiste C&M Baile na Lorgan	Muineachán	Baile na Lorgan	12.7	Cíos Ainmniúil
26-Meith-06	Oifig na Príomh-Oifige Staidrimh Gaillimh	Gaillimh	Gaillimh	3573.97	Léas ó Thiarna Talún
30-Meith-06	Na Ceardlanna Draenála Baile	Lú	Baile Átha Fhirdhia	7000	Léas ó Thiarna Talún
30-Meith-06	Oifig Dhaonáirimh Chill Chainnigh	Cill Chainnigh	Cill Chainnigh	6216	Léas gearrthéarmach
30-Meith-06	Oifig na P-OS Durlas	Tiobraid Árann	Durlas	18200	Léas gearrthéarmach
30-Meith-06	Oifig Dhaonáireamh 2006 An	An Iarmhí	An Muileann	12000	Léas gearrthéarmach
30-Meith-06	Oifig an Gnóthaí Tomhaltóra Corcaigh	Corcaigh	Corcaigh	44000	Léas ó Thiarna Talún
30-Meith-06	Oifig Dhaonáirimh An Cabhán	An Cabhán	Coill an Chollaigh	2168	Léas gearrthéarmach
30-Meith-06	Oifig Dhaonáirimh Móinteach Mílic	Laois	Móinteach Mílic	4000	Léas gearrthéarmach
30-Meith-06	Oifig Dhaonáirimh An Uaimh	An Mhí	An Uaimh	4000	Léas gearrthéarmach
30-Meith-06	Oifig Dhaonáirimh Cill Mhantáin	Cill Mhantáin	Cill Mhantáin	3600	Léas gearrthéarmach
30-Meith-06	Oifig Dhaonáirimh Caisleán an Bharraigh	Maigh Eo	Caisleán an Bharraigh	2136	Léas gearrthéarmach
30-Meith-06	Oifig Dhaonáirimh Ros Mhic Thriúin	Loch Garman	Ros Mhic Thriúin	4336	Léas ó Thiarna Talún
30-Meith-06	Oifig Dhaonáirimh Cill Dara	Cill Dara	Cill Dara	10400	Léas gearrthéarmach
02-Iúil-06	An Oifig Phromh & Leas Port Láirge	Port Láirge	Port Láirge	25394.76	Léas ó Thiarna Talún
20-Iúil-06	Oifig Roinne Corcaigh	Corcaigh	Baile an Chillaigh	6551.88	Léas ó Thiarna Talún
01-Lún-06	An SG Seal. Beanntraí	Corcaigh	Beanntraí	27934.24	Léas ó Thiarna Talún
18-M Fómh-06	Cúirteanna Riverbank	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 08	38092.14	Léas ó Thiarna Talún
17-D Fómh-06	An OLS Sráid Victoria	Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 08	44440	Léas ó Thiarna Talún
31-D Fómh-06	Oifig Sheal. Oifig na nOibreacha Poiblí Sligeach	Sligeach	Sligeach	6500	Léas gearrthéarmach
07-Samh-06	Oifig an Rialtais Béal Átha na Sluaighe	Gaillimh	Béal Átha na Sluaighe	4951.96	Léas ó Thiarna Talún

Aonad Bainistíochta Saoráidí agus Imrachtaí

CAISLEÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

Ba bhliain rathúil eile ab ea í do Chaisleán Bhaile Átha Cliath mar a baineadh an-úsáid arís sa bhliain 2006 as a shaoráidí comhdhála agus ócáidí. Reáchtáladh 457 ócáid san iomlán agus ba isteach is amach le 64,000 duine san iomlán a bhí i láthair ag na hócáidí sin; ardú de bhreis is 16% ar an mbliain roimhe ab ea é sin.

Tugadh 137,000 cuairteoir ar thuras treoraithe ar Árasáin an Stáit agus ba 6,000 líon iomlán na dturas treoraithe.

Ócáidí Stáit
Bíonn foireann bainistíochta Chaisleán Bhaile Átha Cliath fós ag cur seirbhísí bainistíochta ócáidí ar fáil don Stát agus bhí an-éileamh sa bhliain 2006 ar an réimse oibre sin. I measc na n-ócáidí iomráiteacha a bhí faoi bhainistíocht na foirne bhí Paráid Chomórtha 1916, Sochraid Stáit an Iar-Thaoisigh, an tUas. Cathal Ó hEachaidh, Comóradh 90 Bliain Chath an Somme agus an Lá Náisiúnta Comórtha.

OSPIDÉAL RÍOGA CHILL MHAIGHNEANN

Tacaíonn Aonad Bainistíochta Saoráidí agus Ócáidí Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhar le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann, leis an oibríocht a bhaineann le bainistíocht comhdhála agus ócáidí ag an ionad clúiteach seo. Reáchtáil Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann 80 ócáid sa bhliain 2006 agus ba 17,000 líon na ndaoine a d'fhreastail orthu.

FARMLEIGH

Lean Farmleigh dá ról mar theach ósta oifigiúil an Stáit agus b'ann a cuireadh fáilte roimh líon áirithe cuairteoirí tábhachtacha Stáit le linn 2006 agus áirítear Cinn Stáit agus daoine mór le rá ón gCróit, ón Astráil, ón Nua-Shéalainn, ón Iorua, ón Éigipt agus Uachtarán Pharlaimint na hEorpa ar na daoine a chaith tamall ann.

Reáchtáladh 96 ócáid ardleibhéal de chuid an Rialtais in Farmleigh sa bhliain 2006 agus d'fhreastail 3,412 toscaire orthu.

Bliain rathúil eile ab ea 2006 do chlár rochtana pobail Farmleigh. D'fhreastail breis is 277,000 cuairteoir ar na laethanta oscailte, na turais threoraithe agus na hócáidí poiblí éagsúla saor in aisce ó Mhí an Mhárta go mí na Nollag. Ardú de bhreis is 50% ab ea é sin ar líon cuairteoirí na bliana roimhe sin.

ARAS AN UACHTARAIN

Comhordaíonn agus bainistíonn an tAonad Bainistíochta Saoráidí agus Ócáidí raon seirbhísí maoine, foras tí agus lónadóireachta ag Áras an Uachtaráin ar son Oifig an Uachtaráin. Chinn líon agus raon na n-ócáidí a reáchtáladh ag an Áras le linn 2006 go raibh bliain ghnóthach eile ag an bhfoireann saoráidí. Rinneadh freastal ar 15,559 cuairteoir san iomlán ag na hócáidí a bhí ar siúl san Áras sa bhliain 2006, agus cuairteanna ó Chinn Stáit agus daoine mór le rá eile, turais phoiblí ar an Áras agus ócáidí eile a reáchtáladh ann ina measc sin.

TEACH BHAILE AN CHAISLEÁIN

Aistríodh an fhreagracht a bhaineann le bainistíocht a dhéanamh ar Theach Bhaile An Chaisleáin go dtí an tAonad Bainistíochta Saoráidí agus Ócáidí sa bhliain 2006. Tiocfaidh a thuilleadh feabhais ar na saoráidí do chuairteoirí atá sa Teach sa bhliain 2007 mar thoradh ar chlár infheistíochta atá beartaithe. Osclófar na Seomraí nua Tea, cuirfear feabhas ar an rochtain agus ar spásanna páirceála do charranna agus eagrófar níos mó ócáidí poiblí.

SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA NA SAORÁIDÍ GINEARÁLTA.

Déanann an tAonad Bainistíochta Saoráidí agus Ócáidí maoirseacht ar sholáthar raon iomlán de sheirbhísí tacaíochta ag maoine eile cosúil leis an tSaotharlann nua Rialtais i mBackweston, Co. Chill Dara, Lárionad Cathrach an Chinn Thuaidh sa Chúlóg, Baile Átha Cliath agus Oifigí an Rialtais i Ros Comáin, trí bhíthin soláthraithe seirbhíse ar conradh. Is é an cuspóir atá leis seirbhís bainistíochta saoráidí a bheadh gairmiúil, éifeachtach ó thaobh costas de agus seirbhís scoth-chleachtais a sholáthar do na Ranna atá mar chliaint againn.

Seirbhís Cothabháil Maoine

Tá aonad gnó na Seirbhísí Cothabhála Maoine freagrach as iarrataí ar chothabháil ó Sheirbhísí Oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí, ó Ranna Rialtais agus ó Ghníomhaireachtaí Stáit a eagrú agus as freagra a thabhairt orthu tríd an gcóras cuntas 'Q'. Tá an t-aonad gnó freagrach chomh maith as na hocht n-oifig Réigiúnacha agus na seacht n-oifig Cheantair ar fud na tíre, as na Seirbhísí Cothabhála don Tógáil i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i gceardlann Luimnigh, as mionoibreacha caipitil lena n-áirítear oibreacha do na Gardaí agus feistiú oifigí. Déantar iad seo trí fho-mhírcheann E agus trí airgead a lóisteálann Ranna agus Gníomhaireachtaí, An tAonad Beartas Sláinte & Sábháilteachta, An tAonad Bainte Aispeiste & Athchlúdaithe agus an Brainse Troscáin i gcuntas Oifig na nOibreacha Poiblí. Láimhsíonn an tAonad na billí do na Seirbhísí Meicniúla & Leictreacha ach ní bhíonn ionchur ar bith aige sna beartais chothabhála, nósanna imeachta ná prótacail a bhaineann leis na Seirbhísí Meicniúla & Leictreacha.

Ba thart ar €133,000,000-00 an caipiteal a chuaigh tríd an aonad gnó sa bhliain 2006. Seo a leanas an miondealú air sin:

• Cothabháil Maoine agus Oifigí Réigiúnacha	€20,000,000-00
• An tSeirbhís Cothabhála don Tógáil	€14,500,000-00
• Mionoibreacha Caipitil lena n-áirítear mionoibreacha do na Gardaí ar fho-mhírcheann E	€40,000,000-00
• Cuntais chliaint na nGnáthchothabhála (cuntais 'Q')	€14,205,000-00
• Obair ghníomhaireachta a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí do Ranna (GLS)	€5,814,000-00
• Aispeist & Athchlúdach	€25,000,000-00
• An tAonad Sláinte & Sábháilteachta	€500,000-00
• An Brainse Troscáin	€13,000,000-00

Tá athrú ó bhun á dhéanamh ar chreat iomlán oibriúcháin na Cothabhála Maoine agus ar a fo-aonad chun a fháil amach cé mar a thabharfaidh sí faoina cuid oibre sna cúig bliana seo romhainn. Dílárú, teorainneacha réigiúnacha nua agus rialuithe chun bainistiú a dhéanamh ar ualach oibre a mbainfidh éagsúlacht léi agus a mbeidh na daoine a bheidh ina bun scaipthe go forleathan ar fud na tíre na dúshláin a bheidh amach roimh an Aonad Gnó sa todhchaí.

Is féidir dhá chuid a dhéanamh de na hoibreacha foirgníochta: mionoibreacha, caiteachas caipitil agus airgead a lóisteálann cliaint agus oibreacha cothabhála, caiteachas reatha. Bhí an leibhéal foirne sna réimsí go léir ag ísliú in imeacht na gcúig bliana seo caite cé go raibh ardú faoi thrí ar an obair a bhí á déanamh. Thit líon foirne na Seirbhíse Cothabhála don Tógáil ó 267 go 200, líon foirne na Cothabhála Maoine, na Réigiún agus na gCeantar ó 150 go 135. Chomh maith leis sin bunaíodh an tAonad nua Comhairleach Sláinte & Sábháilteachta. Baill foirne as an bhfoireann reatha a chuaigh isteach ansin rud a d'fhág ualach sa bhreis ar acmhainní an Aonaid Ghnó. Nuair a bhí an Creat um Fhaisnéis Bainistíochta agus cóid nua na gcuntas á dtabhairt isteach éilíodh lear mór acmhainní ionchuir ar Chothabháil Maoine. Ba ghá é sin a dhéanamh mar gur dóigh gurb iad bogearraí bainistíochta an aonaid na bogearraí is mó a ghineann orduithe íocaíochtaí agus go mbíonn isteach is amach le 35,000 ordú ann in aghaidh na bliana. Is orduithe leictreonacha a bhformhór sin. De réir an sceidil ba chóir go mbeadh clár forbartha na Cothabhála Maoine ag feidhmiú i gceart arís faoi dheireadh na bliana 2007.

Táthar ag cur tús le Conradh Cothabhála Téarma Tomhaiste i gcomhair na n-oibreacha cothabhála i mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun déileáil leis na hoibreacha cothabhála

agus déanfaidh siadsan na mionoibreacha caipitil agus an feistiú tríd an gcóras soláthair seo, in am is i dtráth. Beidh deasc chabhrach chomónta in úsáid freisin agus is í sin an chéad phointe teagmhála a bheidh ag cliaint na Roinne agus na nGníomhaireachtaí nuair a bheidh seirbhísí cothabhála á n-éileamh acu. Is í an deasc chabhrach atá ag seirbhísí M&L an deasc chabhrach a bheidh in úsáid agus is í sin an t-aon phointe teagmhála a bheidh ann le haghaidh na n-oibreacha cothabhála tógála, meicniúla agus leictreacha go léir a ndéanann Oifig na nOibreacha Poiblí soláthar dóibh. Déanfar a thuilleadh forbartha ar na nósanna imeachta nua seo i gcomhair cothabháil tógála in imeacht na dtrí bliana seo romhainn.

Tháinig ardú ó €15 milliún sa bhliain 2001 go €40.5 milliún sa bhliain 2006 ar luach na mionoibreacha caipitil. Níl an t-airgead a lóisteáil Ranna, gur cliaint iad, i gcuntas Oifig na nOibreacha Poiblí san áireamh anseo. Is gá anois measúnú a dhéanamh ar an saineolas a bhíonn ag an bhfoireann theicniúil agus ag an bhfoireann riaracháin. Roinnfear na hoibreacha caipitil agus na hoibreacha cothabhála chun aonad nua mionoibreacha caipitil ina mbeidh ailtirí réigiúnacha, ailtirí, ailtirí iarchéime agus teicneoirí ailtireachta, a chruthú agus beidh na comhordaitheoirí cothabhála agus na cigirí ceantair i mbun maoirseachta ar na hoibreacha cothabhála. Caithfear seirbhísí bainistíochta agus tacaíochta a shocrú chomh maith chun seirbhísí a sholáthar i gceart agus go tapa do chliaint Oifig na nOibreacha Poiblí.

Earcú foirne teicniúla agus foirne riaracháin do na hoifigí sna réigiúin agus dílárú molta cheanncheathrú Oifig na nOibreacha Poiblí go Baile Átha Troim mar aon le trí réigiún nua níos leithne a chruthú, bunaithe ar theorainneacha na gcúigí, na dúshláin mhóra atá roimh na Seirbhísí Cothabhála Maoine.

Táthar ag leanúint den chlár aispeiste agus beidh caiteachas €25 milliún in aghaidh na bliana air sin. Tugadh an suirbhé aispeiste ar fhoirgnimh uile an Stáit chun críche sa bhliain 2006. Is cabhair é seo ó thaobh clár oibreacha a chur i bhfeidhm in imeacht na dtrí bliana seo romhainn.

Tá an Brainse Troscáin ag cur na seirbhísí, a bhaineann le pleanáil spáis do na Ranna, i bhfeidhm agus tá troscán, cairpéid agus cuirtíní nó dallóga á soláthar aige don chlár díláraithe ar conradh glao isteach. Bíonn clár ar athchóiriú troscáin, ar shnasú francach agus ar chumhdaitheoireacht ar siúl go leanúnach ina cheardlann ag an mBrainse Troscáin. Soláthraítear troscán agus gréithe do na hAmbasáidí Éireannacha agus soláthraítear meascán de nithe don tseirbhís phríosúin mar chuid dá sheirbhísí eile.

Tá a n-acmhainní á ndíriú ag na Seirbhísí Cothabhála don Tógáil ar athchóiriú tógálacha stairiúla agus beidh siad ag tarraingt amach as gnáthobair chothabhála. Beidh na hoibreacha seo á gcur faoi chúram Chothabháil Théarma Tomhaiste. Fágfaidh sé sin na Seirbhísí Cothabhála don Tógáil saor le dul i mbun oibreacha conartha ar na maoine oidhreachta, oibreacha a ligtear amach ar conradh de ghnáth, chomh maith leis na hoibreacha cothabhála.

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal

Déanann na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal, le cuidiú ó Sheirbhísí Ailtireachta agus Innealtóireachta Oifig na nOibreacha Poiblí agus ó dhisciplíní gairmiúla ón earnáil phríobháideach de réir mar a bhíonn riachtanach, bainistíocht ar thionscadail nua tógála, athchóirithe, chaomhantais agus ar thionscadail mhóra chothabhála ar son Oifig na nOibreacha Poiblí agus a cliaint agus a custaiméirí.

Cuireann na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal riachtanais na gcliant agus na gcustaiméirí in iúl, i mionsonraí, chun cuidiú chun na riachtanais sin a chur i gcrích in am, taobh istigh den bhuiséad agus de réir na gcaighdeán ailtireachta agus innealtóireachta is airde, de réir nósanna imeachta Soláthair an Rialtais agus an AE.

Ní mór bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt doiciméid tairisceana, foirne deartha a thabhairt le chéile agus a cheapadh, ceadanna pleanála riachtanacha a dhaingniú, conraitheoirí a roghnú, maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar an láthair agus bainistíocht a dhéanamh ar chostais na dtionscadal chun freastal ar riachtanais na gcliant agus na gcustaiméirí.

Áirítear na heagraíochtaí seo a leanas i mbunachar cliant Oifig na nOibreacha Poiblí: An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, An Roinn Talmhaíocht agus Bia, An Roinn Cosanta, An Roinn Iompair, An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, An Roinn Gnóthaí Eachtracha, An Roinn Sláinte, An tOireachtas, Na Coimisinéirí Ioncaim, An Garda Cósta, Zú Bhaile Átha Cliath agus muid féin ar ndóigh.

An Clár um Chuíchóiriú Oifigí

Ba thart ar €7.5 milliún an caiteachas a rinneadh sa bhliain 2006.

Críochnaithe	Ar siúl	Ag Céim an Cheada Pleanála / na Tairisceana agus araile	Á bPleanáil
Oifigí Nua don Chosaint Shibhialta - Ros Cré, Co. Thiobraid Árann	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh - Baile Munna	Ceardlann nua Oifig na nOibreacha Poiblí, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	Clárlann na Talún - Sráid an Teampaill/Lána an Chrochadóra
An Roinn Cosanta, Coláiste Caoimhín (Baile Átha Cliath) - Oibreacha Sláinte agus Sábháilteachta	Clárlann na Talún, Seantrabh, - Saoráid Stórais	An Roinn Talmhaíochta & Bia - Oifig Cheantair nua Tréidliachta, Droim Seanbhó, Co. Liatroma	An Roinn Iompair - Dún Dealgan
	An Roinn Iompair - Ionad Tástála Tiomána, Fionnghlas, Baile Átha Cliath	Na Coimisinéirí Ioncaim - Caisleán an Bharraigh	An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Teach Uíbh Eachach - oibreacha athchóirithe, Céim D
	An tSeirbhís Phromhaidh & Leasa - Séipéal Nioclás, Corcaigh - Athchóiriú	Na Coimisinéirí Ioncaim - Gaillimh	
	Oifigí nua Rialtais, An Uaimh	Na Coimisinéirí Ioncaim - Sráid San Seoirse, Baile Átha Cliath	
	An Roinn Sláinte - GRO Ionad an Irish Life, Baile Átha Cliath	Na Coimisinéirí Ioncaim - Inis	
	An Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil - bealach nua isteach & oibreacha eile	Oifigí Rialtais - Durlas	
	Teach Laighean - An Siopa, Sráid Chill Dara	An Roinn Dlí & Cirt - Ionad an Irish Life	
		Teach Laighean - Pailliún Shráid Mhuirfean	

Clár Tógála an Gharda Síochána

Scéim féidearthachta / Ag Fáil Láithreach / Sracscéim	Ag Céim an Cheada Pleanála/ na Tairisceana agus araile	Ar an Láthair	Críochnaithe
Béal Átha an Cheasaigh	Baile an Chollaigh	An Caisleán Riabhach	Béal an Átha
Béal Átha Bhearaigh	Baile an Mhóta	An Baile Gaelach	Baile an Gharraí
Carn Domhnach	An Baingear	Léim an Bhradáin	Beanntraí
Oileán Ciarraí	Bun Cranncha	Órán Mór	Cairbre
Dromad	Clár Chlainne Mhuiris	Baile Átha Troim	Dún Ard
Iascaigh	Fionnghlas	Baile Munna	An Scoil
Ail Finn			An Teampall Mór
An Bóthar Buí			Áth na nUrlainn
Sráid Anraí, Luimneach			
Sráid Chaoimhín Baile Átha Cliath			
Cill Fhíonáin			
Cill na Gráinsí			
Port Laoise			
Crois na Rae			
Loch Garman			
Carraig Tuathail			
Dún Droma			
Cathair na Gaillimhe			
Tamhlacht			
Trá Lí			
Sord			
Biorra			
An Mám			
Leitir Móir			
Baile An Chaisleáin			
Dún			
Cill Chonaill			

Clár Theach Laighean/an Oireachtais

Ba €1.6 milliún an caiteachas sa bhliain 2006.

Ligeadh an Siopa nua amach ar conradh agus táthar ag súil go ligfear an pailliún nua ar Shráid Mhuirfean amach ar conradh le linn na bliana. Cuirfear críoch chomh maith le hoibreacha slándála dóiteáin agus le hoibreacha coisc.

Clár Na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Ba €7.2 milliún an caiteachas sa bhliain 2006.

Críochnaithe	Ar Siúl	Ag Céim an Cheada Pleanála/na Tairisceana	Á bPleanáil
Áras Uí Eidhin, Gaillimh - urlár na talún agus an chéad urlár a fheistiú			Béal an Átha (Co. Mhaigh Eo) - oifig nua áitiúil
Bré - Oifig nua Áitiúil á tógáil	Baile Munna - Oifig nua Áitiúil á tógáil		Teach Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath
		Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall (I gcomhar leis an tionscadal don Dílárú.)	Tulach Mhór
			Cill Airne
			An Cabhán

Tionscadail mhóra Tógála

Thug Oifig na nOibreacha Poiblí faoi raon éagsúil oibreacha ag Príomh-Áras an Gharda Síochána i bPáirc an Fhionnuisce lena n-áirítear Saotharlann Fhóiréinseach, athlonnú Bhainistíocht Flít, agus athchóiriú a dhéanamh ar na réimsí seo a leanas: Balaistíocht, Teach an Gheata, Seomra an Bhanna chomh maith le Bloc N. Tá na hoibreacha seo go léir ar bun faoi láthair nó táthar ag súil go mbeidís ar bun ar an láthair le linn na bliana.

Cuireadh an obair a bhain le Dún Éilís i gCorcaigh i gcrích.

Clár na Seirbhísí Cúirteanna.

Críochnaithe	Ar Siúl	Ag Céim an Cheada Pleanála /na Tairisceana agus araile	Á bPleanáil
Bré - Teach Cúirte nua á thógáil	Teach Cúirte Shráid Bowes	Coimpléasc na Cúirte Coiriúla - Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí	Teach Cúirte an Mhuilinn gCearr
Teach Cúirte an Longfoirt	Seomra Rialaithe na gCeithre Chúirt	Cill Chainnigh - athchóiriú	Teach Cúirte Thrá Lí
Teach Cúirte An Aonaigh	Teach Cúirte Dhurlas	Muineachán - athchóiriú	Teach Cúirte Inis Díomáin
	Teach Cúirte Thulach Mhór	Teach an Charnáin	Teach Cúirte Loch Garman
		Teach Cúirte Chluainín	Teach Cúirte Eochaille
		Teach Cúirte Bhaile Bhlainséir	Teach Cúirte Chill Airne
			Teach Cúirte Mhainistir na Búille
			Teach Cúirte Bhéal Átha na Muice
			Teach Cúirte Ros Comáin
			Teach Cúirte Chill Mocheallóg
			Teach Cúirte Bhéal an Átha
			Teach Cúirte Dhún Laoghaire
			Teach Cúirte Chathair na Gaillimhe
			Teach Cúirte Chloich na Coillte

Clár Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Críochnaithe	Ar Siúl	Ag Céim an Cheada Pleanála /na Tairisceana agus araile	Á bPleanáil
	Seirbhís Phríosúin na hÉireann - Príosún Port Laoise Bloc C		Seirbhís Phríosúin na hÉireann - Droichead á thógáil amach go dtí Inis Píc

Zú Bhaile Átha Cliath

Tosaíodh ar chlár nua 5 bliana maidir le hObair Forbartha Caipitil sa bhliain 2006. Taispeántas nua eilifintí a fhorbairt is ea an chéad tionscadal atá faoin gclár seo agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe in Earrach na bliana 2007. Ina theannta sin tosófar ar Theach Haughton a atógáil níos déanaí i mbliana.

Stáisiúin an Gharda Cósta

Tá an obair thógála a bhí ar bun ar Stáisiún an Gharda Cósta ar an mBun Beag, Co. Dhún na nGall críochnaithe anois agus táimid ábalta anois conradh a ligean amach maidir le Stáisiún Garda Cósta a fhorbairt i gCeann Tuaithe, Co. Chorcaí.

Eile

Lena chois sin thug an Oifig faoi obair ar bhonn aisíoctha i gcomhair Gníomhaireachtaí eile Stáit. I measc na dtionscadal a críochnaíodh bhí na hoifigí i mBaile Átha Cliath a fheistiú i gcomhair Ombudsman na Leanaí i dTeach na Mílaoise, 52 - 56 Sráid Mhór na Trá, Baile Átha Cliath 1.

Áirítear leis na tionscadail ar an láthair forbairt nua i gcomhair na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i gCill Chainnigh.

Áirítear leis na tionscadal atá i mbun pleanála, oifigí i gcomhair an Údaráis Uchtála ag Teach Shíol Bhroin, Sráid Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath a athchóiriú agus oifigí i gcomhair na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i Loch Garman a athchóiriú.

Cuirfear críoch leis an obair thógála ar Cheanncheathrú Réigiúnach nua i gcomhair Uiscebhealaí Éireann ar an Scairbh, Co. an Chláir.

An Clár don Dílárú

Críochnaithe	Ar Siúl	Ag Céim an Cheada Pleanála /na Tairisceana agus araile	Á bPleanáil
Seirbhís Phríosúin na hÉireann, An Longfort - Sceall & Croílár	Seirbhís Phríosúin na hÉireann, An Longfort - Feistiú	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Bun Crannchа, Co. Dhún na nGall	Na Fórsaí Cosanta, An Currach
	Sligeach - Síneadh le hOifig na Seirbhísí Pinsin (An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh)	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh. .	
	An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach, Tiobraid Árann		

An Clár Don Dílárú - Foirgnimh Nuacthógtha

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2006 maidir leis an gClár don Dílárú a thabhairt chun cinn. Foirgnimh nua a thógáil ab ea an rogha tosaíochta chun cóiríocht a chur ar fáil do Ranna agus d'Oifigí Rialtais a bheidh ag dílárú. Táthar ag tabhairt faoi líon áirithe de mhodhanna soláthair sna cásanna seo, lena n-áirítear Tógáil Dearaidh faoi Threoir Cliaint agus Tógáil Dearaidh agus Cothú Airgeadais don Tógáil Dearaidh. Maidir leis an modh is déanaí, tá múnla na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí á úsáid agus tá An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ag cur comhairle airgeadais ar Oifig na nOibreacha Poiblí.

Rinneadh dul chun cinn san obair thógála a bhí á déanamh le linn na bliana sa Longfort mar a bhfuil foirgneamh Ceanncheathrún nua á sholáthar do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus i Sligeach ina lonnófar foireann ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Fuarthas cead pleanála agus roghnaíodh conraitheoirí chun an foirgneamh Ceanncheathrún nua a thógáil don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i gCill Airne agus do shaoráid nua don Roinn Oideachais agus Eolaíochta i mBaile Átha Luain. Tosófar ar an obair thógála go luath sa bhliain 2007.

Bhí líon mór tionscadal eile go mór chun cinn sa phróiseas soláthair. Áirítear orthu sin foirgnimh Ceanncheathrún nua d'Oifig na nOibreacha Poiblí i mBaile Átha Troim agus don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gCnoc Mhuire, chomh maith leis an gcóiríocht do na Coimisinéirí Ioncaim sa Chaisleán Nua agus don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus do BIM i gCloich na Coillte. Roghnaíodh grúpa tairisceana tosaíochta i ngach aon chás díobh sin agus bhíothas i mbun cead pleanála a fháil ag deireadh na bliana.

Faoi dheireadh na bliana 2006 chomh maith bhíothas i mbun measúnú ar fhoirgnimh nua Cheanncheathrún don Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil i Loch Garman agus don Roinn Cosanta sa Droichead Nua. Ceapfar conraitheoirí go luath sa bhliain 2007.

Fuarthas léirithe spéise sa bhliain 2006 ó lucht forbartha poitéinsiúil i gcás tionscadal ollmhór na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí a mbeidh sé i gceist leis oifigí nua a thógáil don Roinn Talmhaíochta agus Bia, don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus don Roinn Oideachais agus Eolaíochta i bPort Laoise, i gCeatharlach agus sa Mhuileann gCearr, faoi seach. Leanfar ar aghaidh leis an tionscadal seo go céim na tairisceana chomh luath is is féidir é agus táthar ag súil go mbeidh na foirgnimh tógtha sa bhliain 2009.

Fuarthas léirithe spéise ó chonraitheoirí sa bhliain 2006 chomh maith i ndáil le sé láthair eile. Sna cásanna seo, cuirfear bailchríoch ar achoimrí ar na riachtanais chóiríochta i gcomhar leis na comhlachtaí poiblí iomchuí agus lorgófar tairiscintí chomh luath is is féidir é. Is iad seo na láithreacha atá i gceist: Baile an Chabháin (An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha), Durlas (An Garda Síochána), Baile Ros Comáin (Clárlann na Talún), Baile Thiobraid Árann (An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí), Éadan Doire (Comhlachtaí Ardoideachais agus Breisoideachais) agus Dún Garbhán (Suirbhéireacht Ordanáis Éireann).

Tharla leibhéal ard gníomhaíochta chomh maith i raon eile tionscadal a bhaineann leis an gClár don Dílárú agus táthar á dtabhairt sin chun cinn chomh tapa is is féidir é ag féachaint, inter alia, don ghá atá ann suímh oiriúnacha a fháil agus d'ábaltacht na Rann agus na nOifigí lena mbaineann achoimre mhionsonraithe dá riachtanais chóiríochta a chur ar fáil.

Forais Chultúir / Maoine Oidhreachta / Oibreacha Ilghnéitheacha

Críochnaithe	Ar Siúl	Á bPleanáil
Taispeántas ar an Stair Mhíleata, Dún Uí Choileáin, Ard-Mhúsaem na hÉireann	Athchóiriú ar Uimh. 5 Sráid Laighean Theas, Dánlann Náisiúnta na hÉireann	Athchóiriú Theach Peach, Áras an Uachtaráin
Stóras Bonnurláir, Dánlann Náisiúnta na hÉireann	Carrchlós agus Bóthar Isteach, Farmleigh	Tionscnamh Cumarsáide, Áras an Uachtaráin
Athchóiriú Sistéal William & Mary (tá sé in Áras an Uachtaráin anois)	Tionscadal Sábháilteachta Dóiteáin, Slándála agus Soilsithe Ghailearaí san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann	Athchóiriú na bhFoirgneamh Stairiúil, Dánlann Náisiúnta na hÉireann
Teachín Daighinis, Cill Airne - Athchóiriú	Ceanncheathrú nua na Comhairle Oidhreachta i gCill Chainnigh	Pailliún nua Asgard, Dún Uí Choileáin, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Cúirt Ioma - Seomra tae	Teach Mhucrois, Cill Airne - Bealach isteach do Dhaoine faoi Mhíchumas	Oibreacha Sochta Dóiteáin i Leabharlann Marsh
	Athfhorbairt ar an Theatre Royal, Loch Garman	An Seomra Seimineáir i Leabharlann Marsh a athchóiriú
	Soláthar Cóiríochta Oifige don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra ar an Lag Dubh	Tionscadal chun Soilse a chur taobh amuigh ar an gCeoláras Náisiúnta
		Slándáil ar Theach Bhaile an Chaisleáin/Fál thart air
		An tOspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann - Teach an Ard-Aidiúnaigh
		An tOspidéal Ríoga Cill Mhaighneann - Soláthar Stórais den suíomh & síneadh leis an Idirurlár
		An Ceoláras Náisiúnta - Póirse Gaoithe/Ceannbhrat
		Baile Chruaich, Co. Mhaigh Eo - Ionad nua Cuairteoirí
		Músaem N. Éanna - Athchóiriú
		Portach Chlóirthigh, - Ionad nua Cuairteoirí, Co. Uíbh Fhailí
		Páirc an Fhionnuisce, Gairdín dúnta isteach - Athchóiriú
		Garraithe Náisiúnta na Lus - Athchóiriú ar theach na gCachtas, na Lilí & na Raithní
		Caisleán Ráth Fearnáin - Clár don Rochtain Uilíoch
		N. Éanna Ráth Fearnáin - Athchóiriú Theach an Gheata
		An Leabharlann Náisiúnta - Stór nua
		Caisleán Phort Omna - Deisiú clóis de chuid an 18ú agus soláthar cóiríochta foirne

Aonad na dTionscadal Speisialta

Ceanncheathrú Fhoras na Mara ar an Órán Mór, Co. na Gaillimhe, críochnaíodh an obair thógála ar an tsaoráid nua 10,900 m^2 seo i Mí an Mhárta 2006 agus d'oscail An Taoiseach go hoifigiúil í i Mí an Mheithimh 2006.

An Phríomhfheirm Taighde Tréidliachta ar Fheirm an Bhaile Fhada, Claonadh, Co. Chill Dara. Táthar ag súil go mbeifear ag eisiúint na dtairiscintí i gcomhair na saoráide seo luath sa bhliain 2007 agus go dtosófar ar an obair thógála i lár 2007 agus go dtógfaidh sé 12 mí chun í a thógáil.

Tosaíodh ar an obair thógála ar chóiríocht oifige nua 6,050m^2 i gcomhair 250 ball foirne de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia i **Backweston** i mí Lúnasa 2006 agus táthar ag súil go dtógfaidh sé 18 mí lena críochnú.

Críochnaíodh an Cumasúchán .i. na hOibreacha Scartála i gcomhair **forbairt nua oifige** de bhreis is 4,000m? don Roinn Airgeadais ag **7-9 Rae Mhuirfean/Buannachtaí Míleata** .i. suíomh sheanfhoirgneamh Ard-Mhúsaem na hÉireann atá buailte le Reilig na Huguenot agus leis na Buannachtaí Míleata ar Bhóthar Theas Thithe an Rialtais, i Mí an Mhárta 2006. Thosaigh an Príomhchonraitheoir ar an suíomh i mí Iúil 2006. Bhí an struchtúr, atá 6 urlár ar airde ón mbonnurlár agus a bheidh ina shainchomhartha tíre, tógtha go dtí leibhéal an tríú hurlár faoi dheireadh na bliana. Bhí cuid mhór den obair thógála ar an tollán faoin mBóthar Theas a cheanglaíonn na Buannachtaí le Tithe an Rialtais curtha i gcríoch faoi dheireadh na bliana chomh maith. Táthar ag súil go mbeidh an conradh críochnaithe luath sa bhliain 2008.

D'eisigh Aonad na dTionscadal Speisialta an conradh tógála d'**athfhorbairt na hOifige Measúnachta*** i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 2006 agus críochnófar é faoi dheireadh 2007. *[Tá Cuideachta na nGaibhne Óir, an t-aon chuideachta Gildeanna Cathrach atá fágtha - lonnaithe san Oifig Measúnachta; bunaíodh iad faoi Chairt Ríoga faoi réim Shéarlas 1 ar an 22ú Nollaig 1637 agus bhí siad i mbun gnó go leanúnach ó shin i leith agus is i gCaisleán Bhaile Átha Cliath atá siad ón mbliain 1925 i leith].

Eisíodh conradh i gcomhair na nAthruithe ar an n**Geata Thoir d'Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann** ar an mBóthar Míleata i mí Deireadh Fómhair 2006 agus críochnófar é sa bhliain 2007.

An Lárionad Náisiúnta Comhdhála Lean na hidirbheartaíochtaí leis an nGrúpa Sealadach Tairisceana Tosaíochta sa bhliain 2006 agus ba é an toradh a bhí orthu gurb í Feadhnacht Spencer Dock a ceapadh mar Ghrúpa Tairisceana Tosaíochta i mí Lúnasa 2006. Táthar ag súil go mbronnfar conradh i gcomhair thionscadal casta na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí seo go luath sa bhliain 2007 (faoi réir ag faomhadh an Rialtais). Táthar ag súil go dtosófar ar an obair thógála ar an Lárionad Náisiúnta Comhdhála go luath i ndiaidh bhronnadh an chonartha agus tógfaidh sé thart ar 39 mí chun é a chríochnú.

Athfhorbairt Phríosún Mhuinseo – Tá Foireann Deartha ceaptha ag Oifig na nOibreacha Poiblí, ar son na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar mhaithe le Cead Pleanála a fháil chun athfhorbairt a dhéanamh ar an suíomh. Tá sé i gceist an oiread úsáide is is féidir é a bhaint as an suíomh agus luach an tsuímh a uasmhéadú.

Cuireann Aonad na dTionscadal Speisialta **comhairle** maidir le Tionscadail a dtéitear ina mbun mar chuid de **Chlár Caipitil Spóirt na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta** mar ar faomhadh deontas de bhreis is 150,000 i gcomhair forbairt áirithe.

Lean an tAonad ag gníomhú mar **Chomhairleoirí Teicniúla don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta** maidir le h**athfhorbairt mholta Bhóthar Lansdún,** a bheidh ina Staidiam go huile faoi shuíocháin agus ina mbeidh áit suite do 50,000 duine, agus a bhfuil an IRFU agus an FAI, i gcomhar, i mbun urraíochta air. Bhunaigh an FAI agus an IRFU Cuideachta chomhfhiontair, Cuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lansdún Teo. chun an athfhorbairt a thabhairt chun críche agus bhí idirchaidreamh dlúth idir an tAonad agus Cuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lansdún agus an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta maidir leis an bpróiseas. Cuireadh Éisteacht ó Bhéal a thionóil An Bord Pleanála de bhun agóidí a cuireadh isteach in aghaidh an Cheada Pleanála don fhorbairt i gcrích díreach roimh Nollaig 2006 agus táthar ag súil le toradh na héisteachta go luath sa bhliain 2007.

Thug an Rialtas, mar chuid den Chinneadh a ghlac sé tacaíocht a thabhairt d'athfhorbairt Bhóthar Lansdún, a thiomantas chomh maith, ag brath ar acmhainní airgeadais, d'fhorbairt **Champas Spóirt i mBaile an Aba.** Tá tacaíocht mhíochaine, taighde agus oiliúna le bheith ar fáil ar an gCampas i gcomhair fhorbairt na lúthchleasaithe den scoth. Beidh saoráidí riaracháin

ann do chomhlachtaí spóirt atá níos lú chomh maith le raon saoráidí eile lena n-áirítear páirceanna imeartha agus páirceanna oiliúna. Is é Forbairt Champas agus Staidiam Éireann Teo. atá ag tabhairt an Champais i mBaile an Aba chun críche agus measann sí go bhfaighidh an tSaoráid a maoiniú ó mheascán de Dheontais ón Rialtas, Ranníocaíochtaí Caipitil ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta na n-eagraíochtaí éagsúla spóirt, ó Chomhairle Contae Fhine Gall agus ó thalamh iomarcach a dhíol/a thabhairt ar léas. Is é ról Aonad na dTionscadal Speisialta maidir leis an Tionscadal gníomhú mar Chomhairleoirí Teicniúla don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta/Forbairt Champas agus Staidiam Éireann Teo.

Leagadh an fhreagracht maidir le **Staidéar Pleanála ar thailte Bhaile an Aba i gcomhair Chomhairle Contae Fhine Gall** ar Oifig na nOibreacha Poiblí/Aonad na dTionscadal Speisialta chomh maith. Ceaptar go gcabhróidh an Staidéar, má ghlacann Comhairle Contae Fhine Gall chuici féin é, chun faomhadh níos tapa a fháil ar Chead/ar Cheadanna Pleanála i gcomhair na saoráidí éagsúla ar an gCampas. Bhí Oifig na nOibreacha Poiblí ina cathaoirleach ar an nGrúpa Stiúrtha ar a raibh An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Forbairt Champas agus Staidiam Éireann Teo, An Roinn Airgeadais, An Roinn Talmhaíochta agus Bia agus Comhairle Contae Fhine Gall í féin agus bhí an Staidéar geall le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2006.

D'iarr Forbairt Champas agus Staidiam Éireann Teo. ar Aonad na dTionscadal Speisialta bainistíocht tionscadal a dhéanamh ar **athlonnú Cheanncheathrú an FAI ó Chearnóg Mhuirfean go dtí an tSaotharlann Stáit, mar a bhí, i mBaile an Aba**. Cheap Aonad na dTionscadal Speisialta Foireann Deartha le linn 2006 agus fuarthas Cead Pleanála i gcomhair Athrú Úsáide don fhorbairt ó Chomhairle Contae Fhine Gall i mí na Samhna 2006. Tugadh cuireadh tairiscintí a chur isteach i gcomhair na n-oibreacha agus táthar ag fanacht ar fhaomhadh ó Fhorbairt Champas agus Staidiam Éireann Teo. / ón Roinn Ealaíon

Bhí Caiteachas Iomlán Aonad na dTionscadal Speisialta beagán sa bhreis ar €13M Milliún sa bhliain 2006.

Críochnaithe	Ar Siúl	Ag Céim an Cheada Pleanála/na Tairisceana	Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí
Soláthar Cóiríochta don Roinn Airgeadais ag 7-9 Rae Mhuirfean (Oibreacha Cumasúcháin)	Soláthar Cóiríochta don Roinn Airgeadais ag 7-9 Rae Mhuirfean (Príomhchonradh)	Saoráid Feirme don Roinn Talmhaíochta & Bia sa Bhaile Fada, Claonadh, Co. Chill Dara	An Lárionad Náisiúnta Comhdhála
Athlonnú cheanncheathrú Fhoras na Mara go Gaillimh	Soláthar cóiríocht oifige don Roinn Talmhaíochta & Bia i Backweston.	Athlonnú Cheanncheathrú an FAI ó Chearnóg Mhuirfean go dtí an tSaotharlann Stáit, mar a bhí, i mBaile an Aba	
	Athfhorbairt ar an Oifig Measúnachta, Caisleán Bhaile Átha Cliath	Athfhorbairt Phríosún Mhuinseo	

An tAonad Tacaíochta Tionscadal

Cuireann an tAonad Tacaíochta Tionscadal tacaíocht ar fáil i gcomhair oibríocht laethúil na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal trí chomhairle ghinearálta agus shainiúil araon, a thabhairt agus tugann sé freagraí ar cheisteanna a ardaítear faoi ghnéithe éagsúla den soláthar foirgníochta.

Ina theannta sin déanann an tAonad Tacaíochta Tionscadal na nithe seo a leanas: (a) cuireann sé seirbhísí ar fáil don Choiste Roghnaithe Sainchomhairleoirí trí thacaíocht rúnaíochta a sholáthar; (b) coinníonn agus tugann sé Beartas agus córais ISO na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal cothrom le dáta agus déanann sé monatóireacht ar cé mar a chloíonn na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal, agus é ag dul i mbun na bpróiseas, leis na caighdeáin chomhaontaithe

agus cinntíonn sé go gcoinnítear an creidiúnú ISO; (c) déanann sé cothabháil ar shuíomh Inlín na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal agus tugann sé bunachair shonraí éagsúla a bhaineann le Plean Bainistíochta Tionscadal na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal cothrom le dáta, mar shampla sonraí faoi thionscadail, liostaí na gcomhairleoirí, gnáthchostais, foirmeacha leictreonacha, tairiscintí, conarthaí an Phlean Bainistíochta Tionscadal, agus araile.

Coinníonn an tAonad Tacaíochta Tionscadal i dteagmháil le comhairleoirí, le conraitheoirí, le haonaid ghnó eile in Oifig na nOibreacha Poiblí, le hinstitiúidí gairmiúla, le Ranna agus le gníomhaireachtaí eile Rialtais.

Tá ionadaíocht ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar Choiste Chonarthaí an Rialtais um Fhoirgníocht agus ar Choistí Idir-Rannacha eile a bhaineann le soláthar foirgníochta trí bhíthin an Aonaid Tacaíochta Tionscadal. Sa chumas sin dó bhí baint ag an Aonad Tacaíochta Tionscadal le dréachtú agus le forbairt a dhéanamh ar na foirmeacha nua le haghaidh Coinníollacha Fruilithe na gComhairleoirí Foirgníochta agus le haghaidh Coinníollacha Conartha Chonarthaí na nOibreacha Poiblí, arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais, agus ar dhoiciméid threorach a ghabh leo.

An tAonad don Rochtain Uilíoch

Tá breis is 10 milliún troigh cearnach de chóiríocht i níos mó ná 2,000 maoin faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí nó ar léas aici agus déanann sí bainistíocht agus soláthraíonn sí seirbhísí do chuairteoirí a thagann chuig na Séadchomharthaí Náisiúnta agus chuig Foirgnimh Oidhreachta.

Cé go bhfuil tiomantas leanúnach tugtha ag Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le rochtain uilíoch ar gach maoin de chuid an Stáit a chur ar fáil do na húsáideoirí go léir is cuma cén stádas atá acu, tá dualgas reachtúil orainn rochtain a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas faoin Acht um Míchumas 2005, faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 2000, faoin Acht um Stádas Comhionann 2000 agus faoi na Rialacháin Tógála 2000.

Tá sé de cheanglas ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht um Míchumas 2005 go mbeadh rochtain go héasca ag daoine faoi mhíchumas (Alt 29), i gcomhréir le Cuid M de na Rialacháin Tógála, ag tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2015 (Alt 25), ar limistéir rochtana poiblí sna foirgnimh phoiblí agus ar láithreacha oidhreachta atá faoina n-úinéireacht, faoina mbainistíocht nó faoina rialú, agus a mbíonn rochtain ag an bpobal orthu. Beidh feidhm ag Alt 29 ar an 31 Nollaig 2007.

Leanann Oifig na nOibreacha Poiblí ag cur iniúchtaí rochtana i gcrích ar fhoirgnimh Stáit ionas go mbeidh sé ábalta pleananna gníomhaíochta a ullmhú agus oibreacha feabhsúcháin a thosú. Tosaíodh ar thionscadail shuntasacha sa bhliain 2006 chun rochtain uilíoch a bheith ar an Eite Thoir d'Áras an Uachtaráin, ar Theach Mhucrois agus ar sheomra na Dála.

Cuireann an cleachtas ailtireachta atá i bhfeidhm ag Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhís den chaighdeán is airde ar fáil. Soláthraíonn sí seirbhís chuimsitheach deartha agus bainistíochta tionscadal do thionscadail tógála na hearnála poiblí, seirbhís bainistíochta caomhantais agus chomhairleach agus tairgeann sí comhairle neamhspleách don Rialtas maidir le saincheisteanna ailtireachta.

Tairgeann sí seirbhís iomlán ilghnéitheach intí dá custaiméirí trína bheith ag oibriú go dlúth leis an Rannóg Innealtóireachta Struchtúr agus leis an Rannóg Mheicniúil agus Leictreach, atá mar chuid d'Aonad Gnó na Seirbhísí Innealtóireachta, agus leis an Rannóg Suirbhéireachta Cainníochta.

Tá cáil tarraingthe ag na Seirbhísí Ailtireachta orthu féin mar gheall ar an gcaighdeán agus ar an ngairmiúlacht a chaitheann siad lena gcuid oibre agus is léir é sin ó na dámhachtainí uile a bronnadh orthu.

Tá córas cuimsitheach bainistíochta forbartha ag an gcleachtas a bhfuil creidiúnú ISO 9002 bainte amach aige agus soláthraítear cuntais bhliantúla a thaispeánann go seasta go bhfuil barrachas barúlach á bhaint amach ag na Seirbhísí Ailtireachta.

Áirítear na seirbhísí seo a leanas ar na seirbhísí a thairgtear dár gcustaiméirí:

- Seirbhís iomlán deartha agus bainistíochta foirgníochta a sholáthar
- Staidéir agus tuarascálacha féidearthachta tionscadal
- Bunchoimhre a fhorbairt
- Comhairle a thabhairt maidir le costais tógála agus saolré
- Comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna faoi rialacháin phleanála agus tógála
- Comhairle a thabhairt maidir le sláinte agus sábháilteacht
- Comhairle a thabhairt maidir le modhanna agus le nósanna imeachta caomhantais
- Comhairle a thabhairt maidir le rochtain ar an gcomhshaol tógtha

Tá saineolas forbartha ag an gcleachtas i líon áirithe réimsí:

- Cóiríocht chomhaimseartha oifige
- Caomhnú agus athchóiriú maoine oidhreachta
- Foirgnimh phríosún
- Foirgnimh an Gharda Síochána
- Tithe Cúirte
- Saotharlanna
- Oifigí Poiblí agus Ranna Rialtais
- Rochtain phoiblí ar láithreacha oidhreachta
- Dearadh Taispeántas
- Rochtain Uilíoch
- Dearadh Inbhuanaithe
- Dearadh Uirbeach

Punann na dTionscadal

Ceann de na príomhdhúshláin a bhí amach roimh na Seirbhísí Ailtireachta sa bhliain 2006 ab ea an brú leanúnach a tháinig de bharr an Chláir don Dílárú. Tugadh tús áite agus leagadh an bhéim go príomha ar chóiríocht oifige a sholáthar ach ag an am céanna b'éigean cothabháil a dhéanamh agus feabhas a chur ar na nósanna imeachta a cuireadh i dtoll a chéile chun caighdeán ailtireachta a chinntiú. Thit sé sin amach de bharr an aiseolais a bhíothas ag fáil ó na próisis tairisceana agus chomh maith leis sin de bharr gur cuireadh faisnéis choimre níos sofaisticiúla ar fáil.

Bhí siad seo a leanas i measc roinnt de na tionscadail shuntasacha ar tugadh oibreacha tógála orthu chun críche - An Coláiste Gaeilge, An Lobháin (céim 1); Músaem Cathartha na Gaillimhe; Músaem na Staire Míleata, Dún Uí Choileáin; Foras na Mara, Gaillimh agus Ceanncheathrú na nUiscebhealaí Intíre sa Scairbh.

Ba €1.598 billiún luach an 389 tionscadal le chéile, a bhí sa chlár oibre ag tús na bliana. Mhéadaigh an luach go €1.646 billiún agus go 435 tionscadal faoi dheireadh na bliana 2006.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Leanadh den Chlár ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach sa bhliain 2006 mar a raibh oiliúint agus ócáidí eile ar siúl lena n-áirítear:

- Creidiúnú an Phas Shábháilte i gcomhair 58 ball foirne sa bhreis lena n-áirítear Céimithe san Ailtireacht. Bhí Pas Sábháilte bailí ag breis is 100 ball foirne ó phríomhoifig na Seirbhísí Ailtireachta faoi dheireadh 2006.
- Rannpháirtíocht bhaill roghnaithe foirne ag Comhdháil Bhliantúil Thithe Stairiúla na hÉireann i Maigh Nuad.
- Cur i láthair ar Dhearadh Uirbeach déanta ag baill roghnaithe foirne os comhair a gcomhghleacaithe. Freastal ar chomhdhálacha ar Mhórphleanáil agus ar Uirbeachas.
- Sraith léachtaí agus cúrsaí ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach faofa ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann i gcomhair baill roghnaithe foirne ar Shláinte agus ar Shábháilteacht agus ar dhearadh Uileghabhálach.
- Cúrsaí lae do bhaill aonair foirne ar Innealtóireacht Chaomhantais, Díonta Stairiúla i gcomhar le hIontaobhas Cathartha Bhaile Átha Cliath.
- Rannpháirtíocht bhaill roghnaithe foirne ó na Seirbhísí Ailtireachta i gComhdháil Gairdíní & Turasóireachta.
- Coimre dhlíthiúil i gcomhair na foirne Bainistíochta Ailtireachta maidir leis na Rialacháin nua um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006.
- Freastal ar an gcúrsa atá creidiúnaithe ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann .
- Freastal ar chomhdháil faoi fhuinneamh a d'eagraigh Fuinneamh Inmharthana Éireann.
- D'fhreastail foireann shinsearach na bainistíochta Ailtireachta ar Chomhdhálacha a bhain leis an mBeartas Comhshaoil Eorpach & le Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí.
- Lean cuideachtaí a raibh creidiúnú cuí (Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann nó Institiúid Ríoga Ailtirí na Breataine) acu san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ag déanamh cur i láthair éagsúil faoin teideal Teicniúil agus faoi Thrádáil do bhaill foirne na Seirbhísí Ailtireachta le linn 2006. Áiríodh ar na hábhair a pléadh, bogearraí '3D' a chruthú, córais díonadóireachta agus caomhnú Adhmaid, Bogearraí agus trealamh don tsuirbhéireacht tógála.
- Cuireadh a thuilleadh oiliúna i Measúnú Mhodh Measúnaithe Chomhshaoil BRE (BREEAM) i gcomhair oifigí ar Fhoireann roghnaithe Ailtireachta ag an Building Research Establishment i Watford Shasana.
- Cuireadh oiliúint ar an bhFoireann Shinsearacha Bainistíochta Ailtireachta maidir leis an gcineál nua conarthaí Rialtais atá le teacht i bhfeidhm i mí Feabhra 2007.

Clár Oiliúna do Chéimithe

- Leathnaíodh an Comhchlár Oiliúna do Chéimithe de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann/Oifig na nOibreacha Poiblí a bunaíodh sa bhliain 2004 agus tá 30 Céimí san iomlán ar an gclár anois.
- Tá sé mar aidhm ag an gclár oiliúna go gcuirfí an taithí a bhíonn riachtanach i gcomhair an scrúdú i gcleachtas gairmiúil de chuid Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann/Ollscoil na hÉireann ar fáil agus bhí ionchur dearfach ag na céimithe i ndearadh agus i bhforbairt tionscadal éagsúil fad is a bhí siad ag cleachtadh leis na Seirbhísí Ailtireachta.

Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath

Caomhnú

Chomh maith le bheith ag cur tionscadail mhóra maidir le caomhnú foirgneamh i gcrích agus le bheith ag cur comhairle i ndáil le struchtúir chosanta ar fáil, lean an tAonad Caomhantais le raon tionscnamh ar thaighde caomhantais lena n-áirítear:

- Bunachar Sonraí a fhorbairt ar Fhoinsí Cloch Thógála agus Cairéal i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann.
- Taighde caomhantais a dhéanamh ar Phéinteanna Stairiúla faoi chomhaontú leis an tSaotharlann Stáit.
- Creat do Bhreithmheas ar Thábhacht Chultúrtha a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Scoil na hAiltireachta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Taighde a dhéanamh ar Adhmad Sonrach a bheith Oiriúnach i gcomhair Deisiú Siúinéireachta i bhFoirgnimh Stairiúla i gcomhar le English Heritage.
- Taighde a dhéanamh ar ghluaiseacht Aeir taobh istigh de Chuasa Foirgneamh i gcomhar le English Heritage.
- A bheith rannpháirteach i staidéar Eorpach ar na Cóireálacha atá ar fáil chun Obair Stairiúil Iarainn a Chaomhnú.

An Grúpa Oibre ar Dhearadh Inbhuanaithe agus ar Rochtain Uilíoch

- Lean an Grúpa Oibre ar Dhearadh Inbhuanaithe agus ar Rochtain Uilíoch den taighde a bhí á dhéanamh aige ar scoth-chleachtas, ar mhodhanna agus ar chaighdeáin i gcomhair na Seirbhísí Ailtireachta agus thug sé comhairle maidir leis an gClár ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.
- Tá Seicliosta Iniúchta don Dearadh Glas, uirlis féin-iniúchta, ar fáil ar an inlíon chun cuidiú leis an bpróiseas deartha ag céimeanna éagsúla.
- Tá an Seicliosta Iniúchta ar Inrochtaine ar fáil ar shuíomh inlín Oifig na nOibreacha Poiblí chun cuidiú le dearthóirí iniúchadh a dhéanamh ar dhearadh chun na rialacháin reatha reachtúla a bhaineann le tógáil a chomhlíonadh agus tá an Seicliosta Iniúchta Scoth-chleachtais ar Inrochtaine i gcomhair ionaid oibre ag gabháil leis mar chuid den Sonraíocht Aschuir maidir le Dílárú.
- Tá cúigear is fiche iniúchóirí rochtana cáilithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair chun cuidiú le hiniúchadh a dhéanamh ar fhoirgnimh atá i bpunann maoine an Stáit; tá siadsan ann ar iarraidh ó Roinn Rialtais.
- Chabhraigh agus thug an Grúpa Oibre ar Dhearadh Inbhuanaithe agus ar Rochtain Uilíoch comhairle maidir le sonraíocht chineálach aschuir a bheidh le húsáid ag Clár Díláraithe an Rialtais agus ag tionscadail eile den Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí.
- Rinne baill an Ghrúpa Oibre ar Dhearadh Inbhuanaithe agus Rochtain Uilíoch ionadaíocht thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí ar Thascfhórsa Inbhuanaithe agus ar Thascfhórsa Inrochtaine Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann.
- Is comhpháirtí tionscadail í Oifig na nOibreacha Poiblí le IBEAM agus glacann an Grúpa ar Dhearadh Inbhuanaithe agus ar Rochtain Uilíoch páirt sa Choiste Tionscail. Bunaíodh an tionscadal IBEAM chun taighde a dhéanamh ar mhodheolaíocht i gcomhair Uirlis Measúnaithe Comhshaoil do Thionscal Tógála na hÉireann agus chun an uirlis sin a fhorbairt agus chun imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí nuálacha féideartha ar cé mar a dhéanfaí an uirlis sin a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ar bhealach a bheadh dírithe go sonrach ar mhargadh na hÉireann agus ar an earnáil tógála.

De bhrí go bhfuil foireann aige as raon de dhisciplíní innealtóireachta, cuireann an t-aonad gnó seo seirbhísí innealtóireachta agus comhairle ar fáil sna réimsí sibhialta, meicniúla & leictreacha agus hidriméadracha a bhaineann lena chlár oibre féin agus le cláir oibre aonaid ghnó eile Oifig na nOibreacha Poiblí. Is féidir na gníomhaíochtaí a bhriseadh go leathan i dhá réimse - bainistíocht riosca tuilte agus cláir a bhaineann le maoin.

Bainistíocht Riosca Tuilte
Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí, ina ról mar phríomhghníomhaireacht an Stáit i dtaca le bainistíocht riosca tuilte, an-dul chun cinn sa bhliain 2006 maidir le go leor gnéithe den bheartas náisiúnta ar thuilte a fhorfheidhmiú:

Clár Nuashonraithe na Tuarascála ar Staidéir Tuilte
Tá tús maith curtha leis an gClár seo, a chuirfidh go mór leis na sonraí atá ar fáil faoi anailís srutha agus a thabharfaidh na sonraí sin cothrom le dáta, mar go bhfuil líon conarthaí ar ullmhú sonraí agus ar thaighde agus ar fhorbairt ligthe ar choimisiún aige agus mar go bhfuil na conarthaí curtha i gcrích i roinnt cásanna. Eiseofar a thuilleadh conarthaí ar thaighde agus ar fhorbairt chóras faisnéise sa bhliain 2007.

Athbhreithniú Straitéiseach ar an gClár Monatóireachta Hidriméadraí
Bronnadh conradh i gcomhair an athbhreithnithe amach faoi dheireadh na bliana 2006 a dhéanfaidh scrúdú ar a bhfuil de shonraí srutha ar fáil san am i láthair agus ar a mbeidh ag teastáil sa todhchaí.

An Clár Taighde agus Forbartha
Forbraíodh breac-chreat riaracháin i gcomhair an Chláir Thaighde agus Forbartha agus táthar ag súil go gcuirfear i bhfeidhm é sa bhliain 2007.

Clár Mapála Guais Tuilte
Cuireadh ceann de na céimeanna ba thábhachtaí maidir leis an mbeartas náisiúnta ar thuilte a fhorfheidhmiú, i gcrích sa bhliain 2006 nuair a seoladh an suíomh gréasáin don Mhapáil Guais Tuilte, www.floodmaps.ie.

Taispeántar sonraí, a ndéantar rialú orthu de réir na gcaighdeán, faoi ghuaiseacha tuilte stairiúla agus táscacha ar an suíomh i bhfoirm mapa. Aithnítear go hidirnáisiúnta gurb iad na mapaí Guais Tuilte bun agus barr na bainistíochta riosca tuilte agus beidh sé de cheanglas ar na Ballstáit go léir iad a ullmhú faoi Threoir AE atá le teacht go luath. Is iad seo a leanas na cuspóirí a ghabhann leo:-

- treoir a thabhairt d'Údaráis Phleanála maidir le Pleananna Forbartha a ullmhú agus le measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála
- aird an phobail a dhíriú níos mó ar an mbaol tuilte
- cabhrú leis an bpleanáil phráinnfhreagartha
- cuidiú le díriú isteach ar fhóirithint tuilte agus cuidiú le cláir bhainistíochta riosca tuilte

Baineann dhá ghné leis an tionscadal a bhí ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun an suíomh gréasáin a fhorbairt:-

- sonraí maidir le tuilte a tharla san am atá caite a bhailiú
- Córas Faisnéise Geografaí/bunachar sonraí a bheadh bunaithe ar an ngréasán a fhorbairt chun na sonraí a thaispeáint.

Bailíodh sonraí ó níos mó ná 40 comhlacht a mbeadh eolas acu - Údaráis Áitiúla agus eagraíochtaí eile stáit den chuid is mó. Áirítear iad seo a leanas ar an ábhar a bailíodh - tuarascálacha innealtóireachta, grianghraif agus eolas áitiúil a bhí ag foireann allamuigh na nÚdarás Áitiúil nár cuireadh i ndoiciméid/ ar taifead riamh cheana.

Tharla forbairt an Chórais Faisnéise Geografaí/an bhunachair shonraí de réir mar a bhí na sonraí á mbailiú. Thug grúpa ar a raibh ionadaithe as eagraíochtaí páirtithe leasmhara treoir faoi dhearadh an tsuímh agus chabhraigh baill foirne ó Údaráis Áitiúla chun an córas a thástáil. Dearadh an córas ionas go mbeadh sé chomh héasca agus ab fhéidir é le húsáid agus chun freastal ar raon úsáideoirí ó lucht innealtóireachta go baill an phobail. Táthar ábalta teacht go díreach anois ar ábhar nach raibh ar fáil go forleathan cheana.

Tá breis is 12,000 úsáideoir tar éis dul isteach ar an suíomh ó seoladh é i mí Deireadh Fómhair 2006 agus téann breis is 100 duine ar an meán isteach air in aghaidh an lae. Tríd is tríd bíonn an t-aiseolas a fhaightear faoi dearfach agus thug sé ugach d'úsáideoirí faisnéis thábhachtach bhreise faoi thuilte a sheoladh isteach.

Íomhá ón suíomh gréasáin ar Mhapáil Guais Tuilte

Clár Pleanála do Bhainistíocht Riosca Tuilte in Abhantracha
Cuireadh tús le staidéir phíolótacha ar Staidéir Bhainistíochta agus Mheasúnaithe Riosca Tuilte, an mheicníocht chun an Clár a fhorfheidhmiú, ar Abhantrach na Laoi agus na Dothra. Táthar ag déanamh ullmhúchán faoi láthair ar a mhacasamhail de staidéar a dhéanamh intí i gcomhair Abhantrach na Siúire. Tá tús curtha chomh maith le staidéir áitiúla don Tulach Mhór agus do Chúil an tSúdaire mar fhreagra ar an mbrú suntasach atá sna ceantair sin mar gheall ar an bhforbairt atá déanta iontu.

Táthar ag tabhairt faoi na staidéir seo de réir an scoth-chleachtais reatha idirnáisiúnta agus na moltaí atá ag teacht ón AE i ndáil le measúnú agus bainistíocht a dhéanamh ar riosca tuilte. Taispeánfar na mapaí réamhaithriseacha ar ghuaiseacha tuilte a fhorbrófar mar chuid de na staidéir seo ar an suíomh gréasáin a forbraíodh faoin gClár don Mhapáil Guais Tuilte.

Fuarthas tairiscintí i gcomhair comhaontú creata atá riachtanach mar bhunús don Chlár seo chun coimisiúnú a dhéanamh ar shuirbhéanna ón aer ar láithreacha substaintiúla tuilemhánna ar fud na tíre.

Clár Réamhaisnéise agus Rabhadh Tuilte
Tá córas réamhaisnéise tuilte curtha isteach do Chluain Meala agus táthar i mbun forbartha agus tástála ar chórais do Mhala agus do Mhainistir Fhear Maí i dtaca le forfheidhmiú na scéimeanna fóirithinte tuilte sna bailte sin a bhíonn ag brath ar fhógraí rabhadh tuilte.

Clár Forbartha Práinnfhreagartha
Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí tús le tionscadal chun treoirlínte a chur i dtoll a chéile chun pleananna práinnfhreagartha, i gcás go dtarlódh tuilte, a ullmhú i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha.

Teach na Pailme, Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath.

Clár Feasachta agus Ullmhachta Pobail
Chuathas i mbun feachtas fógraíochta chun béim a chur ar fhaisnéis atá tugtha cothrom le dáta agus ar an suíomh gréasáin (www.flooding.ie) a seoladh sa bhliain 2005 chun an pobal a chur ar an eolas ionas go mbeidís ullamh i gcás go dtarlódh tuile.

Clár Bainistíochta Forbartha agus Pleanála
Fuarthas tairiscintí chun sainchomhairleoirí a cheapadh chun cuidiú le treoirlínte a ullmhú ar bhreithniú a dhéanamh ar riosca tuilte i gcúrsaí pleanála agus bainistíochta forbartha a eiseofar orthu siúd a mbíonn baint acu le próisis phleanála.

Bunachar Sonraí Sócmhainní agus Clár Bainistíochta
Tá tús curtha le bunachar sonraí a fhorbairt ar shócmhainní cosanta mar chuid den Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta ar Riosca Tuilte d'Abhantrach na Laoi, Corcaigh chun é a úsáid ar an staidéar sin agus chun é a úsáid chomh maith leis sin go náisiúnta.

Clár Forbartha Tuilfhreagartha Oifig na nOibreacha Poiblí
Tá dréacht de nós imeachta tuilfhreagartha Oifig na nOibreacha Poiblí forbartha agus táthar ag déanamh athbhreithniú air.

Seirbhís ar Ardchaighdeán

- Choinnigh na Seirbhísí Innealtóireachta a gcreidiúnú do scéim oiliúna i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach de chuid Institiúid Innealtóirí na hÉireann i gcomhair baill foirne gairmiúla agus teicniúla.
- Choinnigh gach rannóg de chuid na Seirbhísí Innealtóireachta a raibh creidiúnú chaighdeán ISO 9001 bainte amach cheana féin acu an stádas sin tar éis iniúchtaí seachtracha a bheith déanta sa bhliain 2006.
- Chuir an Rannóg Cothabhála Draenála ullmhúcháin i gcrích chun an creidiúnú a bhaineann le caighdeán ISO 18001 (Sláinte & Sábháilteacht) a bhaint amach.
- Léirigh an clár monatóireachta ar shástacht chustaiméirí sa Rannóg Cothabhála Draenála go raibh cliaint an-sásta arís eile leis an Rannóg.

Ba iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí agus na haschuir eile a bhain na Seirbhísí Innealtóireachta amach le linn na bliana:-

	Réigiún an Oirthir		Réigiún an Iarthair		Réigiún an Iardheiscirt		Iomlán	
	2005	**2006**	**2005**	**2006**	**2005**	**2006**	**2005**	**2006**
Príomhchainéil (km)	94	59	178	167	98	79	370	305
Mionchainéil (km)	884	857	537	514	507	458	1938	1829
Struchtúir a deisíodh nó a athsholáthraíodh	107	27	66	60	113	136	286	223
Feidhmchláir forbartha droichead	147	171	35	95	95	152	277	418
An Lucht Saothair (ag 31 Nollaig)	121	130	95	95	71	74	287	299
Caiteachas ar chothabháil (€milliún)	5.9	6.1	5.2	5.5	4.6	4.8	15.7	16.4

Áirítear iad seo a leanas ar ghnéithe neamhchoitianta an chláir chothabhála sa bhliain 2006:-

- Tugadh cabhair do Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun oibreacha feabhsúcháin draenála a chur i gcrích i bPoll an Tómais tar éis na sciorrthaí talún a tharla ann sa bhliain 2003.
- Lean Oifig na nOibreacha Poiblí a bheith rannpháirteach in oibreacha athchóirithe chun Uiscebhealaí na Gaillimhe a athbheochan, lena n-áirítear fásra fiáin, láib abhann agus bruscar a ghlanadh amach astu, sceitheadh uisce a chosc agus athchóiriú a dhéanamh ar bhalla cloiche an uiscebhealaigh ar a nglaoitear Abhainn an tSeamlais.
- Chabhraigh Oifig na nOibreacha Poiblí le Comhairle Contae na hIarmhí chun cur leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as Abhainn na Brosnaí a shníonn tríd an Muileann gCearr trí oibreacha a dhéanamh lena n-áirítear dhá dhroichead bhóithre a uasghrádú agus trí 200m de bhealaí iompair ar an gcainéal a fheabhsú.

An tAonad Comhshaoil

Rinne an Rannóg Comhshaoil na nithe seo a leanas le linn 2006:

- Rinneadh coimisiúnú chun Measúnuithe Tionchar Éiceolaíochta a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag cothabháil draenála ar speicis agus ar ghnáthóga áirithe a liostáiltear mar nithe faoi chosaint faoi Threoir na nGnáthóg.
- Cuireadh tús leis an bpróiseas a bhaineann le scagadh a dhéanamh ar an gClár Cothabhála ar Dhraenáil Artaireach i gcomhair na riachtanas a ghabhann leis an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil.
- Cuireadh tús le cómhaoiniú i bpáirt leis an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra chun staidéar dhá bhliain a dhéanamh ar éin uiscebhealaí na hÉireann.
- Rinneadh maoirseacht ar fhorbairt agus ar fhorfheidhmiú leanúnach an Chláir Chothabhála ar Dhraenáil Chomhshaoil.
- Rinneadh monatóireacht chun go gcomhlíonfadh na hoibreacha cothabhála draenála na Treoirlínte ar Chothabháil Cainéal a bhíonn Íogair ó taobh an Chomhshaoil de.
- Forfheidhmíodh cúig réamhphlean Bainistíochta Dramhaíola agus rinneadh iniúchadh ar shé phlean atá i bhfeidhm cheana féin sna hoifigí agus sna hiostaí Cothabhála Draenála.
- Bhí an Rannóg mar ionadaí thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí i ndáil le forfheidhmiú Threoir an Chreata Uisce agus le forfheidhmiú an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus ghlac sí páirt sa Tascfhórsa ar Speicis Uisceacha Ionracha.

Innealtóireacht Mheicniúil

Cuireadh dlús leis an gclár leanúnach bainistíochta gléasra chun go mbeadh oibríochtaí níos éifeachtúla agus ceannaíodh trealamh agus feithiclí nua a chosain €3 mhilliún. Caitheadh an chuid ba mhó de chaiteachas 2006 ar chothabháil agus ar athsholáthar gléasra ach soláthraíodh gléas socrúcháin cloiche speisialaithe chomh maith chun cuidiú leis na bradáin a mbealach a dhéanamh thar chora Chill Channaigh agus soláthraíodh trealamh chun cuidiú le Comhairlí Contae san Iarthar uisce a phumpáil de na bóithre. Soláthraíodh trealamh speisialta chun fiailí a ghearradh chomh maith chun cuidiú le tionscadal píolótach a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfiaile Lagarosiphon in Abhantrach na Coiribe. Tosaíodh ag úsáid bithdhíosail ar bhonn píolótach i roinnt de na feithiclí.

Lárcheardlanna Innealtóireachta

Lean na Lárcheardlanna Innealtóireachta de bheith ag cur tacaíochta ar fáil d'oibríochtaí draenála na Seirbhísí Innealtóireachta agus chuaigh siad i mbun líon áirithe tionscadal chomh maith ar son aonaid ghnó eile Oifig na nOibreacha Poiblí agus ar son comhlachtaí seachtracha lena n-áirítear:-

Bhí ceaintín nua soghluaiste a dearadh agus a táirgeadh; painéil ráillí a táirgeadh i gcomhair Scéim Fóirithinte Tuilte Chill Chainnigh; bualchomhlaí a táirgeadh i gcomhair Bhaile Mhic Ádaim agus Chill Íomair. San áireamh san obair tacaíochta draenála

Bhí geataí agus ráillí a tháirgeadh nó a athchóiriú ag maoine éagsúla stairiúla agus athchóiriú a dhéanamh ar ghnéithe ársa d'obair iarainn ar Theileascóp Chaisleán Bhiorra, ar Chora na Gaillimhe agus struchtúr liostaithe i Músaem Derek Hill, Ceithre Chúirt Dhún na nGall san áireamh sna tionscadail eile.

Struchtúr iarann teilgthe a athchóiríodh, Músaem Derek Hill, Dún na nGall

Leanadh de bheith ag cur seirbhís reachtúil imscrúdaithe ar fáil maidir le gléasra meicniúil ag calafoirt éagsúla an Stáit.

Seirbhísí Hidreolaíochta & Hidriméadracha

Bailiú sonraí Hidriméadracha
Bhí sonraí á mbailiú faoi dheireadh na bliana 2006, ag 356 stáisiún san iomlán do thomhsaireacht hidriméadrach ar fud na tíre (295 stáisiún buan agus 61 stáisiún a bhain le tionscadail).

Iarrataí ar shonraí hidriméadracha
Dhéileáil an Rannóg le 280 iarraidh san iomlán sa bhliain 2005 ar shonraí nó ar fhaisnéis agus próiseáladh 98% díobh sin taobh istigh de 7 lá tar éis a bhfaighte. Cuireann an suíomh Idirlín tiomnaithe (www.opw.ie/hydro/home.asp) sonraí ar fáil chomh maith.
Cuireadh faisnéis ar fáil chomh maith i dtaca le Cláir Oifig na nOibreacha Poiblí agus cláir chomhlachtaí eile stáit.

Bailiú sonraí
Cumraíodh 20 stáisiún do thomhsaireacht hidriméadrach, mar chuid de chlár a bhaineann leis an bpróiseas bailithe sonraí a bheith uathoibrithe, chun sonraí faoin leibhéal uisce a aistriú chuig an mbunachar sonraí Hidriméadrach, trí úsáid a bhaint as teiliméadracht.

Scanadh Taifead
Tosaíodh ar thart ar 660,000 taifead hidriméadrach a bhí taifeadta ar pháipéar a scanadh chun a chinntiú go mbeadh fáil orthu sa todhchaí agus go mbeadh teacht níos éasca orthu.

Trealamh Tomhsaireachta
Ceannaíodh líon áirithe aonad de threalamh sofaisticiúil tomhsaireachta agus suiteáladh iad i dtaca le córais phíolótacha rabhadh tuilte i gcomhair na Siúire agus i gcomhair Abha Mhór na Mumhan.

Seirbhísí Innealtóireachta Sibhialta agus Struchtúr

Lean an t-aonad seo de bheith ag cur seirbhís chomhairleach, deartha agus monatóireachta ar fáil sa bhliain 2006. Bhí líon suntasach d'acmhainní an aonaid gafa le measúnú a dhéanamh ar

shuímh agus le measúnú a dhéanamh ar aighneachtaí a bhí faighte ó fhorbróirí na nOifigí don Dílárú.

Fuarthas tograí deartha agus tógála i gcomhair sé thionscadal agus rinneadh measúnú orthu le linn 2006. Coinneoidh an rannóg seo uirthi a bheith rannpháirteach sna tionscadail seo i rith chéim na tógála a thosóidh sa bhliain 2007 agus ina dhiaidh sin.

Sholáthair an rannóg seo seirbhísí struchtúr chomh maith do shé thionscadal a bhain le dílárú a bhí ag céim na réamhthairisceana sa bhliain 2006.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar an toradh a bhí ar na cásanna le linn na bliana mar seo a leanas:

Tionscadal/ Gníomhaíocht	Líon Ar láimh 1/1/2006	Tionscadail Nua In 2006	Iomlán	Líon a Críochnaíodh in 2006
Tógáil	17	9	26	3
Sibhialta agus Struchtúr	11	18	29	4
Tuarascálacha	147	102	249	86

An Rannóg Mheicniúil agus Leictreach

Ba léir gur leagadh béim ar inbhuanaitheacht i líon áirithe de na tionscadail a tugadh fúthu le linn na bliana. Úsáideadh ionsamhladh ar ríomhairí chun riocht compordach a sholáthar gan go leor fuinnimh a úsáid sna dearaí uile a rinneadh d'fhoirgneamh na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i gCill Chainnigh, d'Fhoirgneamh na Seirbhíse Príosúin sa Longfort agus d'fhoirgneamh Oifig na nOibreacha Poiblí i mBaile Átha Troim.

Cuid shuntasach d'obair na Rannóige ab ea an obair a bhí idir lámha i gcomhair an Chláir don Dílárú mar a ndearnadh dul chun cinn chuig céim na tógála ar líon áirithe de thionscadail a bhí faoi stiúir forbróirí. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2007 ar na foirgnimh i Sligeach don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ar na foirgnimh don Roinn Airgeadais sa Tulach Mhór sa bhliain 2007.

Chuir an Rannóg seirbhísí teicniúla ar fáil do raon leathan éagsúil de thionscadail neamhchoitianta cosúil le Músaem na Staire Míleata i nDún Uí Choileáin, Feirm an Stáit sa Bhaile Fada, Leacht Cuimhneacháin Thomáis Dáibhís ar Fhaiche an Choláiste agus Pálás an Easpaig i gCill Chainnigh don Chomhairle Oidhreachta, ní áirím ach beagán.

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar an táirgeacht a bhain le 2006.

Réimse Oibre	Luach Iomlán (€m)
Oibreacha Nua	30
Mionoibreacha Cothabhála	15
Mionobair Chothabhála Chláraithe	3.5
Comhairle agus Monatóireacht (lena n-áirítear an Clár don Dílárú)	220

Clár Fóirithinte Tuilte

Tá Clár Scéimeanna Fóirithinte Tuilte Oifig na nOibreacha Poiblí atá faoi bhainistíocht na Seirbhísí Innealtóireachta ar bun ó 1995 i leith. Bíonn na scéimeanna á bhfeidhmiú i gcomhar leis na húdaráis áitiúla ábhartha. Tríd is tríd cuirtear na hoibreacha i bhfeidhm faoin Acht Siltin Airtéirigh 1945, agus an tAcht Siltin Airtéirigh Leasaithe 1995 cé gur chuir na húdaráis áitiúla roinnt céimeanna de scéimeanna i bhfeidhm faoi na Rialacháin Phleanála agus Forbartha le blianta beaga anuas. I roinnt cásanna chuir Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniú ar fáil go díreach do na hÚdaráis Áitiúla chun tabhairt faoi oibreacha fóirithinte tuilte.

Ba 14.2 milliún an caiteachas a rinne Oifig na nOibreacha Poiblí ar Thionscadail Fóirithinte Tuilte sa bhliain 2006. Bhí an caiteachas a rinneadh ar oibreacha tógála sa bhliain 2006 sách íseal i gcomparáid le blianta eile mar gur críochnaíodh an Scéim ollmhór i gCill Chainnigh faoi dheireadh 2005 seachas roinnt oibreacha a bhí le déanamh ar Chora Leacain a d'osclódh suas bealach nua don iasc agus mar nach dtosófaí ar an obair fhoirgníochta ar na Scéimeanna ollmhóra lenar bhain dearadh mionsonraithe go dtí 2007. Bhain na hoibreacha foirgníochta le 2 phríomhréimse sa bhliain 2006 .i. oibreacha ar An Tulcha i gContae na Mí agus oibreacha ar An Tulcha i gCathair Bhaile Átha Cliath. Foireann Oifig na nOibreacha Poiblí ó Sheirbhís Chothabhála Draenála Réigiún an Oirthir atá i mbun na n-oibreacha seo ar son na n-údarás áitiúil ábhartha atá faoina cúram. Rinneadh oibreacha chomh maith ar réamhchéim Scéim Fóirithinte Tuilte Mhala atá á ndéanamh ag Comhairle Contae Chorcaí agus atá á maoiniú ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí an dearadh mionsonraithe a bhaineann le ceithre scéim mhóra chun cinn sa bhliain 2006 - orthu sin tá Cluain Meala, Mala, Mainistir Fhear Maí agus Inis agus táthar chun tús a chur leis an obair thógála ar na ceithre scéim sa bhliain 2007. Leanadh den obair ar Chórais Luathrabhadh Tuilte a fhorbairt in Abhantrach na Siúire agus Abha Mhór na Mumhan ionas go mbeifí ullamh don obair thógála ar na scéimeanna fóirithinte tuilte i gCluain Meala, i Mainistir Fhear Maí agus i Mala.

Tugadh ranníocaíochtaí suntasacha do roinnt Údarás Áitiúil chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fóirithinte tuilte, agus do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go háirithe atá ag gabháil d'obair atógála ar Dhuga Spencer idir an Chanáil Ríoga agus an Life.

An Tulcha

Leanadh ar aghaidh leis na hoibreacha ar an Tulcha i gContae na Mí agus i gContae Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2006. Ceann de na príomhghnéithe ar ghlac foireann Cothabhála Draenála Réigiún an Oirthir de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí uirthi féin ab ea athsholáthar Dhroichead Loch Salach idir Cluain Aodha agus Dún Búinne, Co. na Mí. Obair mhór a bhí anseo mar is léir ó na grianghraif a thaispeántar thíos.

An Tulcha #1

An Tulcha #2

Tosaíodh obair mhór thógála i bPáirc Uí Ghríofa, Cathair Bhaile Átha Cliath chun bunchloch a chur faoi bhalla atá ann cheana féin ach a bhfuil go leor dochar déanta dó le blianta beaga anuas agus a bhí mar bhonn taca ag líon áirithe tithe ar bhruach deas na habhann.

Páirc Uí Ghríofa #1

Páirc Uí Ghríofa #2

Tugtar achoimre thíos ar an ngníomhaíocht a bhain leis an gClár Fóirithinte Tuilte sa bhliain 2006.

Scéim	Stádas	Iomlán 2006 €000
Cill Chainnigh	Bealach Nua Críochnaithe don Iasc	517
Mala	Réamhoibreacha críochnaithe. Dearadh mionsonraithe ag leanúint ar aghaidh	482
Mainistir Fhear Maí	Dearadh mionsonraithe ag leanúint ar aghaidh	282
Cluain Meala	Réamhoibreacha críochnaithe. Dearadh mionsonraithe ag leanúint ar aghaidh	940
Inis	Dearadh mionsonraithe ag leanúint ar aghaidh	320
Port Láirge	An Scéim Mholta ar Taispeáint	57
Ceatharlach	An Scéim Mholta ar Taispeáint. Oibreacha le tosú sa bhliain 2007	12
An Tulcha - Comhairle Cathrach BÁC	Formhór na n-oibreacha críochnaithe	1,177
An Tulcha - Co. na Mí	Athsholáthar suntasach droichid críochnaithe	2,608
An Tulcha - Fine Gall	Tús le cur le móroibreacha sa bhliain 2007.	30
An Dothra	Staidéar ar Siúl	1,300
Duga Spencer	Ranníocaíocht déanta le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun na móroibreacha a dhéanamh	2,400
Ros Mhic Thriúin	Maoiniú tugtha ag Co. Co. Loch Garman i gcomhair na n-oibreacha	400
An Laoi (oibreacha)	Mionoibreacha ag Inse Geimhleach	84
An Laoi CFRAM	Staidéar ar siúl	158
Cúil an tSúdaire	Staidéar ar siúl	177
Mapáil Guais Tuilte	Suíomh gréasáin beo anois	930
Ceadúnas Mapála SOÉ	Mapaí digiteacha in úsáid	675
An Teampall Mór	Staidéar féideartha críochnaithe. Taispeántas le bheith ann sa bhliain 2007	30
Inis Córthaidh	Staidéar féideartha ar siúl	14
Carraig na Siúire	Scéim críochnaithe	57
Feachtas Feasachta Pobail	Feachtas le bileoga eolais	78
Clár Cumarsáide	Beartas i mbun forbartha	128
Ag Tabhairt Staidéar ar Thuilte cothrom le dáta	Staidéir á dtabhairt cothrom le dáta	247
CFRAM An Tulach Mhór	Staidéar ar siúl	94
Cluain Meala (Sruthán Boulic)	Ranníocaíocht déanta leis an Údarás Áitiúil i gcomhair na n-oibreacha	750
Taighde & Forbairt	Ar siúl	75
Córas Luathrabhadh Tuilte	Córais i mbun forbartha	159
Cúiteamh	Roinnt éileamh á dtabhairt chun críche	44
Iomlán		**14,225**

Seirbhísí Oidhreachta

Na Séadchomharthaí Náisiúnta

Airgeadas

Subhead I2

Caitheadh €16,731,069.10 faoi Fho-mhírcheann I2 sa bhliain 2006. (As sin caitheadh - €10,842,235.49 ar phá agus caitheadh an €5,888,743.61 a bhí fágtha ar neamhphá).

Oibreacha/Seirbhísí don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil -
Chaith Séadchomharthaí Náisiúnta Oifig na nOibreacha Poiblí €1,166,308.22 ar oibreacha/seirbhísí ar son na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 2006. Baineann an caiteachas seo le suiteáil/uasghrádú a dhéanamh ar sheónna agus ar thaispeántais chlosamhairc ag láithreacha na séadchomharthaí náisiúnta atá faoi chúram an Stáit; le scéim printíseachta a chur i bhfeidhm atá dírithe ar bhonn scileanna traidisiúnta i leith caomhnú foirgneamh a fhorbairt; agus le líon áirithe tionscadail chaomhantais ag láithreacha séadchomharthaí náisiúnta..

Gníomhaíochtaí

Carraig Dhún Masc, Co. Laoise
Tosaíodh ar an dara céim de na hoibreacha caomhantais ar charraig Dhún Masc i mí Eanáir 2005 agus áiríodh leo ballaí cloiche a chaomhnú agus a dheisiú, bealaí grádaithe rochtana agus fálú na láithreach. Bhain roinnt mhaith oibre leis na hoibreacha caomhantais a rinneadh ar na ballaí sa chéim seo agus ba í an aidhm a bhí leis an obair na struchtúir reatha a dhaingniú chun go mbeadh an caisleán slán sábháilte sa todhchaí. Rinneadh an obair seo de réir caighdeáin dea-chleachtais agus gné den obair ab ea go bhfuil na hoibreacha caomhantais a rinneadh ar an gcaisleán neamhfheiceálach agus fágann sé sin nár cuireadh isteach ar charachtar ríthábhachtach stairiúil an chaisleáin. Críochnaíodh Céim II de na hoibreacha caomhantais agus ba é an tAire Stáit, Tom Parlon, T.D., a rinne an oscailt oifigiúil ar an 27 Deireadh Fómhair 2006.

Tháinig an maoiniú don tionscadal as an bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006.

Cluain Mhic Nóis
Bhí an tAire Stáit, Tom Parlon, T.D., i láthair ag an ócáid ag ar tugadh na hoibreacha Caomhantais a rinneadh ar Ard-Eaglais Chluain Mhic Nóis chun críche go hoifigiúil ar an 3 Samhain 2006.

Deisíodh an phláistéireacht bhunaidh go cúramach mar chuid de na hoibreacha caomhantais seo agus daingníodh gach uile bhalla den Ard-Eaglais le moirtéal aoil a d'fhigh isteach go maith leis an mbunobair a rinneadh sna meánaoiseanna. Cuireadh síneadh chomh maith leis na ballaí atá ar bharr fhothraigh an dorais Thiar nó an phríomhdhorais den Ard-Eaglais.

Tháinig an maoiniú don tionscadal seo as an bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006.

An Muileann Dubh, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann
D'oscail an tAire Stáit, Tom Parlon, T.D., an Muileann Dubh i Ros Cré, Contae Thiobraid Árann go hoifigiúil ar an 24 Aibreán 2006. Tógadh an Muileann Dubh sa chéad leath den 18ú haois. Rinneadh obair shuntasach athchóirithe ar an bhfoirgneamh. Is sa Mhuileann Dubh atá Cros Chrónáin, ardchros ón dara haois déag, agus tá taispeántas ar shuíomh na mainistreach chomh maith. Is féidir an chros a fheiceáil ó bhalcóin atá os a cionn. Tá dhá shaothar ealaíon ar taispeántas chomh maith; dealbh adhmaid dar teideal "Cronán" le

Werner Groll, agus saothar dhá phíosa as gloine agus sreang dar teideal "Verbum" le Pamela Hardesty, saothair arna gcoimisiúnú go sonrach le haghaidh an Mhuilinn.

Tháinig an maoiniú don tionscadal seo as an bPlean Forbartha Náisiúnta 2000 - 2006.

Maoine Stairiúla

Tá an Rannóg Maoine Stairiúla freagrach as caomhnú, bainistíocht, cur i láthair agus forbairt a dhéanamh ar níos mó ná 20 Maoin Stairiúil lena n-áirítear Tithe, Páirceanna Stairiúla, Gairdíní agus Crannlanna. Áirítear orthu sin maoine d'ardchlú cosúil le Páirc an Fhionnuisce, Garraithe Náisiúnta na Lus, Caisleán Chill Chainnigh, Oileán na gCuileann (Garinis), Co. Chorcaí agus Crannlann JFK, Co. Loch Garman.

Áirítear leis an obair forbartha foirgnimh stairiúla a athchóiriú, saoráidí feabhsaithe do chuairteoirí a chur ar fáil, uasghrádú agus athchóiriú a dhéanamh ar Pháirceanna Stairiúla, ar Ghairdíní agus ar Chrannlanna agus léirmhíniú a thabhairt don phobal faoi na maoine oidhreachta sin agus iad a chur ina láthair.

I dteannta an chaiteachais reatha a tabhaíodh i ndáil le foireann a fhostú sna maoine sin agus na maoine sin a chothabháil, chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú caipitil ar fáil chomh maith. Tháinig an maoiniú i gcomhar clár leathan a bhain le hoibreacha beaga cothabhála, feabhsúcháin, caomhantais agus sláinte agus sábháilteachta, chomh maith le soláthar innealra as Vóta Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2006.

Páirc Réigiúnach Ghleann na Life, Leamhcán
Cheannaigh an Stáit Diméin Leamhcáin sa bhliain 1996 agus é mar chuspóir aige Páirc Réigiúnach Ghleann na Life a bhunú a bhféadfadh na trí Údarás Áitiúla ábhartha síneadh a chur léi sa todhchaí. D'aontaigh na trí Údarás Áitiúla bainistíocht agus cothabháil a dhéanamh i gcomhar, mar aonán singil, ar an suíomh agus d'aontaigh siad clár comhaontaithe oibreacha a chur i gcrích chun an pháirc a fhorbairt. Chuige sin faomhadh maoiniú €4.7 milliún san iomlán a bheidh le leithdháileadh in imeacht roinnt blianta. Rinne na hÚdaráis Áitiúla a thuilleadh dul chun cinn le linn 2006 maidir leis an gclár oibreacha a fhorfheidhmiú. Is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a dhéanann maoiniú ar an tionscadal seo faoin bPlean Forbartha Náisiúnta reatha.

Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath
Críochnaíodh an Staidéar mór Iompair i gcomhair Pháirc an Fhionnuisce i mí Deireadh Fómhair 2006 agus bhain próiseas leathan comhairliúcháin leis an bpobal leis.

Tionscadail chaipitil 2006
- Tosaíodh ar athchóiriú a dhéanamh ar thrí lóiste sa Pháirc arna maoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus cuirfear i gcrích é sa bhliain 2007.
- Rinneadh a thuilleadh dul chun cinn le linn na bliana maidir leis an líonra lánaí rothair agus leis an gclár cóirithe bóithre i bPáirc an Fhionnuisce a leathnú.
- Rinneadh dul chun cinn le linn na bliana ar phleananna chun athnuachan cuimsitheach a dhéanamh ar Ascaill Chesterfield, príomhbhóthar na Páirce agus tá sé mar chuspóir Iarratas Pleanála a chur isteach i gcomhair an tionscadail seo in Earrach na bliana 2007.

An Blascaod Mór, Co. Chiarraí
D'fhaomh Cinneadh an Rialtais dar dáta an 6ú Iúil 2005 caiteachas iomlán de €8.5 milliún i

gcomhair gabháltais talún a cheannach (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil), i gcomhair céanna a thógáil (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí), i gcomhair oibreacha caomhantais, costais oibriúcháin agus táillí comhairliúcháin (Oifig na nOibreacha Poiblí).

Lean na hidirbheartaíochtaí leis an bpríomhúinéir talún, Blascaod Mór Teoranta, le linn na bliana maidir le gabháltais talún a cheannach ar an Oileán agus rinneadh roinnt dul chun cinn.

Tá glacadh ag formhór na n-úinéirí talún cheana féin le Plean Bainistíochta an Oileáin dar dáta Meán Fómhair 2004 a dréachtaíodh i gcomhar le húinéirí talún an Oileáin agus le gníomhaireachtaí ábhartha Stáit.

Cúirt Ioma, Co. Laoise
Críochnaíodh an tsaoráid nua, 'An Seomra Tae', in Eite na mBaitsiléirí agus osclaíodh é don phobal i bhfómhar na bliana 2006 agus tá ag éirí go han-mhaith leis cheana féin.

Fuarthas faomhadh chun ócáid mhór nua, Féile Idirnáisiúnta na nGairdíní, a reáchtáil ann i samhradh na bliana 2007. Tá an ócáid seo bunaithe ar an bhféile bhliantúil a bhíonn á reáchtáil i Chaumont na Fraince agus a bhfuil clú agus cáil uirthi.
in France.

Músaem agus Páirc an Phiarsaigh Naomh Éanna, Baile Átha Cliath
Táthar chun tús a chur leis an tionscadal mór seo, chun an Músaem a athchóiriú agus chun an taispeántas a athnuachan, go luath sa bhliain 2007. Beidh bliain ar an tionscadal seo sula gcríochnófar é.

Baile an Chaisleáin, Co. Chill Dara
Tosaíodh ar na hoibreacha ollmhóra, i gcomhar leis an Irish Landmark Trust, a bhain le hathchóiriú a dhéanamh ar na lóistí ag Geata Chill Droichid sa bhliain 2006 agus a bhfuiltear ag súil iad a bheith críochnaithe in earrach na bliana 2007.

Faisnéis Airgeadais

	€,000	€,000
Foireann	9,844	11,117
Costais Reatha Neamhphá	3,842	4,441
Cothabháil	2,556	3,084
Iomlán	**16,242**	**18,642**

Cuirtear an maoiniú i gcomhair mórthionscadail chaipitil ar fáil as Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Seirbhísí Do Chuairteoirí

Príomhfheidhm de chuid Sheirbhísí Oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí is ea láithreacha tógtha oidhreachta atá faoina gcúram a chaomhnú agus a chur i láthair. Lean na Seirbhísí do Chuairteoirí sa bhliain 2006 dá gclár leathan leanúnach oibre a chur i bhfeidhm. Forléargas is ea iad seo a leanas ar roinnt de na príomhchuspóirí a baineadh amach le linn na bliana:

An tSeirbhís Treoraithe
Bhí teacht shábháilte ag an bpobal ar láithreacha tógtha oidhreachta mar gur cuireadh leis an bhfoireann bhuan Treoraithe ag na láithreacha trí thart ar 325 Treoraí a earcú go séasúrach. Sa bhliain 2006 thug 2.26 milliún duine san iomlán cuairt ar na láithreacha a mbíonn baill foirne ag obair iontu, ardú 5.23% ab ea é sin ar líon iomlán na bliana 2005.

Cárta Oidhreachta
Bíonn rochtain shaor in aisce agus gan teorainn ar feadh bliana, ar gach láthair in Éirinn de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí agus na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a gcaithfear táille a íoc le dul isteach iontu, ag daoine a bhfuil Cárta Oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí ina seilbh acu. Is iad seo a leanas na ceithre chatagóir cártaí: Duine Fásta €21.00; Daoine Sinsearacha €16.00; Leanbh/Mac Léinn €8.00 agus Teaghlach €55.00. Cuireadh leis na háiteanna ina bhféadfaí an cárta a fháil sa bhliain 2006 lena n-áirítear Oifigí Turasóireachta Fhorbairt na Sionainne i Luimneach, in Áth Dara, in Inis agus in Aerfort na Sionainne. Rinneadh é seo chun cur leis an obair a rinneadh sa bhliain 2005 - athdhearadh an chárta agus an fillteán bronntanais. Díoladh breis is 20,000 Cárta Oidhreachta sa bhliain 2006 agus is léiriú é sin ar an tóir a bhí ar na Láithreacha Oidhreachta agus an luach ar airgead atá le fáil ag sealbhóir an chárta.

'Naisc Teaghlaigh'
Tithe agus Caisleáin Oidhreachta i Saol Teaghlaigh Stairiúla na hÉireann
Rinne an clár saor in aisce ócáidí seo a reáchtáladh le linn mhí Iúil, mhí Lúnasa agus mhí Meán Fómhair ceiliúradh ar sheanré agus ar shaol na ndaoine a bhíodh ina gcónaí sna hocht mhaoin shuntasacha oidhreachta atá á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Léirigh an tsraith ócáidí stair na maoine seo trí cheol, trí ealaíon, trí litríocht, trí scannáin, trí ailtireacht agus trí chultacha ón seanré agus eagraíodh sraith cainteanna agus agallamh poiblí a thug lucht staire, scríbhneoirí agus ealaíontóirí.

Bhí sraith ceolchoirmeacha leis an Ollamh Mícheál Ó Súilleabháin as an Irish Traditional World Music Centre i gclár na n-ócáidí a thug léargas suimiúil tríd an gceol ar stair na maoine seo.

Seirbhís do Chustaiméirí
Lean na Seirbhísí do Chuairteoirí lena gcur chuige réamhghníomhach le linn 2006 chun faisnéis faoi na láithreacha tógtha oidhreachta atá faoina sainchúram a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla cosúil le bróisiúir d'ardchaighdeán a chur i dtoll a chéile i lear mór teangacha. Cuireadh eagrán Polainnise agus Seapáinise de na bróisiúir ar fáil den chéad uair sa bhliain 2006. Tosaíodh ar an obair chun an suíomh gréasáin tiomnaithe don mhargaíocht heritageireland.ie a athdhearadh agus chun níos mó ábhar a chur isteach air. Athrófar íomhá agus ábhar iomlán an tsuímh agus beidh seirbhís feabhsaithe agus níos mó eolais le fáil ag an gcuairteoir air.

Seirbhís Soláthair

Soláthraíonn Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais seirbhís lárnach soláthair do Ranna agus d'Oifigí Rialtais i margaí atá géillsineach do chomhiomlánú. Is iondúil gur nithe tráchtearraí iad na hearraí agus na seirbhísí seo a bhíonn ar fáil ó mhargaí seasmhacha soláthair. Nithe iad a bhíonn in úsáid go coitianta ar fud an Stáit agus is minic lear mór díobh a bheith in úsáid.

€80,667,649 luach iomlán na n-earraí agus na seirbhísí ar bhain Ranna ar Chliaint iad úsáid astu trí chonarthaí Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais sa bhliain 2006. Tá miondealú de réir an mhargaidh sa tábla seo a leanas agus tá figiúirí ón mbliain 2005 tugtha chun comparáid a dhéanamh eatarthu.

Catagóir	2006	2005
Feithiclí & Trealamh Iompair	28,976,078	11,493,504
Breoslaí (Leacht, Gás & Breoslaí Soladacha)	14,991,433	13,252,317
Clódóireacht & Leabharcheangal	9,374,092	9,782,880
Seirbhísí Fógraíochta	8,304,162	4,933,466
Cultacha & Éadach	5,433,342	6,288,207
Páipéarachas & Soláthairtí Oifige	5,206,031	5,011,264
Leictreachas	3,712,787	Níl i gceist
Soláthairtí Airíochta	1,950,358	1,776,376
Coisbheart	1,467,144	976,078
Trealamh Cosanta Pearsanta	1,003,104	1,362,136
Trealamh Oird Phoiblí	249,118	51,824
Iomlán	**80,667,649**	**54,928,053**

Is léir ón tábla go raibh ardú mór ar luach na gconarthaí ó Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais sa bhliain 2006. Bhí níos mó éileamh ar Iompar an Gharda Síochána de bharr na n-acmhainní breise agus de bharr na mball foirne breise. Bhí ról lárnach ag na riachtanais a bhí ag an nGarda Síochána chun costas aonaid feithiclí do Ranna eile a laghdú toisc gurb é an Garda Síochána an cliant aonair is mó atá ag Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais sa mhargadh. Tháinig ardú ar luach iomlán na gconarthaí chomh maith de bharr gur cuireadh Leictreachas san áireamh i bpunann Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais.

Tá praghas chonarthaí Fuinnimh Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais bunaithe ar lascainí a fháil ar na gnáthrátaí praghsála tráchtála. Braitheann an lascaine a fhaightear ar chumas luamháin na Gníomhaireachta agus baintear é sin amach tríd an méid iomlán a thabhairt le chéile agus an cur chuige i leith an mhargaidh sholáthair a chaighdeánú.

Foilseacháin

Lean Seirbhís Foilseacháin Rialtais na Gníomhaireachta uirthi ag cur seirbhís mhiondíola agus phostdíola ar fáil chun Foilseacháin an Rialtais a dhíol agus a dháileadh. Ba €933,000 an líon díolachán sa bhliain 2006.

Iris Oifigiúil

Foilsíonn Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais an Iris Oifigiúil, Iris an Rialtais, faoi dhó sa tseachtain. Tá leagan den Iris Oifigiúil ar an Idirlíon chomh maith agus is féidir teacht uirthi ag www.irisoifigiuil.ie.

Seirbhísí Corparáideacha

Seirbhísí Pearsanra agus Forbartha

An Rannóg Pearsanra
Soláthraíonn Rannóg Pearsanra Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhís tacaíochta d'eagraíocht mhór ilghnéitheach ilionad a bhfuil lucht oibre de bhreis is 2,000 duine aici (ardaíonn an líon sin go beagnach 2,500 duine le linn mhíonna an tsamhraidh) i ngráid riaracháin, ghairmiúla, theicniúla agus thionsclaíocha.

Tá meascán maith ábaltachtaí agus scileanna ag an bhfoireann de bharr a éagsúlaí is atá mianach na hoibre a bhíonn ar siúl ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Bíonn ionchur ag an bhfoireann éagsúil chumasach seo sna gnóthaí a ghlacann Oifig na nOibreacha Poiblí uirthi féin ina leithéid de réimsí is soláthar, cothabháil maoine, bainistíocht maoine agus tionscadal, dearadh ailtireachta, caomhnú oidhreachta agus bainistíocht fóirithinte tuilte.

Chuir an Rannóg Pearsanra raon seirbhísí ar fáil sa bhliain 2006 don lucht bainistíochta agus don fhoireann in Oifig na nOibreacha Poiblí (mar shampla earcú, ardú céime, tuarastal agus pinsean, roghanna chun cothromaíocht a fháil idir an saol oibre agus an saol baile agus roghanna éagsúla saoire) agus ag an am céanna chomhlíon siad dúshláin inmheánacha na heagraíochta a thug an dílárú agus dhéileáil siad leis an dlí casta fostaíochta, atá ag éirí níos casta, agus dhéileáil siad le saincheisteanna a bhain le baill aonair foirne.

Sa bhliain 2006 d'aistrigh 34 ball foirne isteach chuig Oifig na nOibreacha Poiblí faoi Chlár Díláraithe an Rialtais agus d'aistrigh 21 ball foirne amach as Oifig na nOibreacha Poiblí.

Chuathas i mbun cainteanna go leanúnach leis an bhfoireann agus le ceardchumainn trí na fóraim fhoirmiúla ionadaíochta den Chomhairle Comhpháirtíochta agus den Chomhairle Rannach agus pléadh saincheisteanna ar leith chomh maith le ceardchumainn indibhidiúla agus le baill foirne.

Foireann Oifig na nOibreacha Poiblí mar a bhí ar an 31 Nollaig 2006

Grádanna Neamh Thionsclaíoch	738
Grádanna Thionsclaíoch	1467
Iomlán	**2205**

An tAonad Comhionannais
Bunaíodh an tAonad tiomnaithe Comhionannais sna Seirbhísí Pearsanra agus Forbartha sa bhliain 2006. Is é an sainchúram atá aige díriú go sonrach ar an raon iomlán de shaincheisteanna comhionannais in Oifig na nOibreacha Poiblí agus feasacht agus dea-chleachtas a chur chun cinn go réamhghníomhach san eagraíocht. Tá a seirbhísí ann do gach fostaí - gráid riaracháin, ghairmiúla, theicniúla agus thionsclaíocha.

An tAonad Oiliúna
Thapaigh líon mór den fhoireann na deiseanna oiliúna a cuireadh ar fáil sa bhliain 2006. Cuireadh oiliúint i scileanna ríomhaireachta agus inniúlachta ar fáil chomh maith le cúrsaí leanúnacha i bhforbairt ghairmiúil i gcomhair baill ghairmiúla agus theicniúla foirne.

Leanadh den chlár Oiliúna i gcomhair baill thionsclaíocha foirne ar ghné an aiseolais aníos den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus ag an am céanna chuathas i mbun ullmhúchán chun múnla comhtháite den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a thabhairt isteach i gcomhair na foirne bunaithe.

Reáchtáladh clár i gcúrsaí oiliúna réamhscoir ar éirigh go han-mhaith leis agus d'fhreastail 61 ball foirne air. D'fhreastail 22 ball foirne ar cheann de na cúrsaí sin i gCorcaigh agus bhí an t-aiseolas a fuarthas chomh dearfach sin go bhfuil sé beartaithe cúrsaí breise a reáchtáil in Ionaid atá taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2007.

An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe
Tairgeann an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe seirbhís chuimsitheach tacaíochta intí in Oifig

na nOibreacha Poiblí. Tá sé i gceist léi cabhrú le fostaithe deacrachtaí a bhaineann leis an obair agus deacrachtaí pearsanta a bhainistiú/a réiteach a d'fhéadfadh, dá bhfágfaí gan réiteach iad, dochar a dhéanamh do thinreamh, d'fheidhmíocht oibre, don tsláinte agus don chaighdeán saoil.

Tá Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe Oifig na nOibreacha Poiblí cleamhnaithe leis an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe atá ar fáil ar fud na Státseirbhíse go léir agus atá á comhordú go lárnach ag an Roinn Airgeadais. Is é aidhm na seirbhíse acmhainn chaighdeánach a rachaidh chun tairbhe dóibh ó thaobh sláinte agus folláine agus éifeachtúlacht eagraíochta de a chur ar fáil don fhoireann. Feidhmíonn an tseirbhís de réir Cód Cleachtais.

Aithníonn Oifig na nOibreacha Poiblí agus í ag soláthar na seirbhísí, an tábhacht a bhaineann le hobair na bhfostaithe aonair atá aici agus na tairbhí a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i seirbhís a bhíonn mar thaca ag folláine na foirne.

Lean beirt Oifigeach Cúnaimh Fostaithe atá bunaithe i mBaile Átha Cliath agus i gCill Chainnigh de bheith ag cur seirbhís rúnda comhairleoireachta, atreorúcháin, tacaíochta agus faisnéise ar fáil don fhoireann sa bhliain 2006. Gné lárnach ab ea cur chun cinn na sláinte agus na folláine.

Cuireadh raon leathan faisnéise ar fáil don fhoireann ar inlíon Oifig na nOibreacha Poiblí. Ina theannta sin chuathas i mbun cainteanna agus rinneadh roinnt cur i láthair agus scaipeadh fógraí agus gnéithe ábhartha ar an bhfoireann de réir mar ba chuí.

Cuireadh seirbhísí ar fáil chomh maith do bhaill foirne Oifig na nOibreacha Poiblí atá imithe ar scor.

An tAonad Eagrúcháin
Bhí ról ríthábhachtach ag an Aonad Eagrúcháin in Oifig na nOibreacha Poiblí agus é mar chuid de na Seirbhísí Corparáideacha. Soláthraíonn agus cothaíonn sé infreastruchtúr Theicneolaíocht na Faisnéise, na teileachumarsáide agus an trealaimh oifige a bhíonn mar thaca ag gníomhaíochtaí na coda eile den Oifig. Tá an rannóg um Shaoráil Faisnéise agus na Seirbhísí Dlí san Aonad Eagrúcháin chomh maith.

Aonad Theicneolaíocht na Faisnéise
Leagadh an príomhfhócas sa bhliain 2006 ar na tionscadail agus ar na seirbhísí a leagadh amach sa Phlean Gnó a bhí faofa ag grúpa Úsáideoirí Theicneolaíocht na Faisnéise a chur i bhfeidhm. Tugtar breac-chuntas mar seo a leanas ar na príomhréimsí oibre a ghlac an tAonad Eagrúcháin air féin sa bhliain 2006:

(a) Na ríomhairí pearsanta agus na ríomhairí glúine a uasghrádú agus Windows XP a chur isteach orthu.
Uasghrádaíodh breis is 400 ríomhaire pearsanta agus ríomhaire glúine le linn na bliana agus tá na cinn atá fágtha le bheith uasghrádaithe go luath sa bhliain 2007.

(b) Uasghrádú Autocad. Chuathas i mbun mórchlár uasghrádaithe agus comhdhlúthaithe ar shraith bhogearraí Autocad na hOifige le linn na bliana. Tá an leagan is déanaí (2007) d'Autocad ag formhór na n-úsáideoirí anois. Beidh leagan caighdeánach d'Autocad curtha isteach san eagraíocht iomlán ag an Oifig go luath sa bhliain 2007.

(c) Cuireadh Open Office i bhfeidhm go céimneach do 600 úsáideoir, geall leis, in ionad Microsoft Office. Sábhálfaidh an tionscnamh seo roinnt mhaith costais ar Oifig na nOibreacha Poiblí sna blianta atá le teacht agus díreoidh sé Oifig na nOibreacha Poiblí i dtreo comhshaoil caighdeáin oscailte. Bunaíodh seirbhís tiomnaithe deasc chabhrach Open Office chun cuidiú le húsáideoirí agus iad ag teacht i gcleachtadh ar an bpacáiste nua. Tá sé beartaithe go leanfaidh an feidhmiú céimneach ar aghaidh sa bhliain 2007.

(d) Suiteáladh líonra nua ríomhairí i gCaisleán Chill Chainnigh agus baineadh úsáid as ardteicneolaíochtaí gan sreang. Cuireann an líonra ar chumas na foirne faisnéis a roinnt

eatarthu go leictreonach agus cumarsáid inmheánach a fheabhsú. Tá nasc idir Caisleán Chill Chainnigh agus Ceanncheathrú Oifig na nOibreacha Poiblí anois trí nasc gan sreang le Brainse Cuntas Chill Chainnigh.

(e) Chuathas beo le nasc físchomhdhála idir Ceanncheathrú Oifig na nOibreacha Poiblí agus Brainse Cuntas Chill Chainnigh i Samhain na bliana 2006.

(f) Dhéileáil Deasc Chabhrach Theicneolaíocht na Faisnéise le breis is 12,000 glao sa bhliain 2006.

Saoráil Faisnéise/Seirbhísí Dlí
Tugadh tús áite arís sa bhliain 2006 d'iarrataí um Shaoráil Faisnéise a láimhseáil ar bhealach feidhmiúil éifeachtach. Ba 42 líon iomlán na n-iarrataí ar déileáladh leo le linn na bliana agus nuair ba chuí tugadh gach cabhair d'iarrthóirí maidir le rochtain a fháil ar thaifid gan é a bheith de dhíth orthu iarratas foirmiúil um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh. Bhíothas ábalta 7 gcás san iomlán a láimhseáil gan dul i muinín fhormáid na Saorála Faisnéise.

Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na gníomhaíochtaí a bhain le Saoráil Faisnéise le linn na bliana. Bhí iarrataí ó ghnóthaí/ó leasanna dílsithe ar fhormhór de na hiarrataí um Shaoráil Faisnéise a fuarthas.

Iomlán na nIarrataí a fuarthas	42
Iriseoirí	4
Lucht Gnó	34
Baill an Oireachtais	2
Baill Foirne	1
Eile	1

Lean na Seirbhísí Dlí sa bhliain 2006 leis an idirchaidreamh le Gníomhaireacht Éileamh an Stáit maidir le timpistí a thuairisciú agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir le comhairle dhlí a chur ar fáil.

Brainse na gCuntas
Tá Brainse na gCuntas, Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as:

- íocaíochtaí údaraithe a dhéanamh, lena n-áirítear go príomha an párolla agus éilimh ó chonraitheoirí,
- gníomhaíochtaí agus acmhainní airgeadais na hOifige a thaifeadadh, a bhainistiú agus cuntais a choinneáil orthu,
- riachtanais na hOifige ón Meastachán a ullmhú go héifeachtach agus in am, agus caiteachas an vóta a leithdháileadh a bhainistiú, agus
- achoimre a thabhairt don Aire agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta ar threochtaí caiteachais agus ar shaincheisteanna airgeadais.

Phróiseáil an Brainse na gCuntas iad seo a leanas sa bhliain 2006:
- 38,400 ordú Íocaíochta,
- 8,400 fáltas,
- 5,000 éileamh ar chostais taistil
- 3,400 íocaíocht chíosa agus
- íocadh tuarastail agus pánna 2,350 ball buan agus sealadach foirne.

Ina theannta sin rinne an Brainse bainistíocht ar chaiteachas vótáilte agus neamhvótáilte de €681 milliún san iomlán; €146 milliún ar fháltais agus €33.3 milliún in aisíocaíochtaí ar Iasachtaí Áitiúla.

An phríomh-shaincheist forbartha a bhí amach roimh an Brainse na gCuntas sa bhliain 2006, seachas na gnáthdhualgais agus na gnáthsheirbhísí a bhíonn aige, ab ea córas nua airgeadais Integra a thabhairt isteach in Aibreán 2006 - Céim 1 den Chreat um Fhaisnéis Bainistíochta. Tionscadal ardriosca ab ea é seo agus theastaigh ó Fhoireann Tionscadal an

Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta dianphleanáil, tástáil, oiliúint agus ullmhúcháin a dhéanamh. Bhí Rannóg Lárnach an Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta, Brainse na gCuntas, Aonad Theicneolaíocht na Faisnéise, na Cuntasóirí Bainistíochta agus na soláthróirí córais ar Fhoireann Tionscadal an Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta. Ba mhór an chabhair iad na hullmhúcháin agus an obair thástála a rinne Foireann an Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta de chuid Brainse na gCuntas mar gur baineadh amach an dáta bunaidh ar a raibh an córas le dul beo agus mar go bhfuil an córas ag feidhmiú go sásúil ó shin i leith.

Leanfaidh Brainse na gCuntas leis an gcomhoibriú le Foireann Tionscadal an Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta sa bhliain 2007 chun an córas Integra a fhorbairt agus chun Céim 2 de thionscadal an Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta a fhorfheidhmiú.

Cuireadh a thuilleadh feabhais ar an gcóras párolla Core le linn na bliana 2006 chomh maith. Áirítear leis sin comhéadan leictreonach Core a chur leis an gcóras airgeadais Integra agus an córas a chumasú don ghréasán trína mbeifí ábalta páibhileoga a chur isteach ar líne chun iad a sheoladh go céimneach amach chuig páshuímh le linn 2006.

Is iad seo a leanas na príomhathruithe a mbeadh tionchar acu ar an Aonad Airgeadais in 2006/7 (a) forfheidhmiú raon beart agus tuarascálacha nua atá tugtha isteach ag an Roinn Airgeadais chun measúnú a dhéanamh ar an gcaiteachas caipitil a dhéanann Ranna Rialtais agus chun é a bhainistiú agus (b) an Ráiteas Bliantúil nua Aschuir a chur i dtoll a chéile.

Rannóg an Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta
Tá Rannóg an Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta freagrach as an gCreat um Fhaisnéis Bainistíochta a fhorbairt in Oifig na nOibreacha Poiblí. Is creat é an Creat um Fhaisnéis Bainistíochta chun acmhainní airgeadais agus eile a bhainistiú; chun acmhainní a nascadh le pleananna, le haschuir agus le tuarascálacha; agus chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Is é an cuspóir atá léi seirbhís phoiblí níos feidhmiúla agus níos éifeachtaí a bhaint amach agus torthaí níos fearr a bhaint amach a rachadh chun tairbhe don phobal.

Is é an chéad phríomhghné den Chreat um Fhaisnéis Bainistíochta córas comhaimseartha bainistíochta airgeadais a fhorfheidhmiú. Chuaigh córas nua airgeadais, Integra e-Financials, beo in Oifig na nOibreacha Poiblí in Aibreán na bliana 2006. Chuaigh sé in ionad an chórais Vótaí a rinne bainistíocht ar thaifid airgeadais agus íocaíochta na hOifige le breis is 20 bliain. San áireamh san fhorfheidhmiú a bhain leis an gcóras Integra bhí struchtúr nua códála a dhearadh agus a chruthú i gcomhair chuntais na nOifigí, agus oiliúint a chur ar an bhfoireann san eagraíocht go léir ar an gcóras nua. Ó chuaigh an córas nua íocaíochtaí beo, chuathas i mbun oibre chun na comhéadain idir Integra agus príomhchórais Theicneolaíocht na Faisnéise eile san Oifig a fheabhsú, chun atheagar a chur ar shonraí chun é a bheith níos éasca faisnéis a aistriú idir córais agus chun tuarascálacha feabhsaithe airgeadais a fhorbairt i gcomhair bainisteoirí.

An tSeirbhís Cuntasaíochta Bainistíochta
Bhí fócas straitéiseach na Seirbhíse Cuntasaíochta Bainistíochta fós sa bhliain 2006 ar thionscadal an Chreata um Fhaisnéis Bainistíochta a fhorbairt. Chuaigh an córas nua airgeadais, Integra, beo ar an 3ú Aibreán agus ba í an tSeirbhís Cuntasaíochta Bainistíochta a stiúir forbairt agus cruthú Chairt Chuntas Integra. Cuireadh cuntais bhliantúla agus thréimhsiúla nó ráitis airgeadais le chéile maidir leis na Seirbhísí Ailtireachta, na Seirbhísí Soláthair, Farmleigh, Bainistíocht Ealaíne, na Seirbhísí Airgeadais agus na Lárcheardlanna Innealtóireachta. Tá an tSeirbhís Cuntasaíochta Bainistíochta freagrach chomh maith as Clár Sócmhainní Caipitil Oifig na nOibreacha Poiblí a thiomsú.

Iniúchadh Inmheánach
Sa bhliain 2006 chuaigh an tIniúchadh Inmheánach i mbun raon iniúchtaí a rinne scrúdú ar na measúnuithe riosca a chuir Aonaid Ghnó agus Seirbhísí Tacaíochta éagsúla le chéile agus ar shaincheisteanna comhlíonta araon.

Déanann Coiste Iniúchta ar a bhfuil triúr comhalta maoirseacht ar fheidhmiú fheidhm an iniúchta inmheánaigh in Oifig na nOibreacha Poiblí. Is comhaltaí seachtracha iad beirt den triúr comhalta atá ar an gCoiste Iniúchta agus áirítear an Cathaoirleach ar an mbeirt sin.

Bainistíocht Ealaíne
Bliain fhíorghnóthach ab ea 2006 don Oifig Bainistíochta Ealaíne. Cuireadh deilbh le Brian King agus le Breon O'Casey ar taispeáint taobh amuigh ar thalamh Farmleigh go luath sa bhliain. Cuireadh ealaín chomhaimseartha na hÉireann in áit saothair phéintéireachta na seanmháistrí in Áras an Uachtaráin, saothair ab ea iad seo a bhí ar iasacht ó Dhánlann Náisiúnta na hÉireann. Reflections an teideal a bhí ar an gcomhthaispeántas bliantúil a roinn ár gcomhghleacaithe ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann linn agus bhí saothair phéintéireachta agus deilbh bheaga a ceannaíodh le déanaí le feiceáil sa taispeántas. Chuaigh sé ar chamchuairt chuig sé ionad ar fud na tíre lena n-áirítear Cill Airne, Biorra, Béal Feirste, Loch Garman, Lios na gCearrbhach agus aitriam Oifig na nOibreacha Poiblí i mBaile Átha Cliath. Eagraíodh taispeántas speisialta dar teideal Ten years in the making ag an dánlann in Farmleigh i mí an Mheithimh chun go dtitfeadh sé féin agus seoladh an fhoilseacháin Art in State Buildings 1995 - 2005 ar an lá céanna. Cuireadh caoga saothar ealaíne a fuair Oifig na nOibreacha Poiblí le linn na deich mbliana sin ar taispeáint.

Ceannaíodh agus rinneadh coimisiúnú ar go leor saothar ealaíne le linn na bliana faoi Scéim an Rialtais: Céatadán don Ealaíon. Bhí priontaí, saothair phéintéireachta agus deilbh úrnua i gcomhair trí oifig athchóirithe na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i mBaile Átha Cliath i gceist le roinnt de na tionscadail ar tugadh fúthu. Ceannaíodh saothair phéintéireachta chomhaimseartha chomh maith i gcomhair na Roinne Airgeadais, an Bhoird Uchtála, na Comhairle Náisiúnta Coireachta, i gcomhair an bhealaigh isteach nua chuig Teach an Chustaim, i gcomhair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, agus i gcomhair go leor foirgneamh nua poiblí eile ar fud na tíre. Ingach cás bhí daoine aonair as na Ranna páirteach i roghnú na saothar ealaíne dá bhfoirgnimh agus bhí siad páirteach chomh maith i roghnú na n-áiteanna ina bhfoirgnimh ina gcrochfaí na saothair.

Chuir an Grúpa Bainistíochta Ealaíne comhairle ar fáil agus bhainistigh sé an próiseas roghnaithe agus rinne sé coimisiúnú ar na saothair ealaíne i gcomhair na n-ionad seo a leanas:- Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath; Uiscebhealaí Éireann, an Scairbh; coimisiúnú déanta ar cheithre shaothar do Choláiste an Gharda Síochána ar an Teampall Mór; Músaem Chathair na Gaillimhe; an Oifig Leasa Shóisialaigh ag Teach an Chustaim mar a bhí, sa Chóbh agus an Foirgneamh Cosanta Sibhialta i Ros Cré.

Críochnaíodh an tionscadal ag Séipéal na hOllscoile i bhFaiche Stiabhna i mí Deireadh Fómhair. Bhí an Oifig Bainistíochta Ealaíne, a bhí ag comhoibriú leis na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal, páirteach sa tionscadal mar ar thug sí comhairle uaithi faoi chóipeanna de shaothair phéintéireachta faoi anáil Raphael a chur isteach sa Séipéal mar chomhartha ceiliúrtha ar chomóradh 150 bliain an tSéipéil. Bhí riocht na saothar péintéireachta a bhí sa Séipéal imithe ó mhaith le himeacht na mblianta agus níorbh fhéidir na híomhánna a fheiceáil a thuilleadh. Ba é an tOllamh Brian Maguire, An Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, a bhí i gceannas ar an tionscadal agus ba é an tOllamh Michael McCarthy, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a thug comhairle uaidh maidir le cúlra stairiúil na saothar péintéireachta.

I mí na Samhna d'iarr an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta cabhair ar an Oifig Bainistíochta Ealaíne chun bainistíocht a dhéanamh ar an nócha dó saothar péintéireachta agus prionta úrnua a bhí á dtabhairt ar láimh ag Grúpa Óstán Great Southern. Cuireadh an bailiúchán saothair ealaíne ar taispeáint in aitriam Oifig na nOibreacha Poiblí sular thug An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta na saothair ar láimh do Dhánlann Crawford Chorcaí le cur leis an mbailiúchán buan atá sa Dánlann.

Athraíodh timpeall roinnt de na mórshaothair phéintéireachta ó fhoirgneamh poiblí amháin go foirgneamh poiblí eile le linn na bliana. Áirítear The Flight of the Earls le Thomas Ryan, PPRHA a athraíodh ó Chaisleán Bhaile Átha Cliath go Teach Laighean i gcomhair taispeántas sealadach ar na mórshaothair phéintéireachta sin. Thug an t-ealaíontóir léacht an-suimiúil ar an saothar péintéireachta uaidh d'ionadaithe na Dála agus an tSeanaid. Tugadh saothar breá péintéireachta de chuid Sir William Orpen, RA RHA ar iasacht chomh maith do Farmleigh. Ina theannta sin tugadh clog stairiúil atá sáite i gcás fada agus a rinneadh i mBaile Átha Cliath agus a nglaoitear Clog an Urlabhraí air ar iasacht d'Oifig na nOibreacha Poiblí chun é a

thaispeáint i halla iontrála Theach Laighean. Bhí an clog seo tráth faoi úinéireacht Francis Johnston.

Thug baill den Ghrúpa Bainistíochta Ealaíne cuairt ar bhaile oidhreachta Ptuj sa tSlóivéin ag tarraingt ar dheireadh na bliana agus tháinig coimeádaithe ó mhúsaeim sa tSlóivéin i mí na Nollag chun cuairt a thabhairt ar Chaisleán Chill Chainnigh, ar Chúirt Ioma, ar Farmleigh, ar Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ar Dhánlann Náisiúnta na hÉireann. Comhaontaíodh go n-oibreodh an dá thír as lámh a chéile ar chúrsaí caomhantais.

An Rannóg Caidrimh Phoiblí
Dhéileáil an Rannóg Caidrimh Phoiblí go rathúil le breis is 1,350 ceist ón bpobal agus ó na meáin sa bhliain 2006 i ndáil le gníomhaíochtaí Oifig na nOibreacha Poiblí. Moladh agus rinneadh tráchtaireacht ar na foilseacháin a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí amach mar shampla an Tuarascáil Bhliantúil agus, an Iris 'Obair' a fhoilsítear faoi dhó sa bhliain. Bealach éifeachtach is ea na foilseacháin seo chun roinnt de na tionscadail, na hoibreacha agus na tascanna a ghlacann Oifig na nOibreacha Poiblí uirthi féin a chur chun cinn go hinmheánach agus go seachtrach araon. Eagraíodh agus socraíodh go leor ócáidí mar chuid de chomóradh 175 bliain Oifig na nOibreacha Poiblí lena n-áirítear taispeántais, leabhair, grianghraif foirne, cártaí poist agus póstaeir, léachtaí agus lá saor in aisce i Zú Bhaile Átha Cliath d'fhoireann Oifig na nOibreacha Poiblí agus dá dteaghlaigh.

Leanadh ar aghaidh le hathdhearadh gach suíomh gréasáin de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2006. Ceapadh comhairleoir chun an suíomh gréasáin a dhearadh agus reáchtáladh ceardlanna deartha le linn na bliana. Táthar ag súil gurb iad “heritageireland.ie” agus “botanicgardens.ie” na chéad suíomh gréasáin ó ghrúpa suíomh gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí, a bhfuil formáid nua-dheartha orthu, a rachaidh 'beo' sa bhliain 2007. Tá na suímh ghréasáin eile agus príomhshuíomh gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí le hathsheoladh faoi dheireadh na bliana sin. Chuaigh Inlíon nua Oifig na nOibreacha Poiblí 'beo' ag tús na bliana agus is acmhainn níos cuimsithí agus níos comhaimseartha í anois. Tá giotaí preasa ábhartha de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí ar an inlíon anois tar éis conradh monatóireachta na meán a bheith bronta.

Athbhreithniú Airgeadais 2006

CLÁR CAITEACHAIS

Taispeánann an tábla seo, ar bhonn cláir, gach caiteachas a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2006 (taispeántar figiúirí 2005 mar chomparáid). Áirítear leis sin cistí a tugadh go díreach d'Oifig na nOibreacha Poiblí de réir Vóta 10; cistí a riartar ar son na Roinne Airgeadais; agus caiteachas ar oibreacha agus ar sheirbhísí a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí agus ar íoc Ranna nó Gníomhaireachtaí eile Rialtais.

CAIPITEAL AGUS NEAMHCHAIPITEAL	2005	2006
1. Seirbhísí Bainistíochta Maoine	**(,000)**	**(,000)**
1.1 Ceannach suíomh agus foirgneamh	30,754	124,214
1.2 Cíos, rátaí srl.	121,460	132,435
Iomlán an Chláir	**152,214**	**256,649**
2. Cothabháil Maoine		
2.1 Cothabháil, ábhar agus feistis	49,934	51,072
2.2 Breosla, leictreachas, uisce, ábhair ghlantacháin	1,203	1,414
2.3 Foireann Tí an Uachtaráin	702	747
Iomlán an Chláir	**51,839**	**53,233**
3. Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal		
3.1 Clár Tógála	186,739	233,343
3.2 Fóirithint tuilte	16,186	14,228
3.3 Deontas do Chumann Zú-Eolaíochta na hÉireann	2,539	4,000
3.4 Deontas d'Oibreacha Áirithe Athchóirithe	370	6,726
3.5 Deontas d'Institiúid d'Éirinn, An Lobháin	1,500	1,500
Iomlán an Chláir	**207,334**	**259,797**
4. Seirbhísí Innealtóireachta		
4.1 Suirbhéanna ar Dhraenáil	911	1,368
4.2 Oibreacha Cothabhála - Costais chothabhála ar scéimeanna críochnaithe	15,876	16,662
4.3 Ceannach gléasra agus innealra Innealtóireachta	906	3,036
4.4 Cothabháil gléasra agus innealra Innealtóireachta	1,942	2,268
4.5 Oibreacha Innealtóireachta i gcomhair Ranna eile.	64	2
Iomlán an Chláir	**19,699**	**23,336**
5. Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais		
5.1 Clódóireacht agus Foilseacháin	19,912	23,273
5.2 Seirbhísí Ginearálta Soláthair	44,005	68,364
Iomlán an Chláir	**63,917**	**91,637**
6. Seirbhísí Oidhreachta		
6.1 Maoine Stairiúla	16,242	18,642
6.2 Séadchomharthaí Náisiúnta	16,822	16,731
6.3 Seirbhísí do Chuairteoirí	7,742	8,600
Iomlán an Chláir	**40,806**	**43,973**
7. Seirbhísí Corparáideacha		
7.1 Tuarastail, Pánna agus Liúntais	33,063	35,621
7.2 Taisteal agus liúntais chothaithe	1,820	2,004
7.3 Costais Theagmhasacha	1,321	1,711
7.4 Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	1,686	1,786
7.5 Trealamh Oifige agus feistis eile oifige	3,291	4,302
7.6 Speansais Áitreabh Oifige	897	1,115
7.7 Seirbhísí Comhairliúcháin	63	143
Iomlán an Chláir	**42,141**	**46,682**
8. Cistí a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Airgeadais		
8.1 Iasachtaí Áitiúla	33,155	32,981
Iomlán an Chláir	**33,155**	**32,981**
Iomlán na gCaiteachas Glan 1	**611,105**	**808,288**
Is féidir é seo a réiteach le caiteachas Vóta 10 mar a leanas:		
Asbhain: Cistí a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Airgeadais	33,155	32,981
Oibreacha maoinithe ag Ranna Rialtais	98,904	135,097
Soláthairtí do Ranna Rialtais	63,370	90,722
Iomlán	**415,676**	**549,488**
Ba €22,618,915 iomlán na Leithreasaí i gCabhair (admhálacha) sa bhliain 2006.		

CAIPITEAL AGUS NEAMHCHAIPITEAL		2005	2006
		(,000)	(,000)
Maoiniú na gClár			
1. Maoinithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí			
Vóta 10 (Comhlán)		415,676	549,488
Iomlán		**415,676**	**549,488**
Obair maoinithe ag Vótaí ó Ranna eile			
2. Oibreacha agus Seirbhísí Foirgníochta			
An Roinn Oideachais		10,580	13,817
Oibreacha Éagsúla		63,842	95,597
Cíosanna Éagsúla		8,728	10,087
Oibreacha Cothabhála	**2**	15,754	15,596
Soláthairtí do Ranna Rialtais			
Clódóireacht agus Páipéarachas		14,794	14,580
Feithiclí Iompair		11,494	28,976
Troscán		8,443	8,909
Éadach srl		8,678	8,152
Fógraíocht		4,933	8,304
Fuinneamh		13,252	18,740
Ábhair Ghinearálta Ghlantacháin srl.		1,776	1,950
Saothair Ealaíne		0	1,111
Iomlán		**162,274**	**225,819**
Cistí a bhainistigh Oifig na nOibreacha Poiblí ar son na Roinne Airgeadais			
3 Iasachtaí Áitiúla	**3**	33,155	32,981
Iomlán	**4**	**33,155**	**32,981**

1. Áirítear ar na figiúirí táirgeachta don bhliain 2006 caiteachas caipitil de €23.699 milliún a tabhaíodh sa bhliain airgeadais arna tabhairt ar aghaidh ón mbliain 2005 ar Fho-mhírcheann D agus E.
2. Áirítear leo seo mionoibreacha cothabhála ar chóiríocht áitithe ag an Stát.
3. Tá na Cistí seo á mbainistiú ar son na Roinne Airgeadais. Áirítear leo aisghabháil na n-íocaíochtaí ar iasachtaí ó údaráis áitiúla faoi dhó sa bhliain agus fuascailt luath iasachtaí.
4. Ina theannta sin dheimhnigh na Seirbhísí Ailtireachta íocaíocht na ndeontas spóirt lena mbaineann luach caipitil €55.7 milliún don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta sa bhliain 2006 agus chuir Oifig na nOibreacha Poiblí saineolas ar fáil maidir le clár athfhorbartha Bhóthar Lansdún.

Nóta: Ba €220 milliún a tháinig ó dhíolachán mhaoine iomarcacha an stáit sa bhliain 2006.

Nóta: Is é beartas Oifig na nOibreacha Poiblí sonraisc a phróiseáil gan mhoill. Ó 2/1/98 tá an Oifig seo ag feidhmiú de réir an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh

Is iad Cathaoirleach agus Coimisinéirí Oifig na nOibreacha Poiblí Iontaobhaithe Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh. Tá suim airgid, cuid de théarmaí an Iontaobhais, á coinneáil mar éarlais san ACC faoi láthair. Tá stádas carthanais ag an Iontaobhas agus níl Cáin Choinneála ar Ús Taisce dlite air.

Úsáidtear an t-ús a bhailíonn an cuntas taisce chun urraíocht a dhéanamh ar champálaí faoin scéim urraíochta agus chun ticéid a cheannach don damhsa bliantúil. Is iad Ernst and Young a ullmhaíonn na Ráitis Airgeadais agus is é Arthur Cox a chuireann comhairle dhlí ar fáil.

Tugtar achoimre thíos ar na Cuntais Airgeadais don bhliain dar críoch 31.12.2005.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005.

	Note	31/12/2005	31/12/2004
Ioncam		€	€
Ús Infhála		6,410	4,063
		4,063	**7,401**
Speansais			
Táillí Dlíthiúla agus Cuntasaíochta		2,541	1,815
Scéim Scoláireachta Campálaí		5,000	5,000
Damhsa Chaisleán Bhaile an Bharóidigh		2,000	2,000
		9,541	**8,815**
Easnamh don bhliain		**(3,131)**	**(4,752)**

CUNTAS CAIPITIL

	31/12/2005	31/12/2004
	€	€
Iarmhéid ag tús na bliana	252,486	257,238
Easnamh don bhliain	(3,131)	(4,752)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	**249,355**	**252,486**

NÓTAÍ FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS 31 Nollaig 2005

1. Ioncam

Baineann ús infhála leis an ús a saothraíodh ar chuntas taisce ACC.

2. Costais

De réir théarmaí an léasa reatha le Gang Camp, is ar Gang Camp atá freagracht maidir le gach eisíocaíocht lena n-áirítear cothabháil agus deisiúchán ar an gcaisleán.

Baineann íocaíocht €5,000 (2004: €5,000) Scéim Scoláireachta Camper le gealltanas an iontaobhais athnuachan a dhéanamh ar urraíocht do leanbh ag an gcampa go ceann cúig bliana ón mbliain 2003 ar chostas iomlán de €25,000.

3. Cuntas Taisce ACC

Tagann an iarmhéid ar chuntas taisce ACC leis an ráiteas bainc mar a bhí ar an 31 Nollaig 2005.

4. Féichiúnaithe

(suimeanna dlite le híoc taobh istigh de bhliain amháin)	**31/12/2005** €	**31/12/2004** €
Ernst & Young:		
- Táille Cuntasaíochta	2,178	1,815
Scéim Scoláireachta Camper	5,000	5,000
Fabhrú Ginearálta	488	488
BSL	100	100
	7,766	**7,403**

Baineann fabhrú na táille cuntasaíochta le hullmhú na tuarascála airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005.

5. Baineann cuntas reatha Oifig na nOibreacha Poiblíde €5003 (2004: €3) le suimeanna a bhí le híoc leis an Iontaobhas mar léiriú ar an gcuntas reatha nó "fionraí" a choimeádann Oifig na nOibreacha Poiblí.

6. Leanann Oifig na nOibreacha Poiblí ag tacú le hIontaobhas Chaisleán an Bharóidigh maidir le caiteachas ar oibreacha caipitil, tuarastail agus cothabháil. Tugadh na costais sin san áireamh i gcuntais an Rialtais.

Suim Chaipitil	**31/12/2005** €	**31/12/2004** €
Iarmhéid ar aghaidh	252,486	257,238
Easnamh don bhliain	(3,131)	(4,752)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	**249,355**	**252,486**

7. Is do bhainistíocht an iontaobhais amháin a thagraítear i ráitis airgeadais Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh. Ní luaitear na sócmhainní (Caisleán Bhaile an Bharóidigh agus na tailte máguaird), a ndéanann Oifig na nOibreacha Poiblí cothabháil orthu, sna ráitis airgeadais ó tharla gur gnóthaíodh gan aon chostas iad.

Dámhachtainí bronnta ar Oifig na nOibreacha Poiblí sa bhliain 2006

Dámhachtainí Bronnta ar Oifig na nOibreacha Poiblí, 2006

Dámhachtain Chultúrtha agus Oidhreachta an Aontais Eorpaigh i gcomhair Athchóiriú Choimpléasc Theach na Pailme
Dámhachtain Ailtireachta agus Foirgníochta Opus d'Fhoras na Mara, Co. na Gaillimhe
Dámhachtain Ailtireachta agus Foirgníochta Opus do Mhúsaem Chathair na Gaillimhe
Dámhachtain Tírdhreacha na hÉireann, - 'An Tionscadal Pobail is Fearr' d'Fhoras na Mara, Co. na Gaillimhe.
Dámhachtain don Fhoirgneamh Cathartha is Fearr - (mar chuid de chóras dámhachtainí Chomórtas na mBailte Slachtmhara) do Mhúsaem Chathair na Gaillimhe.
Ardmholadh tugtha di i nDámhachtainí Ailtireachta agus Oidhreacht Foirgníochta Opus, d'Fhoirgneamh Leasa Shóisialaigh An Chóibh, Co. Chorcaí.
Turais Idirnáisiúnta CIE, Dámhachtain Náisiúnta Bharr Feabhais 2006 i gcomhair Chaisleán Chill Chainnigh.
Dámhachtain Deartha agus Caomhantais Údaráis Áitiúla Lú 2006 i gcomhair Fhoirgnimh an Rialtais, Dún Dealgan. Na Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal (John McMahon) agus Seirbhísí Ailtireachta a Cúig.

Taispeántais agus Ócáidí in Aitriam Oifig na nOibreacha Poiblí le linn 2006

Taispeántais agus Ocáidí le linn 2006

Ins Atriam, 51 Faiche Stiabhna

12ú Eanáir	Ceadal Ambasáid na Polainne agus Chumann na hÉireann-na Polainne
14ú - 19ú Eanáir	Moltóireacht ar Ghrianghraif Chumann Grianghrafadóirí Preasa AIB
8ú - 28ú Feabhra	Taispeántas Ealaíne Emmett McNamara
1 - 15ú Márta	"Traces" Taispeántas de shaothair nua de chuid Liz Nilsson, Michelle O'Donnell agus Angela O'Kelly
20 - 24ú Márta	Taispeántas Ealaíne Fintan O'Byrne
29ú Márta	Dámhachtainí an Golden Fleece
1 - 30ú Aibreán	Taispeántas Beckett
1 - 17ú Bealtaine	Cumann um Obair Phaistí na hÉireann
18ú Bealtaine - 6ú Meitheamh	Taispeántas Chumann Ailtireachta na hÉireann
7ú - 16ú Meitheamh	AWARE - Taispeántas Ealaíne Sheachtain Blooms
19ú Meitheamh - 7ú Iúil	Ambasáid Mheicsiceo - Taispeántas Grianghraf le Tina Modotti
14ú Iúil - 10ú Lúnasa	Comóradh 175 Bliain Oifig na nOibreacha Poiblí - Taispeántas "Place of Work" le Ros Kavanagh
17ú Lúnasa - 8ú Meán Fómhair	Comóradh 175 Bliain Oifig na nOibreacha Poiblí - Taispeántas Múnlaí Ailtireachta ar scála 1:175
12ú Meán Fómhair - 31 Deireadh Fómhair	Taispeántas Erich Mendelsohn
17ú Samhain - 24 Samhain	Taispeántas Ealaíne Lundbeck
30ú Samhain - 4 Nollaig	Taispeántas Saothair Phéintéireachta Great Southern
8ú Nollaig	Taispeántas Ealaín an Stáit

Oifig na nOibreacha Poiblí

An Phríomhoifig
Oifig an Aire Stáit,
Oifig an Chathaoirligh,
Seirbhísí Corparáideacha,
Seirbhísí Bainistíochta Maoine,
Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal,
Seirbhísí Cothabhála Maoine,
Seirbhísí Ailtireachta,
Seirbhísí Innealtóireachta,

Address
51 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 647 6000
Lóghlao: 1890 213 414
Príomhuimhir Facs: (01) 661 0747
Suíomh Gréasáin: www.opw.ie
Ríomhphost: info@opw.ie

Seirbhísí Oidhreachta	
6/7 Plás Ely Uachtarach, Baile Átha Cliath 2	(01) 647 6000
Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2	(01) 411 7100
An Rannóg Suirbhéireachta Cainníochta, Cuntasóirí Gairmiúla	
4 - 5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2	(01) 647 6000
Draenáil Artaireach - An Rannóg Deartha,	
An Rannóg Hidreolaíochta & Hidriméadrach	
An Rannóg Innealtóireachta Struchtúr	
17-19 Sráid Haiste Íochtarach, Baile Átha Cliath 2	(01) 647 6000
Seirbhísí Airgeadais	
Oifigí Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh	(056) 7772600
Lóghlao:	1890 213 424
Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais	
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2	(01) 647 6000
Lóghlao:	1890 213 434
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,	
Teach Sun Alliance, Sr. Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2	(01) 679 3515
An Brainse Troscáin	
Bóthar Bhaile Uí Bheoláin, Rialto, Baile Átha Cliath 8	(01) 453 1588
An tSeirbhís Cothabhála Foirgníochta	
Dún Uí Choileáin, Sr. na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7	(01) 702 8811
Ionad Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath	
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2	(01) 679 3713
Farmleigh	
Bóthar an Fhaoitigh, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15	(01) 815 5900
An Lárcheardlann Innealtóireachta	
Bóthar Bhaile Shéamais, Inse Chór, Baile Átha Cliath 8	(01) 453 4204
Cothabháil don Draenáil Artaireach	
An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí	(046) 943 1352
Páirc an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú	(041) 685 3256
Baile Roibín, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí	(044) 48332
Baile Carráin, Droichead an Chaisleáin, Co. Loch Garman	(053) 24181

Droim Biúir, Bóthar na Muinchille, Muineachán	(047) 83201
An tSráid Láir, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe	(093) 35456
Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	(096) 22065
Bóthar na Croiche, Leifear, Dhún na nGall	(074) 914 1273
Baráiste Chomhla na Coiribe, Teach na Comhla, Gaillimh	(091) 563 097
Teach Theampall Mhungairit, Mungairit, Luimneach	(061) 227 139
Droichead na hInse, Lios Tuathail, Co. Chiarraí	(068) 21166
Cuan Chonnachta, Port Omna, Co. na Gaillimhe	(090) 974 1086
Foirgnimh Rialtais, Bóthar an Spá, Trá Lí, Co. Chiarraí	(066) 24479

Seirbhísí Hidreolaíochta & Hidriméadracha

Sráid na Beairice, Áth Luain, Co. na hIarmhí	(090) 649 2918
Bóthar Hebron, Cill Chainnigh	(056) 777 2641
Páirc an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú	(041) 685 7992
Teach Theampall Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh	(061) 227 139
Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	(096) 22065

Oifigí Réigiúnacha Ailtireachta

The Red House, Geata Chnoc an Arbhair, Dun Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7.	(01) 4742040
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2	(01) 677 6106
Foirgnimh Rialtais, Bóthar San Alfansas, Dún Dealgan, Co. Lú	(042) 933 4221
Teach Marino, Ionad Gnó Finisklin, Sligeach.	(071) 911 6200
Oifigí Rialtais, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn	(074) 912 1365
Sráid na Beairice, Áth Luain, Co. na hIarmhí	(090) 649 2087
13 Sráid Chaitríona, Port Láirge	(051) 874 134
Foirgnimh Rialtais, Port Laoise	(0502) 21133
Foirgnimh Rialtais, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin	(0402) 32761
Foirgnimh Rialtais, Sr. Áine, Loch Garman	(053) 22470
14 Seanbhóthar na Carraige Duibhe, Corcaigh	(021) 496 6200
An Diméin, Cill Airne, Co. Chiarraí	(064) 31028
2 Sráid Mhala, Luimneach	(061) 313 500
Oifigí Rialtais, Durlas, Co. Thiobraid Árann	(0504) 21532
16 An Fhaiche Mhór, Gaillimh	(091) 563 016
Bóthar an Phailliúin, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo	(094) 902 1331

Iostaí na Seirbhísí Oidhreachta

Iosta Bhaile Átha an Rí	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Raithín, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe	091) 844 084
Iosta Chill Chainnigh	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Eastát Tionsclaíoch Bhóthar Hebron,Cill Chainnigh	(056)7721813/1868
Iosta Chill Airne	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Caisleán an Rois, Cill Airne, Co. Chiarraí	(064) 33565
Iosta Mhala	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Mala, Co. Chorcaí	(022) 42278
Iosta Dhroim Dhá Thiar	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Droim Dhá Thiar, Co. Liatroma	(071) 916 4186
Iosta Bhaile Átha Troim	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí	(046) 943 1452

Oifigí agus Laithreán Oidhreachta